

FANTAISÍOCHT agus AN GEARRSCÉAL COMHAIMSEARHA

le

Máire Ní Ghráda

mar

M h i o n t r á c h t a s M. A.

le cur faoi bhráid

Roinn na NuaGhaeilge, Coláiste Phádraig

MÁ Nuad

Stiúrthóir: An Dr. Tadhg Ó Dúshláine

\*\*\*

Ollscoil na hÉireann 1992

### BUÍOCHAS

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an Ollamh Pádraig Ó Fiannachta a thug cabhair agus spreagadh dom agus leis an Dr. Tadhg Ó Dúshláine a thug idir stiúradh agus comhairle dom fad is a bhí an saothar seo idir lámha agam. Tá mé faoi chomaoin freisin ag M. Ó Lúing a réitigh fadhbanna ríomhaireachta dom.

## CLÁR

Réamhrá	1
Caibidlí:	
I Fás an Réadachais agus An Litríocht Réadach	17
II Litríocht Fhantaiseach: Suirbhé	52
III Gearrscéalta Fantaiseacha Comhaimseartha le Titley, MacMathúna agus Ó Conaola	79
IV Gearrscéalta le Sproule agus Mac Annaidh	117
Conclúidí	139
Foinsí	143

## RÉAMHRÁ

Ní dócha go raibh am ar bith i stair litríochta an domhain nach raibh údair ag scríobh scéalta fantaiseacha, cé go raibh tréimhsí ann - ón 19ú haois ar aghaidh ach go háirithe - nach raibh tóir ró-mhór ar a leithéid, fiú gur cáineadh a leithéid. Anois tá borradh mór tagtha faoin litríocht fhantaiseach agus tá gearrscéalaithe na Gaeilge, nó an scoth díobh pé scéal é, ag déanamh smidiríní de sheanmhúnlaí an réadachais agus ag cruthú múnlaí nua as cré na fantaisíochta. Sa tráchtas seo b' é a chuir mé romham ná a thaispeáint go raibh an litríocht fhantaiseach ann ariamh agus go bhfuil scríbhneoirí comhaimseartha na Gaeilge ag briseadh le traidisiún a bhain leis an 19ú haois agus ag filleadh ar rud níos dúchasaí.

Maidir le litríocht Ghaeilge na haoise seo, tá ár ndóthain den saghas céanna fachta againn, sé sin ár ndóthain den litríocht réadach. Ó saolaíodh Páidín Mháire agus Neill agus ó cuireadh an ruaig ar Abú Cána Lú, táimid i dtraithí ar na slisní céanna den saol ar an bpláta agus bheadh baol tachtaithe ann murach gur tháinig scríbhneoirí ar an bhfód cosúil

le hÓ Cadhain, agus níos déanaí san aois, Mac Mathúna, Titley, Ó Conaola agus Mac Annaidh, a bhí géarchúiseach go leor chun na heasnaimh a fheiceáil, agus misniúil go leor dul i muinín na samhlaíochta chun biachlár nua tathantach agus dúshlánach a chur ar fáil don tomhaltóir bocht.

Ceann de na heilimintí is tábhachtaí ina saothair siúd is ea an fhantaisíocht, gné d'ealaín na scríbhneoireachta ar deineadh faillí mhór inti san aois seo. Ní haon chúis ionadh dúinn an easpa sin i litríocht na Gaeilge nuair a thuigimid meon lucht critice agus scoláirí ár linne féin. Mar shampla, ó bheith ag léamh faoi luathiarachtaí sa ghearrscéal in An Gearrscéal sa Ghaeilge, (Ní Dhonnchadha, 1981) thiocthadh duine ar an tuairim gurb ionann cruthaitheacht agus saothar réadach agus go raibh an saothar sin níos inghlactha ná na scéalta nár thug 'pictiúr réalaíoch go leor' den saol (30) agus níos fiúntaí ná na scéalta a bhí 'sáite go daingean in ithir an bhéaloidis' (42). Móradh go mór an litríocht sin a thug léiriú fírinneach ar an duine seachas 'ciotaíl' agus 'easba dóchúlachta' na fantaisíochta.

Ní inné ná inniu a tháinig léirmheastóireacht mar sin chun tosaigh: bhí an tuairim chéanna ag

Arastotail a mheas gur bhraith fiúntas na litríochta ar dhóchúlacht na gcarachtar agus na n-eachtraí agus dá réir sin go raibh na drámaí réadacha níos fearr ná iad siúd a chuaigh i muintín na fantaisíochta le gimicí cosúil leis an *deus ex machina* (Hume 1984, 6). Bhí seisean go mór faoi thionchar Plato a dhearbhaigh gur constaic i slí an eolais í an fhanaisíocht agus a mhol go gcuirfí an ruaig ar son duine a thruaillleodh an ealaín le geiteanna anghrácha, foréigneacha, meargánta, nó bainearna! Sa Phaedrus, léirigh sé nach raibh sé ró-thugtha do na miotais thraidisiúnta, ná do na hiarrachtaí chun ciall a bhaint astu (Hume 1984, 6).

Lean an tuairim sin - nár mhaith an rud an iomad fantaisíochta sa litríocht agus gur suáilceach an ní é geiteanna fantaiseacha a chur faoi chois - go dtí an aois seo. Mheas daoine cosúil le Hobbes, nach bhféadfadh daoine a léigh saothair fhanaiseacha bheith i dtiún leo féin agus chuaigh an fealsúnaí David Hume níos faide nuair a mhaígh sé go rachadh na léitheoirí céanna (gan bacaint leis na scríbhneoirí) le gealtachas! (Hume 1984, 6) Bhí an choimhlint fós ar siúl in aimsir Dickens agus léiríonn áibhéil an tsleachta seo leanas, go bhfuilimid, agus sinne ag iarraidh cloí le 'fíorais', ag séanadh cuid thábhachtach de nádúr an

duine:

You are to be in all things regulated and governed . . . by fact. You must discard the word fancy altogether. You have nothing to do with it. You are not to have in any object or ornament, what would be a contradiction in fact. You don't walk upon flowers in fact; you cannot be allowed to walk upon flowers in carpets; you cannot be permitted to paint foreign birds and butterflies upon your crockery. (Dickens)

Tá an tuairim ann gurbh é an réadachas an crann ba láidre agus ba mhó sa litríocht ó thús aimsire, mar gur chaith sé scáthanna fada ar ealaín na scríbhneoireachta san Iarthar ón 18ú haois déag. Ach, bhí foraois na litríochta lasta le crainn ildaite na fantaisíochta ariamh, cé nár breathnaíodh orthu ach mar saghas 'literary fungus-growth'. Is gné é an fantaisiú a bhain leis an duine i gcónaí. D'fhéadfaí a áiteamh gurb í an gheit is nádúrtha sa litríocht agus i ndáiríre go bhfuil sé níos dúchasaí ná an réadachas, a tháinig chun tosaigh le fás an *bourgeoisie* i Sasana.

Léirigh Jean-Pierre Vernant conas mar ar tháinig, le forás na fealsúnachta réasúnaí sa Ghréig, tuiscintí nua chun tosaigh as ar eascair dhá sruth sa litríocht. Go dtí sin chiallaigh an dá fhocal *mythos* agus *logos* (*utterance, account*) an rud céanna

beagnach, ach de réir a chéile tháinig deighilt mhór eatarthu: bhain an focal *logos* le fíorais agus loighiciúlacht agus d'fhág sin *mythos* scoite amach, suite i réimsí na fantaisíochta:

the concept of myth that we have inherited from the Greeks belongs, by reason of its origin and history, to a tradition of thought peculiar to Western civilization in which myth is defined in terms of what is not myth, being opposed first to reality (myth is fiction) and, secondly, to what is rational (myth is absurd). (Vernant 1980, 186)

Réitíonn tuiscintí áirithe thuas ar mhiotais le tuiscintí coitianta ar an bhfantaisíocht: gur rud í atá scoite amach ón réadacht agus go mbaineann sí leis an áiféis. Is féidir linn mar sin, dul siar chuig ré chlasaiceach na Gréige chun an deighilt sin sa litríocht a fheiceáil. Ag réiteach leis na focail *mythos* agus *logos* a d'eascair an dá shruth: an réasúnaíocht agus loighiciúlacht a bhí mar bhunchloch don gheit mhimeteach agus don réadachas, agus an litríocht fhantaiseach, a bhí ann i gcónaí, mar dhúshlán dó.

Tagann an focal fantaisíocht ón bhfocal Gréigise a chiallaíonn léargas, nó rud a dhéanamh sofheicthe ('a making visible' nó 'to show'). Do scoláirí na Meánaoise chiallaigh an focal 'the mental



apprehension of an object of perception' ach de réir a chéile d'athruigh an chiall i dtreo is nach raibh an ceangal sin leis na domhan réadach le sonrú a thuilleadh (Oxford English Dictionary). Tharla an focal a bheith gafa ina dhiaidh sin le samhailtí, le taibhsithe agus a leithéid, ('an appearance, a phantom, the mental processes of sensuous perception, the faculty of imagination, a false notion, caprice or whim' (Borges et al, 1990, 9-10). Go dtí le déanaí, díríodh ar an téacs féin agus ceapadh gur bhain fantaisíocht le fathaigh nó conríochta, le ciméaranna nó dragúin, vampireanna nó taibhsithe nó le codanna scartha de chorp ag feidhmiú as a stuaim féin agus a leithéid amháin. Baineann scéalta faoi dhúileanna míchuíosacha nó dúileanna anghrácha gnéasacha leis an saghas seo fantaisíochta freisin. Litríocht í seo, a bhí scoite amach ón ngnáthshaoil réadach agus a bhí so-aitheanta don údar agus don léitheoir mar fhantaisíocht mar gur sáraíodh rialacha an domhain réadaigh maidir le ham, spás, nó cúisíocht.

Baineann fancy ('*aptitude for the invention of illustrative or decorative imagery*'), samhlaíocht ('*the power of giving the consistency of reality to ideal creations*') agus fantaisíocht ('*the process, power or result of forming representatives of things*

*not actually present*') go dlúth le gníomhaíocht nádúrtha an duine, agus ní hionadh mar sin, go bhfuil, san aois seo, borradh mór tagtha i litríocht nach bhfuil go mór faoi thionchar na réasúnaíochta agus na loighiciúlachta agus aitheantas cuí á thabhairt di mar litríocht den chéad scoth.

Breathnaíodh ar litríocht fhantaiseach mar litríocht den dara scoth toisc nach raibh baint aici leis an domhan 'readach', glactar anois go bhfuil dlúthbhaint aici leis an saol ina mairimid. Téann an scéal fantaiseach i gcionn ar an léitheoir mar go bhfuil aige, 'a gnawing suspicion that what has been imagined, however preposterous, has a place in the world and in our lives' (Manguel 1983, xvii). Má ghlacaimid leis an sainmhíniú thuasluaite - 'the process, power or result of forming representations of things not actually present' - glacaimid gur féidir leis an bhfantaisíocht pictiúir a dhearadh dúinn de rudaí nach bhfuil i láthair, sé sin go ndéanann sé scáthánú ár ndomhan agus uaidh sin gur féidir linn breithiúnas a thabhairt ar an domhan ina mairimid agus teacht ar thuiscint éigin b'fhéidir ar an mbealach a bhfuil ár dtriall.

Cé nach bhfuil an fhantaisíocht scartha amach ón ngnáthshéol, bíonn an gaol nó an caidreamh eatarthu

éiginnte go minic:

Fantasy remains ambiguous: it stands between the false, the foolish, the delusory, the shallows of the mind, and the mind's deep connection with the real. (Borges et al. 1990. 10)

Ó aimsir Freud i leith tuigeadh go raibh tionchar mór ag an leibhéal neamh-chomhfhiosach den sícé ar shaol an duine agus glacadh gur thug an fhantaisíocht léiriú ar an gcuid sin den sícé. D'áitigh an teoiricí Francach Marcel Schneider go n-eascaíonn an fhantaisíocht ó dhúileanna síceolaíocha an údair agus an léitheora, agus gur mhó go mór a suim i mbrionglóidí, in aislingí, i samhailtí, i gciméaranna agus a leithéid, ná i gcumas loighice an duine (Schneider 1963, 9). D'fhéach R. Jackson ar an bhfantaisíocht i dtéarmaí struchtúrtha agus i dtéarmaí síceolaíocha freisin: 'One could define fantastic literature as that in which the unconscious emerges' (Jackson 1981, 62). Rianaíonn an fhantaisíocht, dar léi, an rud sa chultúr nár tugadh insint dó nó radharc air: an rud a cuireadh ina thost, a díbríodh as amharc, an rud a cuireadh i bhfolach, an rud a coimeádadh as láthair. Níl sa bhfantaisíocht ach ébhar coiscithe a thagann chuig an leibhéal comhfhiosach. Chreid Freud féin nách raibh aon rud nua ná coimhthíoch sa

bhfantaisíocht, nách raibh ann ach an sean rud aithnidiúil - cruthaithe sa chomhfhios ach scartha amach uaidh trí phróiséis choiscthe.

Ghlacfaí anois, áfach, nach bhfuil an t-údar chomh snaimthe sin, go gcruthaíonn an fhantaisíocht a rialacha féin, go bhfuil saoirse iomlán aici, mar a deir Manguel:

a truly good fantastic story ... will point to that which lies beyond our dreams and fears and delights; it will deal with the invisible, with the unspoken; it will not shirk from the uncanny, the absurd, the impossible; in short, it has the courage of total freedom. (Manguel 1983, xviii)

Ní réiteodh an fhealsúnacht sin le cruthú na dealtríochta, dar le daoine mar Fielding, a dúirt: 'Every good author should confine himself within the bounds of possibility' (Titley 1991, 592). Is fíor gur féidir le haon rud a thitim amach sa litríocht ach baineann an tréith sin go speisialta le litríocht fhantaiseach, díreach toisc go bhfuil saoirse ag an údar bacanna agus constaicí an ghnáthshaoil a shárú: gach rud do-dhéanta tá sé anois indéanta, an rud do-fheicthe, anois so-fheicthe agus an rud do-chreidte anois inchreidte:

... fantastic literature deals with that which can best be described as

the impossible seeping into the possible, what Wallace Stevens calls 'black water breaking into reality. (Manguel 1983, xvii)

Mar a deir Irwin, 'a narrative is a fantasy if it presents the persuasive establishment and development of an impossibility' (Irwin 1976, 9). Imríonn an léitheoir cluiche an údair nuair a ghlacann sé le neamh-fhíorais mar fhíorais, rud atá riachtanach chun go mbeadh an fhantais éifeachtúil.

Féachann scoláirí áirithe ar an bhfantaisíocht mar mhodh inste nó bealach chun scéal a chur i láthair agus áitíonn siad go mbaineann an litríocht réadach agus an litríocht neamhréadach leis an modh inste céanna, ach go bhfuilid suite ag pointí contrárthachta den líne leanúnach chéanna.

Uaireanta druideann an fhantaisíocht i dtreo modh inste réadach, agus uaireanta eile i dtreo insint éachtúil. Réitíonn an teoiric seo, a bheag nó a mhór, le scéimeanna dhaoine mar Jackson agus Olsen, a thagann faoi anáil Todorov:

The purely fantastic may be represented by the median line separating the fantastic uncanny from the fantastic marvellous. This line corresponds perfectly to the nature of the fantastic - a frontier between two adjacent realms (Todorov 1973, 44)

Séard a bhí i gceist aige leis an bhfantaisíocht dhiamhaireach ná eachtraí aduaine a bhfuil bunús suibiachtúil ag baint leo agus a fhágann an léitheoir i gcás idir dhá chomhairle fúthu.

Aithnímid an insint éachtúil sa litríocht nuair a thiteann rudaí amach a sháraíonn dlíthe an nádúir - dlíthe atá seasmhach, do-athruithe, dar linn. Is fuirist a fheiceáil an réimse lena mbaineann útóipeanna agus ficsean eolaíoch: bainid leis an domhan 'eile', an domhan nach dtagann laistigh de ghnátheispéiris an duine. De ghnáth, insíonn scéalaí uilefheasach, údarásach, faoi eachtraí nach gcuireann isteach ar aon duine a léann iad, mar go mbainid le ham nó le haois eile. Scéalta oibiachtúla iad le fíorbheagán de phearsantacht an scéalaí le braistint iontu. Idir seo agus an insint réadach tá an insint fhantaiseach, uaireanta ag druidim i dtreo an réadachais agus uaireanta i dtreo na hinste éachtúlaí. Nuair a dhruideann an insint i dtreo an scéil réalalaigh, is minic a bhaintear cliseadh asainn mar go dtarlaíonn eachtraí neamhghnácha nach féidir linn míniú sásúil a fháil orthu. Nílimid cinnte fúthu, mar go sáraítear ár smaointe réamhghlactha:

Fantasy is that stutter between two modes of discourse which generates textual instability, an ellipse of

the uncertainty . . . . The stutter may last for a phrase, for a sentence, for a chapter even for a novel, but its result is the banging together of the here and there so that neither the reader nor the protagonist knows quite where he is. (Olsen 1987, 19)

Bíonn an scéalaí ag seasamh ar an bhfóidín draíochta mar a déarfá, dallaphúicín air go minic agus éiginnteacht ina ghuth. Sa litríocht nua-aoiseach, táimid fós ábalta brí nó míniú sásúil a chruthú ón téacs, ach ní ghlacann an litríocht Postmodernist gur féidir sin a dhéanamh. Níl ord ná eagar le fáil in aon áit, níl sa réadachas ach fantaisíocht nó miotas, níl sa choinníoll daonna ach seafóid, níl sa litríocht ach muga-maga . . . 'filling the air with uncertainty, the uncertainty that fiction usually dissipates', mar adúirt Hugh Kenner faoi shaothar Beckett (Lodge 1977, 226). Is í an éiginnteacht an tréith is suntasaí san scríbhneoireacht chomhaimseartha agus sí an fhantaisíocht úirlis na héiginnteachta. Ní féidir an fhantaisíocht a scaradh ón réadachas agus a rá gur rud ar leith í. Is úirlis chruthaithe í, a chruthaíonn domhan 'fantaiseach' inniu agus domhan 'réadach' amárach - an domhan seo, an domhan eile agus an domhan idir eatarthu.

Dar le Katharine Hume ina leabhar Fantasy and Mimesis, go bhfuil tuiscint Jackson, sé sin, fantaisíocht mar uirlis chruthaithe, ró-chúng agus gur fearr déileáil leis an ngníomhaíocht dhaonna seo i gcomhthéacs an údair agus a dhomhan, a thionchar ar an téacs agus tionchar an téacsa ar an léitheoir a thagann lena smaointe réamhdhéanta féin (Hume 1984, 20). Áitíonn sí go bhfuil geit na fantaisíochta agus na réadachta mar dhlúthchuid de gach saothar agus go bhfuil gá teacht chuig an litríocht gan an claonadh aontaobhach a tháinig anuas chugainn ó Phlato agus Arastotail, mar a deir Robert Scholes:

what we can no longer accept is precisely this Joycean faith in the transcribability of things. It is because reality cannot be recorded that realism is dead. (Scholes 1975, 7))

Cé nach ionann réadacht dhuine amháin agus réadacht dhuine eile, glactar go bhfuil domhan amuigh ansin atá neamhspleách orainn féin. Pé rud a deir fealsúnaithe mar Berkeley (*esse est percipi*), agus eolaithe comhaimseartha, a dhearbhaíonn nach bhfuil sa charraig ach folúntas a bhfuil píosa beag de tógtha suas le hadaimh nó fuinneamh, glactar go bhfuil saol réadach ann a bhfuil 'rialacha fisiciúla agus cúisiúla aige nach sinn a chum ná a cheap, agus



go bhfuil an saol sin inaitheanta dúinn furmhór an ama' (Titley 1991, 147). Bhain an réadachas le haithris, aithris ar réadacht an tsaoil seo. Go ginearálta, séard a bheidh faoi chaibidil agam ná litríocht ina sáraítear féidireachtaí an tsaoil réadaigh, nó litríocht a scarann ó ghnáth-thuiscintí faoin saol réadach sin, go hiondúil, litríocht nach litríocht réadach í. Glacaim, mar threoir ghinearálta, sainmhíniú a thug K. Hume:

Fantasy is any departure from consensus reality, an impulse native to literature and manifested in innumerable variations, from monster to metaphor. (Hume 1984, 21)

Tá sé soiléir go bhfuil raon cuimsitheach ag an litríocht fhantaiseach agus go bhfuil sí prámhaithe go domhain in eispéireas an duine agus go dtugann sí guth do nithe guagacha an tsaoil. Tairiscíonn sí modh nua aireachtála ar an domhan 'réadach' - cuireann sí ceisteanna, caitheann sí amhras agus cruthaíonn sí neamhshocracht faoi. Cruthaítear amhras fiú faoi bhrí an fhocail féin. De réir an struchtúrachais, tá gach teanga bunaithe ar chomharthaí agus i ngach comhartha tá dhá chuid - an *signifié* agus an *signifiant*, an focal a thagraíonn agus an tagairt féin. Mhínigh Silverman an difríocht eatarthu mar seo:

The signifier would be what Saussure calls a 'sound image', that is, the image of one of those sounds which we shape within our minds when we think, whereas the signified would be the meaning which that sound generates. (Silverman 1983, 6)

Tá an gaol eatarthu bunaithe ar chomhghnáis chultúrtha agus sa stíl réadach tá brí choinbhinsineach le gach focal. Ní mar sin i gcónaí don stíl éachtúil nó fantaiseach.

Ní féidir an fhantaisíocht a scaradh ón údar féin mar go dtéann a shamhlaíocht agus an taithí atá aige ar an saol, i bhfeidhm ar an bhfriotal ionas go gcruthaíonn sé domhan nua fantaiseach. D'fhéadfaí a rá go bhfreastlaíonn an fhantaisíocht go dílis ar fheidhmeanna na litríochta féin. Má fhéachtar ar litríocht mar uirlis trína gcuireann an duine é féin in iúl, sí an fhantaisíocht is mó a thugann saoirse don údar a fhís phearsanta a chur i bhfriotail, nó saoirse fiú chun an cian a thógáil de féin agus den léitheoir. I litríocht reitriciúil, tá cumhacht éifeachtach ag fantaisíocht chun uamhan nó áthas, coimhthiú nó compord a leathadh. Is minic a bhaintear feidhm fhóna as an bhfantaisíocht i litríocht theagaisc mar a fheicimid sna seanmhiotais agus go háirithe i saothar traidisiúnta leithéid C.S. Lewis. Agus, ar ndóigh is i muinín na

fantaisíochta a théann an scríbhneoir nuair spreagtar é chun aortha freisin. Go bunúsach, is rud cruthaitheach í an litríocht agus cén fhoirm atá níos oscailte do fhéidireachtaí nua ná an fhantaisíocht?

Chun tuiscint a fháil ar an bhfantaisíocht mar stíl thábhachtach scríbhneoireachta, tá sé riachtanach iniúchadh a dhéanamh ar an réadachas agus ar tréithe a ghabhann le litríocht réadach agus sa tslí sin teacht ar an ngaol atá idir an dá stíl agus ar na feidhmeanna a choimhlíonann siad. Caitheann siad léas solais ar a chéile, ionas nach féidir déileáil le ceann amháin gan tagairt don cheann eile. Sa chéad chaibidil, mar sin, tabharfar sracfhéachaint ar an réadachas agus ar theacht chun cinn na litríochta réadaí in Éirinn. Léireofar sa dara chaibidil go raibh an fhantaisíocht ann i gcónaí agus go bhfuil fairsingeacht ag baint léi.

Breathnófar go speisialta ar an bhfantaisíocht i litríocht na Gaeilge, i litríocht an Bhéarla sa tír seo agus i roinnt gearrscéalta idirnáisiúnta. I gcaibidil a trí déanfar iniúchadh ar ghearrscéalta fantaiseacha i gnuasaigh le Alan Titley, Seán Mac Mathúna agus Dara Ó Conaola agus tagrófar do ghearrscéalta Shéamaie Mhic Annaidh agus Dháithí Sproule i gcaibidil a ceathair.

CAIBIDIL I;

Fás an Réadachais agus An Litríocht Réadach

Má thug Socrates buille sa chluais do na miotais a bhronn aontas ar an bpobal traidisiúnta, le teacht aois na réasúnaíochta agus le dul chun cinn na heolaíochta san 16ú agus 17ú haois, tháinig fealsúnaithe eile agus eolaithe ar an bhfód a thug dúshlán do na miotais phribhléideacha a choimeád sochaí traidisiúnta na Meánaoiseanna le chéile. Le *cogito ergo sum* chaith Descartes amhras ar gach rud - ar Dhia, agus ar bhunaíocht agus fírinne an traidisiúin. Dearbhaíodh tábhacht an duine aonair agus cuireadh béim ar indibhidiúlacht sa tslí nárbh é ionannú leis an sochaí príomhaidhm an duine a thuilleadh ach forbairt agus forás an duine aonair. Le tuiscintí nua ar nádúr an eolais féin, tuigeadh nach raibh an fhírinne le fáil sna foinsí traidisiúnta, ná slánaitheoir ann chun an duine a fhuascailt ó bhraighdeanas a ghnáthshaoil, ach go bhféadfaí teacht ar eolas faoin duine agus a thimpeallacht, mar gur rud í an chruinne a bhí seasmhach agus intuigthe ach grinnstaidéar a dhéanamh uirthi.

Ó aimsir Bacon i leith, níor glacadh le modhanna déaduchtacha a thuilleadh chun eolas a dhearbhu agus níor glacadh le 'fírinní' nách raibh inchruthaithe trí mhodh na heolaíochta. Rinne John Locke machnamh

ar fhorbairt agus ar nádúr an eolais freisin agus chuir sé roimhe an bealach a réiteach chun go bhféadfadh an duine teacht ar eolas fírinneach, trí smaointe réamh-cheapaithe a scuabadh as an tslí. D'fhéach sé ar an duine mar *tabula rasa* agus ós rud é gur tháinig forbairt agus forás ar phearsanacht an duine faoi thionchar rudaí seachtaracha, bhí sé loighiciúil go mbeadh na mothúcháin féin intuigthe. D'fhéadfaí staidéar a dhéanamh ar an duine agus trí dhíriú ar mhionsonraí pearsanta a bheatha, teacht ar phictiúr a bheadh fírinneach agus a thabharfadh eolas cinnte faoi nádúr iomlán an duine.

Mar thoradh ar na tuiscintí nua faoin duine agus a ionad sa saol agus nádúr an eolais féin, d'fhás an réadachas, an ghluaiseacht thábhachtach sin a bhfuil a tionchar le braistint go fóill, gluaiseacht a dhiúltaigh do íogaireacht, do inspioráid agus do shamhlaíocht agus a d'fháiltigh roimh réasúnaíocht agus loighiciúlacht. Ní chuig tíortha san imigéin a thaistil scríbhneoirí ach bhreac siad scéalta i dteanga na ndaoine faoi ghnáthdhaoine ina dtimpeallacht féin. Chuir siad rompu 'an fhírinne' a ghabháil agus a chur ar taispeántas os comhair an tsaoil. Ba é príomhaidhm an réadachais ná cur síos cruinn, fírinneach agus oibiachtúil a dhéanamh ar an saol i slí eolaíoch - *la reproduction exacte de la*

vie. Toisc gur chomhlion sí feidhm thuarascálach bhí ar an scríbhneoir grinnstaidéar a dhéanamh ar an ábhar chun teacht ar eolas. Bhí tóir ar oibiachtúlacht - 'the objective representation of contemporary social reality' - nuacht, agus fíoraís nó 'fírinne' a bhí inchruthaithe (Wellek 1963, 241). Tháinig gach rud faoi riail an réasúin nó faoi chumas loighice an duine. Ní raibh ionad ann a thuilleadh d'eolas a d'eisil ón tsamhlaíocht, nó ó na mothúcháin; ní raibh ann ach 'fíricí'. Séard a bhí san réadachas ná 'a polemical weapon against romanticism' a dhiúltaigh don 'fantastic, the fairytale-like, the allegorical and the symbolic, the highly stylised, the purely abstract and decorative' agus a dhíbir an miotas an Märchen agus an taibhreamh (Wellek 1963, 241).

Ceapadh gurbh í an litríocht réadach is mó a thabharfadh léiriú ar an duine mar neach sainiúil aonarach. Dob shin ceann d'aidhmeanna na litríochta réalai: staidéar a dhéanamh ar ghnásanna an duine chun tuiscint níos iomláine a fháil air agus sa tslí sin saoirse an duine a chur chun cinn. Cuireadh béim ar indibhidiúlacht agus léiríodh an duine lena shuáilcí agus a dhuáilcí go léir. Chruthaigh údair frámaí ina bhféadfaí iniúchadh a dhéanamh ar an duine agus na fórsaí a bhí á mhúnlú:

The realistic novelist, in what I believe is the correct meaning of an adjective based on a substantive whose meaning is always in dispute, is a novelist who quietly watches his people in their environment, who accepts without excitement the good and evil evident in his people and their environment (Kiely 1950, 35)

Chuir údair rompu an saol a chur i láthair trí mion-chur síos ar dhaoine, ar eachtraí, agus ar tharlachaintí ionas go bhféadfadh an léitheoir ionannú a dhéanamh leo agus bheith páirteach iontu. An saothar a dhein aithris chruinn ar an saol - 'that unnecessarily faithful representation of reality' - b'shin é an saothar is fearr a chomhlíon aidhm na litríochta. Litríocht den dara scoth ab ea an fhantaisíocht mar nach raibh an léitheoir in ann ionannú a dhéanamh léi.

An sruthán beag a thosaigh san 18ú haois le scríbhneoirí mar Defoe agus Fielding, d'fhás agus d'at sé go ndeachaigh sé i bhfeidhm, bíodh sé chun a leasa nó a n-aimhleasa, ar litríochtaí an domhain:

Shroich clár cogaidh an réadachais gach tír a rabhtas ag iarraidh litríocht úr a chumadh inti ó lár na haoise seo caite ar aghaidh, ba chuma cé chomh leonta, aimlithe, smolchaite is a bhí sé nuair a ghabh sé port. (Titley 1991, 149)



Sa bhFrainc, idir 1829 agus 1831, foilsíodh timpeall dosaen scéalta le Mérimée, Gautier agus Balzac agus lena dteacht siúd, bhí an gearrscéal réadach tagtha ar an bhfód. Tháinig forbairtí móra air níos déanaí, le scríbhneoirí mar Maupassant agus a sheanmháistir cáiliúil Flaubert a mhúin dó conas grinnstaidéar a dhéanamh ar mhíonghnéithe na ndúl - i dtraidisiún an réadachais. Scríobh sé faoin ngnáthshaol i stíl ghonta 'with a simplicity that is brittle, swift, logical, brilliant and hard as a gem' (Bates 1945, 82), agus amhail Chekov bhí sé ina mháistir ar 'the art of distillation, of compressing into the fewest, clearest possible syllables the spirit and essence of a scene' (Bates 1945, 80).

Tharraing sé ar a shaol féin ina scéalta: ar a eispéireas mar shaighdiúr in arm na Fraince in *Boule de Suif* agus scéalta eile faoin gcogadh idir an Fhrainc agus an Phrúis, ar a thréimhse mar chléireach i scéalta mar *My Uncle Jules* ina léimid faoi bhochtanas na mionuaisle agus ar a shaol mar fhear óg in *Mouche* agus scéalta striapacha agus drúthlainne. Chreid sé go bhféadfaí saol inmhéanach an duine a léiriú trí bhreathnú ar a ghníomhartha seachtracha agus go bhféadfadh sé teacht ar an fhírinne a bhí ceilte laistiar den aghaidh fíidil a chroch daoine. Ba bhreá leis léargas a thabhairt ar

'fhírinne' na beatha agus ba ar shuarachas an duine a dhírigh sé: ar chluain na mban in *The Graveyard Sisterhood*, ar mhaonas agus ar theaspach na bhfear óg in *Mouche*, ar dhosheachantacht an bháis in *The Old Man* agus *The Mask*.

Ba théama coitianta aige agus ag réadaigh eile ar nós Chekov, an duine ag coimhlint le fórsaí dosheachanta an tsaoil: d'fhan Davranche, an cléireach bródúil sa scéal *My Uncle Jules*, agus a chlann leis an lá go bhfuasclódh Jules iad ó bhraighdeanas agus náire an bhochtanaís. I scéalta Maupassant, áfach, bíonn an chinniúint níos treise ná an dúchas - agus níl sa dóchas ach cleas na cinniúna. Ní raibh fuascailt i ndán do chlann Davranche. Lámh láidir na cinniúna a thiomáin Ivan Dmitrich as a mheabhair i scéal cumhachtach Chekhov, *Ward No. 6*, scéal a léiríonn leamhas agus áiféis na beatha. Tuigeann duine an fáth a ndúirt Ó Doibhlín gurb í an fhealsúnacht is bun leis an réadachas 'an positíibheachas a ghlacann gurb é an saol ábhartha a chruthaíonn agus chumann cinniúint agus críocha an chine dhaonna' (Ó Doibhlín 1984, 24).

Sa Rúis timpeall an ama chéanna, bhí ré an Rómánsachais ag géilleadh d'Aois an Réadachais le scríbhneoirí mar Pushkin agus Gogol ag scríobh i

stíl a bhí nocht agus gonta. D'fhoilsigh Gogol Evenings on a Farm near Didanka (1831), agus Pushkin Tales of Belkin (1830), agus an gearrscéal *The Queen of Spades* (1834) faoin gcearrbhach a chuaigh as a mheabhair. Rinne Gogol cúis den ghnáthdhuine agus ba mhinic é ag tabhairt faoi bhochtanas spioradálta an duine mar a fheicimid ina scéal cáiliúil *The Overcoat*. Dar le Ian Reid:

What makes him notable is not just that he was intent even more than Pushkin on stripping narrative prose of fuzzy embellishments, but also that he wrote of ordinary people, apparent nonentities, with an attentiveness capable of revealing deep currents of emotion beneath petty surfaces. (Reid 1977, 24).

Faoi thionchar Belinsky a chreid go mba chóir don litríocht pictiúr fírinneach den saol a léiriú, tháinig borradh faoin litríocht nua ó 1840 ar aghaidh. D'fhigh scríbhneoirí mar Turgenev, íogaire an rómánsachais le pictiúir réadach d'fhadhbanna sóisialta agus polaitiúla an ama. Mhúscaíl Turgenev combhá do na seirfígh ina chnuasach A Sportsman's Sketches (1852), trí dhíriú ar shuáilcí na seirfeach agus duáilcí na dtiarnaí talún - i dtraidisiún an réadachais:

The realist thought an artist should concern himself with the here and now, with everyday events, with his own environment and with the

movements (political and social) of his time. (Cuddon 1977, 544)

Druideadh an doras ar an Rómánsachas le teacht údair mhóra an réadachais - Tolstoy, Dostoevsky agus Chekhov. Scríobh Dostoevsky scéalta a bhí an-ghar don *menippea*, atá luaite cheana agam, ach bhí dhá dhifríocht mhóra le sonrú iontu: ní ainriail shealadach a bhí sna scéalta a thuilleadh agus ní leis an bpobal i gcoitinne a bhaineadar. Díríodh anois ar an duine aonair, ar an gcoimhthíos, ar choinbhleachtaí inmheánacha, ar dhíscailleadh pearsanta - fírinne shíceolaíoch na gcarachtar a bhí tábhachtach.

Baineann an réadachas leis an ngnáthamh, le carachtair dhóchúla in am áirithe, i suímh dheifnideacha. Is cuid de threalamh an reacaire an suíomh cinnte, ar a ndéintear mion chur síos, rud a chuireann le réadúlacht agus dóchúlacht an scéil. Sa scéal *Ward No. 6* le Chekov buaileann bréantas an chairn lofa bhunaíolaigh tú ar do shlí isteach i bprochóg d'oispidéal, a shimné briste agus a dhíon meirgeach, é ag seasamh i lár fhoraois d'fhiall, iata isteach ag cláí liath le tairní ag síneadh i dtreo na spéire. Braitheann údair go minic ar an gcur síos oibiachtúil níos mó ná ar eachtraí

inmheánacha, chun a gcuspóirí a chur i gcrích.  
Bheadh ar an scríbhneoir bheith mar an poitigéir dar  
le Chekov:

A writer must be as objective as a  
chemist, he must lay aside his  
personal subjective standpoint and  
must understand that muck-heaps play  
a very important part in the  
landscape and that inherent bad  
passions are as inherent as the good  
ones. (Bates 1945, 83)

De ghnáth bíonn an gearrscéal réadach scríofa sa  
tríú pearsa, aimsir chaite, le reacaireacht  
uilefhiosach, uile-chumhachtach. Faoi chúram an  
reacaire gluaiseann an scéal ar aghaidh gan  
staonadh, céim ar chéim, uaireanta go mall,  
uaireanta faoi dheifir, ach i gcónaí le cinnteacht i  
dtreo críoch néata agus réiteach sásúil. Plota  
líneach a bhíonn i gceist, má bhíonn plota ann in  
aon chor - athraíonn an fhoirm 'from the static  
sketch without plot to the swiftly moving machine of  
bold action and climax' (Bates 1945, 15).

Sroichtear an bhuaic-phointe sa litríocht seo le  
teacht in inmhe an phríomhcharachtair, nó le hathrú  
tábhachtach éigin ina mheon nó ina phearsantacht, nó  
b'fhéidir i gcás an dochtúra Andrei Efimych a  
chuirtear faoi ghlas in *Ward No. 6*, le díscailleadh  
mall, le géilleadh don chinniúint, le cailliúint  
srianta a bheatha féin. Go minic thuig an

príomhcharachtar nách bhféadfadh sé géilleadh dá fhantaisí a thuilleadh ach go gcaitheadh sé glacadh le réaltachtaí crua an tsaoil. Sa scéal 'An Phóg' le Chekhov mar shampla, thuig Riabovitch nárbh aon mhaitheas bheith ag fantaisíocht faoin bhean a phóg é trí dhearmad sa doircheacht - cháin sé áiféis na beatha agus ghlac sé lena shaol truaimehéileach féin. Fuair sé léargas nua air féin, nóiméad féin-aithne. Dúirt Ian Reid:

One could say that the short story typically centres on the inward meaning of a crucial event, on sudden momentous intuitions, epiphanies in James Joyce's sense of the word; by virtue of its brevity and delicacy it can for example, single out with special precision those occasions when an individual is most alert or alone. (Reid 1977, 28)

I ngearrscéalta eile thagadh an bhuaicphointe nuair a thiocfadh eolas éigin íorónta chun solais. Tá sampla iontach de seo sa ghearrscéal *The Necklace* le Maupassant. Chaill Mme Loisel muince a fuair sí ar iasacht. Le dua is le hallas thuill sí luach an mhuince agus tar éis deich mbliana dá saol a chaitheamh ag sclábhaíocht fuair sí amach nárbh fhiú puinn an chéad mhuince.

Is foirm litríochta é an gearrscéal, ar deacair  
sainmhíniú cuimsitheach a thabhairt air:

Aithnítear an gearrscéal, ní rialacha  
nó sainmhínithe a dhéanann sin as.  
Daoine i leaba rialacha nó  
sainmhínithe a scríobhann  
gearrscéalta. (Breathnach 1978, 76)

Mar sin féin, bhain coinbhinsin áirithe aithnidiúil  
leis an ghearrscéal clasaiceach. Bhí aontacht  
tábhachtach, an aontacht sin a bhraitheann duine  
nuair a léann sé sliocht litríochta in aon iarracht  
amháin, 'the writer conceives with deliberate care,  
a certain unique or single effect to be wrought out'  
(Poe). Chruthaigh an scríbhneoir íomhá, a d'fhan in  
aighe an léitheora agus chuir gach focal leis an  
íomhá sin céim ar aghaidh. Ba leor an íomhá chun an  
scéal a insint, ní raibh gá le plota, ná le  
míniúcháin, beagáinín cosúil le grianghraf, 'a few  
striking details to make a sudden swift impression'  
(D. H. Lawrence). Bhí cead ag an ngearrscéalaí  
blúire den saol a úsáid chun léiriú a thabhairt ar  
an saol trí chéile. Trí eachtra bheag amháin nó rud  
beag in aighe an duine léiríonn an scéalaí an duine  
nó an saol ina iomlán:

Is é an saol daonna is ábhar  
d'ealaíon na litríochta agus insint  
ealaíonta ar sin. Léiríonn sí an  
duine ag lorg eolas inmheánach ar a  
chás agus ag baint úsáid as an  
tsamhlaíocht mar mhórachmhainn an

nádúir daonna chuige sin. (Ó Doibhlín  
g.d., 1)

Foirm chúngaithe de ghnáth é gan an fhairsingeacht chéanna ann is atá san úrscéal. Tosaíonn an gearrscéal gan mhínte, gan leathscéalta, gan nodanna i dtaobh áite, ama, nó ócáide - ní gá faisnéis agus dá neamhdhírí a dhéantar é sea is fearr é. Oireann an fhoirm ghearr do eispéireas an duine san aois seo mar is comhartha é den rud neamhbhuan, gearrshaolach, comhartha nach bhfuil sa bheatha, b'fhéidir, ach eipeasód.

Ar deireadh thiar is coinbhínsean é an réadachas - 'all writing, all composition, is construction. We do not imitate the world, we construct versions of it' (Scholes 1975, 7). Agus mar a deir Titley:

Níl aon chúis go nglacfaí le scéalai uilechumhachtach a bhfuil fios gach feasa agus tarraingt gach téide aige seachas file a bhfuil teacht aige ar thobar na draíochta nó fáidh a bhfuil líne dhíreach aige chun aigne Dé.  
(Titley 1991, 152)

Sa chéad chuid den aois seo chas scríbhneoirí na hEireann, de bheith ag diúgadh tobar na draíochta agus thosaigh ag romhar go domhain in ithir an réadachais.



In Éirinn i 1903, le foilsiú bailiúchán de chuid G. Moore, The Untilled Field bhí sé soiléir go raibh an gearrscéal réadach tagtha ar an bhfód. Bhí an stíl tíosach agus an struchtúr éadrom (Allen 1981, 150) agus tharraing sé ar chúrsaí a linne féin in Eirinn sna téamaí. Léirigh na scéalta a mhíshástacht le cumhacht na hEaglaise agus thug sé faoi chléiriúlachas agus coimeádachas na linne. I scéalta mar *Julia Cahill's Curse* agus *So On He Fares* díríonn sé ar an gcoinbhleacht idir an ealaíontóir agus na fórsaí seo, go háirithe tionchar antromach na hEaglaise agus na sochaí chúngaigeantaí. Bhí sé féin faoi bhrú agus faoi mar a tharla do Julia, chonaic sé bealach éalaithe amháin dóibh siúd a shantaigh neamhspleáchas agus saoirse - deoraíocht. Tá an frustrachas agus an dúil chéanna san éalú i gcarachtair mar Eveline agus Mr. Kernan sa chnuasach sin a bhfuil an chathair agus a saoránaigh faoi chaibidil ann - Dubliners (1914). Bhí an bua thar an gcoitianta ag Joyce an gnáthamh a léiriú 'naturally and yet compassionately, objectively and yet with rare beauty of emotional tone' (Allen 1981, 156).

Cé go raibh préamhacha an réadachais ag dul níos doimhne bhí an nádúrachas agus an fheartaisíocht ag bláthú i litríocht an Bhéarla ins na fichidí (Fallis

1978, 204). Cuireann an saothar réadach an bhéim ar an duine a ghlacann freagracht áirithe ach, de réir Fallis, séanann an nádúrachas agus an fhantaisíocht an fhreagracht phearsanta, 'both fictional modes which assume that the causes for the way things are lies outside ourselves' (Fallis 1978, 205). Sa bhficsean nádúrach creidtear gurb iad na fórsaí seachtracha a mhúnlaíonn agus a rialaíonn an duine. Ceann de fhórsaí an ama a ghabh samhlaíocht scríbhneoirí mar Brinsley MacNamara agus Peadar Ó Domhnaill agus Liam Ó Flaithearta ab ea staid chorráithe na tíre agus éifeacht chogaidh ar an bpobal. 'Naturalism blames the grim state of real life on forces beyond our control which impel us to be what we are' (Fallis 1978, 205) agus níor spáráil MacNamara an pobal tuathúil nuair a d'fhoilsigh sé The Valley of Squinting Windows (1918), saothar ficseanach a nocht suarachas an phobail chéanna. In Adriagoole thug Ó Domhnaill léargas ar staid thubaisteach dhaoine macánta gafa in imeachtaí nach raibh neart acu orthu. Bhí sé intuigthe go mbeadh scáthánú sa litríocht ar staid na linne agus freisin go rachadh scríbhneoirí i ngleic le sícé an réabhlóidí rud a rinne Ó Flaithearta san úrscéal The Informer (1925). Cliseadh na haislinge a thug dúinn saothair mar Adriagoole, The Valley of Squinting Windows, agus The Informer. Chuaigh scríbhneoirí i

ngleic leis an saol timpeall orthu, ach roghnaigh siad modh eile chun sin a dhéanamh - choimeád údair mar James Stephens, Eimear O'Duffy, Brian Ó Nualláin agus Joyce an fhantaisíocht beo i litríocht an Bhéarla ach bhí an réadachas in uachtar don chuid is mó.

Bhí 'fírinne dhíongbháilte' an réadachais le sonrú i ngearrscéalta Uí Fhlatharta a foilsíodh sna fichidí, a dhear pictiúir ghlé de thuath agus thuathánaigh, mar is léir ó theidil na gcnuasach - Spring Sowing (1924), The Tent (1926), agus The Mountain Tavern (1929). Cé go raibh samhlaíocht fhoréigineach aige léirigh sé comhbhá thar an ghnáth leis an nádúr. Ag trácht ar 'Bás na Bó' agus 'An Seabhac', deir Fallis gur bhreac sé cuid de na scéalta is fearr faoi ainmhithe sa chéad seo. Níor thug Titley an gradam céanna do bhó sin sa 'scéilín sceitseach' a chuir 'crúb ina bás féin ag cuimhneamh di ar na plotaí a raibh sí ciontach iontu' (Titley 1991, 72). Mar is dual don ghearrscéaltaí réadach, siad na gníomhartha a labhraíonn faoi na carachtair agus tá reacaireacht neamhphearsanta choincréideach ann.

Ba é 'máistir an ghearrscéil' Frank O'Connor agus a chomhaimsirí O'Faoláin, a d'ardaigh bratach an réadachais agus a choimeád ar foluain é san aois

seo. Dar le O'Connor féin bhí fhios aige, don siolla is cóngaraí conas go bhféadfaí gach rud in Eirinn a chur i bhfriotal toisc tuiscint dhomhain a bheith aige ar a dhaoine féin, (thógfadh sé Corcaíoch). D'fhéadfadh sé réadacht ainmhíoch an chogaidh a ionramháil, mar a rinne in Guests of a Nation nó táipéis mhór ildathach de charachtair mheánaicmeacha a shníomh mar a léirigh sé sa chnuasach Crab Apple Jelly. Maireann a thionchar go fóill- tá rian dá scéal cáiliúil *The Majesty of the Law* i ngearrscéal comhaimsire de chuid Titley, 'Scéal faoi Dhá Chaithir'. Tá cuid mhaith dá scéalta leamh agus leadránach go maith agus ní hionadh sin, tráchtann siad ar a scéalta féin mar seo:

the Irish middleclass Catholic way of life with its virtues and its faults without any of the picturesqueness of earlier Irish writing which concentrated on colour and extravagance ... These little stories, I feel, came out of a nationalism that had achieved its results and was willing to look at everyday things with respect. (O'Connor 1956, vii-viii)

Níl aon rud as an nua i dtéamaí ghearrscéalta Uí Fhaoláin: probhinseachas agus cúngaigeantacht, náisiúnachas, forlámhas na hEaglaise, agus *disillusion*. Amhail O' Connor, bhí sé gníomhach sa

chogadh cathardha, rud a chuaigh i gcionn go mór air. Bhí seacht scéal sa chnuasach Midsummer Night Madness (1932), bunaithe ar an gcogadh agus an t-am a lean é agus rinne sé iarracht réadacht agus uafás na linne a chur in iúl. Mhol Fallis an bailiúchán toisc é bheith 'striking in its evocation of a sense of place and its command of disillusioned attitudes' (1978, 229). Níl an rómánsachas céanna sa dara bailiúchán A Purse Full of Coppers ina ndearann sé le cúram típeanna éagsúla daoine. Insíonn teideal chnuasaigh eile leis I Remember! I Remember! a scéal féin. D'fhigh go leor scríbhneoirí eile mar Mary Lavin agus Michael Laverty as snáithe an réadachais ag leanúint príomh-ghearrscéalaithe na linne, O'Connor agus O'Faoláin.

Tháinig forás faoin ngearrscéal réadach sa Ghaeilge faoi na toscaí céanna ach, níos mó ná sin, bhí ar na scríbhneoirí dul in iomaíocht le coimeádachas i leith na teangan agus an chultúir féin. Go hiondúil ghlacadar le cúinsí cúnga an ama agus cé is moite de scríbhinní Uí Chadhain agus Uí Nualláin ba bheag a chuirfeadh scleondar agus iontas ar an léitheoir. D'fhéadfaí an rud céanna a rá faoi na gearrscéalta Gaeilge is a dúirt Titley faoin ngearrscéal a bhí á shaothrú sa Bhéarla:

The Irish Short Story in English has been on the whole comfortable, domestic and safe. It presents good old nineteenth century rationalism in a digestible and palatable form, stripping literature of the gains made for the spirit by the great novelists of the late nineteenth century. (Titley 1980, Hibernia)

Féachaimis, mar sin ar an aeráid inar fhás an gearrscéal réadach sa Ghaeilge. Ag deireadh an naoú haois déag, bhí an náisiúnachas cultúrtha, an ghluaiseacht sin a bhí i bhfeidhm ar fud na hEorpa, faoi bhláth in Éirinn. Cosúil le tíortha eile na hEorpa, cuireadh suim nua i dtraidisiún agus i gcultúr ársa agus tháinig lucht athbheochana chun tosaigh a chuir rompu an oidhreacht dhúchasach a nochtadh agus a chaomhnú. Bhí forás na litríochta snaidhmthe leis an ghluaiseacht seo agus ní hionadh go raibh litríocht na tíre go mór faoi anáil an traidisiúin ag tús an chéid, agus i bhfad ina dhiaidh sin, más fíor do na scoláirí.

Bhí na hirisí a bunaíodh ag an am, Conradh na Gaeilge agus an Gúm chun tosaigh sa ghluaiseacht seo. In 1882 bunaíodh *Irisleabhar na Gaedhilge*, iris inar foilsíodh mórán scéalta sa Ghaeilge agus ní hionadh gur líonmhar inti scéalta béaloidis, staire, agus seanchais. Ní raibh aon saothar gurbh

fhiú tracht air 'ó thaobh na litríochta cruthaithí'  
(Ní Dhonnchadha 1981, 15) le feiscint in IG.

Foilsíodh an-chuid scéalta san iris sin, ach de réir  
scoláirí an lae inniu, ní fhéadfaí an lipéad  
'cruthaitheach' a chrochadh orthu mar ba ionann sin  
agus réadach.

Faoi mar a tharla i dtíortha eile, chabhraigh teacht  
an irisleabhair leis an mborradh mar bhí an-tóir ar  
na scéalta gearra próis a bhí á shaothrú. Cuireadh  
brú ar údair eagarthóirí a shásamh ó thaobh ábhair,  
stíle agus struchtúir. Bhí an-tionchar ag  
eagarthóirí irisí, mar IG, ar fhorbairt na  
litríochta ag an am sin mar d'fhoilsigh beagnach  
gach scríbhneoir saothar iontu. Toisc go raibh béim  
chomh mór sin ar chaomhnú an tseanchultúir ba bheag  
a bhí 'nua' iontu. Chomh maith leis sin, bhí  
droch-amhras, col fiú, leis an rud eachtrannach mar  
measadh go dtruaillíodh sé an cultúr dúchasach, agus  
go n-ísleodh sé stádas an fhíor-Ghaeil trína intinn  
gheanmnaí a thruailliú. Mar a fheicimid ón sliocht  
seo as IG 1883, cloíodh go docht le hiarsmaí de  
chultúr ársa dúchasach:

Popular traditions are rapidly  
disappearing, swallowed up in the  
vortex of 19th cent. life-struggle.  
We shall do our humble part to rescue  
from the whirlpool some precious  
remnants of primeval simplicity,

fancy, humour, and Celtic fire. (Ní Dhonnchadha 1981, 15)

Lean Conradh na Gaeilge agus go luath ina dhiaidh sin An tOireachtas, leis an bpolasaí céanna i dtaobh tábhacht na teanga agus an gá a bhí ann le litríocht náisiúnta a chur ar bun. Cuireadh an bhéim ar scéalta agus saothair a bhí bunaithe ar an mbéaloidias agus níor tugadh mórán aird ar cháilíochtaí liteartha. Toisc go raibh caomhnú na teanga mar phríomhaidhm ag lucht an Chonartha (a d'fhoilsigh an-chuid de shaothar liteartha an ama sin), níor lorgaíodh feabhas stíle ná foirme mar bhunriachtanais do litríocht fhiúntach, ach áilleacht teanga. Rinne caomhnóirí áirithe ionannú idir caomhnú stíl an Chéitinnigh agus dearbhú an fhíor-Ghaelachais ach ar deireadh ba é an béal beo a rug an lá. Mhol Ua Laoghaire 'an Ghaeluinn do sgrí díreach mar a bhí sí d'á labhairt an uair sin amach a' beulaibh na ndaoine' (Ní Dhonnchadha 1981, 16)

De bhrí gur sa Ghaeltacht amháin a bhí teacht ar an nGaeilge shaibhir tarraingíodh aird ar mhuintir na Gaeltachta agus breathnaíodh orthu mar shaghas taisceadáin don fhíorchultúr Gaelach. Spreagadh go leor ón nGhaeltacht chun dul i mbun pinn agus níorbh fhada go raibh léirmheastóirí agus foilsitheoirí ag



éileamh litríocht a dhírigh ar an tuatach, mar gurb eisean is mó a léireodh 'aighe an fhír-Ghaeil'; ar shaol na tuaithe, mar nár bhain sé le saol truaillithe na cathrach agus ar an nGaeilge bhinn bhlasta bhláthmhar a d'iompar seoda na sibhialtachta Gaelaí. Ba iad an dream céanna a stiúraigh gnóthaí an Oireachtais agus sna comórtais liteartha lorgaíodh caint na ndaoine agus bronnadh an-chuid duaiseanna ar shaothair bhéaloidis agus níor tugadh mórán spreagadh don nualitríocht. Deir M. Nic Eoin go raibh 'athbheochan na litríochta Gaeilge 'róghafa ón tús le cruthú litríochta náisiúnta a chuir cosc cuid mhaith ar fhorbairt na nualitríochta cruthaithí' (1982, 22) agus gur chothaigh an tábhacht a bhain leis an gcainteoir dúchais 'cúngacht i gcúrsaí smaointeoireachta agus gur chuir sé cosc ar ábhair áirithe sa litríocht' (1982, 36).

Rinne an Gúm a chion féin chun cosc a chur le 'cruthaitheacht' sa litríocht. Na húdair sin a scríobh don Ghúm, chuir an chinsireacht isteach chomh mór sin orthu gur chloígh siad leis an rud a bhí sábháilte. 'Censorship consciousness' a thug O'Faoláin air. Chomh maith leis sin, mhóraigh léirmheastóirí i gcónaí litríocht ar an bhonn go raibh 'toga na Gaeilge' in úsáid sa leabhar nó b'fhéidir dá mbeadh aighe fir tuaithe á léiriú nó

léargas ar shaol na tuaithe nó ar an seansaol. Ba mhinic iad freisin ag caitheamh anuas ar scríbhneoirí ón nGalltacht. Cháin go leor daoine, an Cadhnach ina measc, an saghas léirmheastóireachta a chuir cosc le forás na litríochta agus an aigne chúng a bhí ciontach le 'cló Gaelach', le canúnachas agus le paróisteachas. Dúirt M. Nic Eoin faoi scríbhneoirí an ama:

Ní raibh an tsaoirse is gá don litríocht chruthaitheach le fáil ag an scríbhneoir Gaeilge agus ní raibh sé de mhisneach ag mórán díobh a bheith réabhlóideach i gcúrsaí litríochta nuair nach raibh aon spregadh le fáil acu ón bpobal nó ón stáit. (1982, 30)

Ní raibh gach duine ar aon intinn faoin litríocht nua-aoiseach ('litríocht ar bith a bhfuil sé mar phríomh aidhm ag an údar tréithe nó fadhbanna an duine aonair a nochtadh agus a chíoradh inti', Nic Eoin 1982, 215.) Mhol daoine mar Séamas Ó Duilearga go mbeadh an litríocht bunaithe ar an traidisiún:

Dar linn pé leitríocht Ghaedhilge a sgríofar feasta i n-Eirinn muna beidh sí Gaedhealach agus muna mbeidh a préamhacha bunuithe i leitríocht agus i leitríocht na Gaedhilge, ní bheidh innti ach rud leamh neamblasta gan áird. (Nic Eoin 1982, 33)

Cáineadh Phádraig Mhic Phiarais a bhíodh de shíor ag gríosadh scríbhneoirí chun aghaidh a thabhairt ar litríocht chomhaimseartha na hEorpa, mar bhí an tuairim ann gurb ionann sin agus cúl a thabhairt don oidhreacht liteartha dhúchasach. Scríobh an Piarasach in An Chlaidheamh Soluis, 1906, nach bhféadfadh na seanmhúnláí amháin freastal ar riachtanaisí an fhichiú haois:

Irish literature if it is to live and grow, must get into contact on the one hand with its own past and on the other with contemporary Europe. It must draw the sap of its life from the soil of Ireland; but it must be open on every side to the free air of heaven. We would have our literature modern not only in the sense of borrowing from every modern form which it does not possess and which it is capable of assimilating, but also in texture, tone and outlook. This is the twentieth century and no literature can take root which is not of the twentieth century. (Ní Dhonnchadha 1981, 49)

Mheas sé nach raibh a ndóthain de 'Sgéalta ag baint le gnáth-shaoghal an lae' á scríobh ag daoine agus mhol sé scríbhneoirí a raibh dílseacht do shaol na ndaoine agus 'neitheamhlacht' mar cháilíochtaí liteartha acu (Ó Droighneán 1936, 114-5).

Scéalta seanchais agus béaloidis is mó a foilsíodh, scéalta ag casadh na haoise, scéalta mar 'An

Táilliúr Meanmach' (IG, Nollaig 1901, 193), 'An t-Amadán agus a Mháthair' (IG, Meán Fomhair 1898, 243) agus 'An Triúr Dearbhráthair sa Drochshaoghal' (IG, Lúnasa 1906, 185). Bhí an-spéis ag léitheoirí iontu cé nár léirigh siad, de réir scoláirí an lae inniu, aon 'chruthaitheacht', toisc is dócha nach raibh aon charachtracht dhomhain iontu, ná scagadh déanta ar fhadhbanna an tsaoil, ná 'léiriú fírinneach' tugtha air. Cé nár ghearrscéalta iad sa chiall cheart bhí cruthaitheacht éigin iontu agus bhí siad tábhachtach i bhforás an ghearrscéil.

Scéalta eachtraíochta is mó a bhí sa chéad chnuasach gearrscéalta a foilsíodh, sé sin An Buaiceas, le Conán Maol, scéalta a bhí de réir Ní Dhonnachadha, leamh, leadránach, méaldrámatach agus maoidhneach (1981, 30). Chruthaigh Conán Maol laochra mar Risteárd a spreag mórtas cine, agus a dhearbhaigh uaisleacht na nGael. Bhí tionchar láidir béaloidis ar na scéalta agus d'fhéadfaí cuid díobh a rangú mar scéalta rómánsacha, 'a manifestation of romance ... [whose] province was the extraordinary; its aim, if not to astonish, was at least to surprise; its purpose to entertain' (Allen 1981, 4). Dar le Ní Dhonnachadha gur litríocht tuaithe a bhí ann le claonadh ro-mhór chun rómánsachais agus béim rómhór ar uaisleacht na nGael, agus gan 'pictiúr réalaióch'

tugtha de na charachtair lena suáilcí agus a nduáilcí go léir.

Cé nach raibh tréithe an ghearrscéil nua-aoisigh le sonrú in Annála na Tuaithe, le Gruagach an Tobair, bhí dar le S. Ó Riain 'roinnt mhaith saoltachta ciallmhaire meascáithe tríd' (Ní Dhonnchadha 1981, 46). Léiriú ar shaol na tuaithe a bhí sa chnuasach seo agus bhraith an Píarsach go raibh rian den réadachas le sonrú sa saothar, 'One detects a realism, a closeness of detail' (Ní Dhonnchadha 1981, 45). Níor leasc leis an bPíarsach teorainn an réadachais a thrasnú ina scéalta féin, rud a bheadh eisceachtúil i litríocht na Gaeilge agus go deimhin i litríocht an Bhéarla as sin amach ach bheadh, le cumasc na rómánsaíochta tuaithe agus an réadachais a 'tháinig aníos as uaigh an naoú haois déag le chéile', blas faoi leith ar an litríocht ar feadh i bhfad (Titley 1991, 150). Ar an mórchóir, ba iad na gearrscéalta réadacha, a bhí fuinte le cúram as an ghnáthrud agus bécáilte go maith agus a shásaigh an t-éileamh a bhí ann don loighiciúlacht, don réasúnaíocht agus don rud coincreídeach, an príomh-diet agus ba bheag blas a bhí ar an fhantaisíocht a dhiúltaigh dó sin.

I scéalta tosaigh Phádraic Uí Chonaire a fheictear an ghluaiseacht 'ó thraidisiún an tseanchais is na scéalaíochta tuaithe go dtí raon an réalachais' (Ní Dhonnchadha 1981, 71). Tá tionchar láidir an bhéaloidis ar 'Go hUair a Bháis' agus ar an scéal fantaiseach 'Abú Cána Lú' a lochtaíodh mar go raibh siad lán d'aibhéil agus go raibh 'easba dóchúlachta' ag baint leo. Ó thaobh carachtarachta de, bhíodar 'dubh is bán' agus ní raibh aon scagadh déanta ar phearsa ná ar thréithe an duine ná iarracht fiú 'duine réadach' a chruthú. Ní raibh an fhírinne, an oibiachtúlacht (*an unbiased witness* - Chekov), an réadachas diongbháilte, an tuiscint ar nádúr an duine (tréithe a ghaibh le dea-litríocht) le sonrú iontu mar a bhí i scéalta cosúil le 'Neill', 'Páidín Mháire', agus 'Tetrarch na Gailile' atá go mór faoi thionchar scríbhneoirí móra réadacha na hEorpa.

Arís deir Ní Dhonnchadha:

Nuair a bhog sé amach ó  
sheascaireacht an mhodha scéalaíochta  
agus nuair a dhein sé cúram  
d'aigheolaíocht na gcarachtar  
d'éirigh leis gearrscéalta téagartha  
a chumadh. (1981, 81)

Níor bheag é tionchar na litríochta Eorpaí ar ghearrscéalaithe sa Ghaeilge. D'fhéach siad chun na Mór-roinne mar ghlac siad leis go bhféadfaidís ábhar

agus ceardaíocht na gearrscéalaíochta a fheabhsú sa tslí sin. Chleacht údair mar Mac Piarais, Ó Conaire, Mac Grianna foirm chlasaiceach den ghearrscéal. Dúirt Ó Conaire, duine de mhór-údair an ghearrscéil, ag tús an chéid seo:

Sa Rúis, d'éirigh dream oirirc suas.  
Chuaigh cuid acu ag rómhar go doimhin  
i dtalamh ag lorg na fírinne ...  
Nuair a tháinig siad aníos ... bhí  
rud salach smeartha acu ... agus  
ghlaoigh siad amach in árd a ngutha:  
Seo é an duine! Seo é an fear! Seo  
í an fhírinne! (An Claidheamh Soluis  
1908)

Chuir Ó Conaire an gearrscéal réadach ar léarscáil litríochta na hÉireann le cnuasaigh mar An Céad Chloch, Seacht mBuaigh an Eirighe Amach agus Síol Éabha. Ina dhiaidh sin, ba gheall le reiligiún ag scríbhneoirí na haoise seo an réadachas céanna agus ba ghann iad na heiricigh a d'fhág an eaglais chun casáin dhraíochta eile a leanúint. Faoin gcnuasach SBEA tuairiscíonn Séamas Ó hAodha go bhfágann sé slán ag 'síorsgéaltaibh na Gaedhealtachtais is na seanaimsire' agus go ndíríonn sé ar 'chúrsaí an lae atá inniu ann agus ar shaoghal na mbailtí móra'. Le 'Páidín Mháire' bhí an gearrscéal réadach tagtha ar an bhfód. Ba é nádúr an duine, nó an taobh dorcha den nádúr sin ba chírte a rá, ba phríomhchúram dó, 'duairceas agus gruaim ... gné a léiríonn tionchar

litríocht na hEorpa agus toradh shaoltaithí an údair féin' (Ní Dhonnchadha 1981, 111).

Má thug Chekhov daoine mar Ivan Dmitrich dúinn a bhí, de thoradh cor mhórchinniúnach ina shaol, scoite amach ón bpobal i dteach na ngealt, thug Ó Conaire a mhacasamhail dúinn i bPáidín Mháire, 'duine ar loic an saol air, duine atá ina dheoraf agus ina aonaránach i lár an phobail, duine atá scoite amach ón gcomhlúadar agus duine atá cráite céasta ag cúrsaí ina shaol' (Ní Dhonnchadha 1981, 74). D'fhéadfaí an cur síos céanna a dhéanamh ar an 'ruaiteach' Márta a thug a chomhainmneach Beairtle Ó Conaire dúinn sa scéal 'An Ruaiteach'. Éan corr ab ea Márta a lean toil a athar agus nár phós riamh, gealbhán i ngéibheann, scoite amach óna phobal féin, ar fheirm a athar. Níor shíl sé go raibh 'brí fágtha' sa saol dó, 'an saol mar a d'órdaigh a athair'. Sa scéal comhaimseartha seo, tá an t-údar ag treabhadh gort treafa, ag léiriú staid an duine a thugann uaidh araíonacha a bheatha féin do thuismitheoir. Ach ní théann sé i ngleic leis an bhfadhb ó pheirspeictíocht nua-aimseartha, níl ann i ndeireadh na dála ach próis tuarascálach gan úire i bhfriotal ná samhlaoidí.



Chuir Pádraic Ó Conaire roimhe géariniúchadh a dhéanamh ar thréithe pearsanta an duine agus blaisimid deoch shearbh an éada agus braithimid dorn bán an díoltais in 'Neill', braithimid staid thruamhéileach an duine a théann le gealtachas in 'An Bhean ar Leag Dia Lámh Uirthi', cráiteacht agus fuath mná pósta i leith a fir chéile in 'An Bhean a Ciapadh' agus go leor téamaí eile a shuíonn go maith leis an litríocht réadach. Chleacht Ó Conaire stíl an réadachais, ag déanamh cúram d'aontacht eachtraíochta agus carachtar - as a dtáinig aontacht i meon, mothúchán agus smaoineamh. Chloígh sé leis an oscailt obann agus an dúnadh néata, an plota folaithe agus an ghníomhaíocht inmheánach, réiteach fadhbanna agus scaoileadh teannais. Léirigh sé carachtair ach staon ó bhreithiúnas a thabhairt (Ní Dhonnchadha 1981, 78).

Ach, mar a léiríonn Piaras Béaslaí, Máire, agus Seosamh Mac Grianna, Liam Ó Flaithearta agus go leor eile anuas go dtí ár linn féin, déantar scáthánú ar shaol a linne féin ina scéalta, is fantais é an oibiachtúlacht sin mar go mbíonn tionchar ag a dhomhan féin agus ar a shaoltaithí féin ar gach scríbhneoir. Tagann gach duine faoi thionchar, comhfhiosach nó neamh-chomhfhiosach, na sochaí a mhúnlaíonn a mheon agus a luachanna. Siad an pobal

agus luachanna agus traidisiúin an phobail sin amhábh ar an scéil réadaigh. Ceistimid anois 'fírinne' an léargais mar nach bhfuil a leithéid de rud agus oibiachtúlacht ann. Ag léamh siar ar na gearrscéalta réadacha feicimid go mbaineann raidhse mhór díobh le saol cúng, coimeádach tír a bhí agus atá fós faoi smacht na hEaglaise Caitlicí. Níl fhios agam cé chomh fírinneach is a bhí an léargas ar an duine ós rud é nach raibh cead, a bhuíochas don Bhord Cinsireachta ábhair áirithe a lua.

Sheas an réadachas ar chos eile - nuacht agus úire an léargais. D'fhéadfaí cuid mhaith de na téamaí a chur faoi aon bhrat amháin - cliseadh aislinge agus clúdóidh sé sin fir óga a thréig an tsagartóireacht, mná a fágadh gan sólas an phósta (!), an t-ainniseoir a fuair bás gan bhia, an tír a chlis ar a hóige agus caithfear a rá, cé is moite d'fheabhas na teanga i scéalta áirithe, nach bhfuil úire le braistint sna scéalta réadacha san aois seo. Tóg mar shampla an scéal 'Fuacht' le D. Ó hÓgáin ina dtéann an t-údar i ngleic le téama na seanaoise agus uaigneas na lánúine a bhfuil a gclann imithe uathu go Meiriceá agus go Sasana. Siúlann an seanfhear ón bpáirc phréachta ós cionn locha i lúb an phortaigh agus gluaiseann le mallchéim, le 'fuacht agus sneachta mar chuideachta' i dtreo an tí,

i dtreo an Gheimhridh, i dtreo an bháis ar a sheanchosa. Féachann sé siar ar lorg a choise agus ar sheanlaethanta a óige. D'oibrigh sé go dian ar bheagán pá agus nár chrua an saol a chuir d'iachall ar a infionacha dul go 'tír mhór na cathrach... go príosúin dhorcha na gcúlshráideanna agus go deatach na monarchan'. Cumhacht na cinniúna arís agus ní raibh leigheas ar an scéal, 'mar bhí ord agus eagar leagtha amach' (113). Cloistear clog an aingil ag bualadh go mall staidéartha, clog ar an matal, guth gadhair ag agallamh na spéiresch, guth piachánach na seanmhná ... Cé go bhfuil fileatacht agus gontacht friotail le sonrú sa scéal seo, tá an seantéama céanna á iompar ag samhlaoidí seanchaite dosheachanta an réadachais. An rud is fearr faoin litríocht, 'the joyful, exultant knowledge that anything can happen' braitear go mór in easnamh é i scéalta traidisiúnta mar 'Fuacht'; níl aon seans go mbeimid 'startled by the sheer novelty of it all' (Manguel 1983, xvi).

Tá an iomad den mhaoithneachas agus de chumhacht na cinniúna a *la Chekhov* agus níl go leor de ghéire Maupassant le sonrú i gcuid mhór de na scéalta réadaigh. Sna scéalta *The Old Man* agus *The Mask*, téann Maupassant i ngleic leis an tseanaois ach tá beocht agus éagoitinne sa chur chuige. Fuair an

seanfhear, ceithre scór agus sé, 'still quite sprightly, wiry, healthy and active, who went to infinite plans to conceal his age' sásamh mí-chuí as bás a chomráidí a léirigh mí-éifeacht i láimhseáil a mbeatha. Bhí sé féin chomh tógtha áfach le seanaois agus bás i rith a shaoil go raibh eagla air aon rud a dhéanamh ach é féin a choimeád beo. A mhalairt a bhí fíor leis an seanrincoir a bhí folaithe taobh thiar de bhréagchruth an ógánaigh, chaith sé é féin isteach sa bheatha - téann an rinco ar aghaidh ... Breathnaíodh ar Maupassant mar fhuascailteoir - rud nach bhféadfaí a rá faoi ghearrscéalaithe coinbhinseanacha na Gaeilge. Tá go leor gearrscéalta faoi 'la conditione humaine' ach tá tobar na húire sa réadachas diúgtha agus tá gá le foirmeacha nua chun dul i ngleic le staid an duine.

Sin ráite, bhí go leor gearrscéalta réadacha nárbh 'íobairtí samhlaíochta ar altóir an leamhais' iad (Titley 1991, 150), agus baintear geit as an léitheoir le céardúlacht shnoite agus deismireacht chainte scríbhneoirí mar Ó Cadhain, Mac Mathúna agus Titley. Tá acmhainní contrártha an duine, acmhainní cruthaíochta agus scríosta scáthánaithe le héifeacht ag Ó Cadhain sa scéal fileata 'An Sean agus an Nua'. An sean - 'an t-ardtheampall ... a speiricín [mar] bláth aduain eicint a d'fhás anuas ar ghas seang

tláth as an spéir'; an nua: 'simpléir thionscalach ar nós Tíotáin ag stolladh tobac; árais ghloine a bhí dhá gcuimilt féin de mhullach an aeir, mar ollingne ag iarraidh na gréine a sciocha dhe anuas agus an chathair a fholca i lucht óir.' Dúil bheo a bhí sa chathair sin ach bhí dúil eile 'i bhfraigh an aeir' ag guairdeall, ag faire le scrios a dhéanamh. Scaoileadh an lastas agus d'imigh 'seacht gcéad bliain d'fhás, seacht gcéad bliain d'allas, de stuaim, seacht gcéad glúin de ghrá, de sheanaithe, de ríméad, ina bhfothrach míofar, ina sraith aicíde ar lár...' Is geall le seoid dhrithleach sa ghairbhéal gearrscéal mar seo.

Thuig Ó Cadhain go raibh an litríocht réadach ró-chúng agus ró-theoranta le dul i ngleic le staid éidreorach an duine sa domhan nua-aoiseach seo agus freastal ar riachtanaisí ár linne - bhí gá leis na blioghanna den réadachas a shnamadh le chéile ar bhealach nua. Níorbh ionann réadachas an tsaoil agus réadachas na healaíne, dar le Ó Cadhain: 'Dá mb'ionann litríocht agus an saol, cén fáth a léifí é?' Ba é Ó Cadhain ba thúisce a rinne iarracht foirmeacha nua den ghearrscéal a thriail mar gur thuig sé go raibh an scríbhneoireacht réadach ag druidim le deireadh ré.

Sna Meánaoiseanna ní raibh tábhacht ag baint leis an indibhid mar dhuine, ach mar anam bhí stádas faoi leith aige. Le dul chun cinn na heolaíochta, na fealsúnachta agus na síceolaíochta bronnadh dínit nua ar an indibhid. Ach tá an dínit sin á gcreimeadh:

Science has freed man from one kind of insignificance, only to precipitate him into a far more complete state of aimlessness. The immensity of the macrocosm and the complexity of the subatomic microcosm alike make man aware of his own pitiful finitude. (Hume 1984, 42)

agus níl an duine cinnte faoin a ionad i saol atá ag athrú ar luas lasrach. Tá an gearrscéal réadach scríofa amháil is go rabhamar fós ag maireachtaint i sochaí traidisiúnta agus go raibh baint ag an scéal leis an saol mar a bhlaissimid é. Ach, tá an tsochaí chúng theoranta leis an bhfriotal coiteann imithe agus tá tóir ar réadacht nua agus ar fhriotal nua:

Our society - global, multilingual, enormously irrational - can perhaps describe itself only in the global intuitional language of fantasy. (Borges et al. 1990, 14)

CAIBIDIL II:

Litríocht Fhantaiseach: Suirbhé

Our narrative fiction has been going steadily but slowly and massively, not in the wash and slap of fad and fashion but as a deep current, for years, in one direction, and that that direction is the way of fantasy.' (Borges et al. 1990, 13)

Is fíor go bhfuil an nua-litríocht gafa leis an bhfantaisíocht ach is fíor freisin go dtéann foinsí an tsrutha sin siar i bhfad i stair an chine dhaonna. Tá leathantas fairsing ag an litríocht fhantaiseach ó thaobh ama, áite agus téama. Sníonn an sruth ó Gilgamesh na Measapatáime go Gilgamesh Cuaifeach Mo Londubh Buí, ó Geinisis go dtí 'An Tríú Scéal Déag'; ón tSín go dtí an ghealach agus áiteanna nár smaoiníodh orthu go fóill. Sa chaibidil seo caithfear spotsolas anseo agus ansiúd ar ilghnéitheacht agus ar fhairsingeacht na fantaisíochta i litríocht na Gaeilge, litríocht an Bhéarla sa tír seo agus scéalta fantaiseacha idirnáisiúnta na haoise seo. Ní hamháin go bhfuil an litríocht fhantaiseach ag briseadh leis an réadachas, tá sí ag filleadh ar rud níos ársa, ar rud a bhí ina ghné nádúrtha de shaol an duine ariamh - an bhfantaisíocht.



Siad na scéalta gearra próis mar an parabal, an fabhailscéal, an síscéal nó an märchen agus an sceitse réamhtheachtairí an ghearrscéil mar a aithnímid é inniu. Bhí cuid mhór díobh siúd scríofa i stíl fhantaiseach, stíl a thaobhaigh údair riamh ó shin, ainneoin gur caitheadh anuas ar an saghas sin litríochta ó aimsir Phlato i leith. Na mílte bliain ó anall, bhí scéalta gearra próis - cosúil leo siúd sa Bhíobla - á scríobh i stíl ghonta thíosach. Cé gur scéalta teagaisc cuid mhór díobh, a thug léiriú ar nadúr an duine, ba scéalta fhantaiseacha iad amach is amach. Scéalta samhailteacha eile ab ea na scéalta gearra próis, a scríobhadh ar son an phléisiúir sa Ghréig, sa Róimh agus san Eipt. Bhí pátrún ar leith le sonrú iontu (Trenker, 1958, xiii). Bhíodar teoranta ó thaobh faid de agus bhí mar aidhm acu pléisiúr a thabhairt. De ghnáth, bhí cur síos iontu ar athrú éigin i bhfortún an phríomhcharachtair, chomh maith le heachtra éigin a bhain leis an ghnáthdhuine. Cé nach 'gearrscéalta' iad de réir mar a thuigimidne inniu, bhí tréithe ag baint leo a aithnímid i ngearrscéalta ár linne féin.

Baineann cuid acu leis an *genre* sin, an Aor *Menippean*. Ba litríocht í a bhain leis an ainriail, an ainriail a shamhlaítear leis an gcarnabhal: ar feadh achair ghearr d'iompaití an domhan bunoscionn

agus dheintí neamhshuim de choinbhinsiúin agus de theireanna sóisialta. Ba litríocht í a dhein scáthánú ar fheiniméin an charnabhail. Níor cloíodh le gnáth-choinbhinsiúin na litríochta réalai ó thaobh ama agus spáis agus carachtaracha. D'fhéadfadh suíomh na fantaisíochta bheith sa domhan seo nó lasmuigh de agus d'fhéadfadh na carachtair a bheith beo nó marbh. Ba fhoirm litríochta í a bhain leis an domhan fochultúrtha, le drúthlanna, priosúin agus uaigheanna, le haiteas, le coirpeacht agus gealtachas. Dhiúltaigh sí don rud statach agus seasmhach, ba fhoirm í a chuaigh ngleic leis an *status quo*.

Is dócha go bhféadfaí a rá gurb iad scéalta fantaiséacha na Meánaoiseanna - cuid acu a scríobhadh chomh luath leis an seachtú haois - réamhtheachtairí an ghearrscéil Ghaeilge. Ní hamháin go bhfuil scríbhneoirí Gaeilge ár linne ag briseadh leis an réadachas, táid ag filleadh ar ár bpréamhacha atá sáite go domhain in ithir na fantaisíochta. Fantaisíocht ar fad mar shampla atá sa litríocht is cáiliúla ón aois sin, an tSraith Mhiotaseolaíochta, Sraith Uladh agus Sraith na Féinne. Sí an tSraith Ultach an tsaith is iomráití díobh ar fad agus baineann an chuid is mó de na scéalta leis an naimhdeas a bhí idir Chúige Uladh

agus an chuid eile den tír. Ba dhéithe iad na príomhcharachtair tráth deirtear, agus cé gur daonnaithe iad nílid gan cumhachtaí osnádúrtha. Feidhmíonn siad mar dhaoine daonna i smaoineamh agus i mbriathar, murab ionann agus fantais nua-aimseartha ina mbíonn próiséis difriúla aigne ag na carachtair. Sa chás sin siad na carachtair is mó a iompraíonn an fhantaisíocht mar a tharlaíonn san úrscéal The Inheritors, le Golding. Sí an ghníomhaíocht, go háirithe na gníomhartha gaisce, nó an bladhmann faoi na gníomhartha sin a iompraíonn an fhantaisíocht sna scéalta seo.

Tá an bladhmann, an greann, an scigaithris agus an bhuirilisc coitianta i litríocht fhantaiseach na Gaeilge ó na seanscéalta go dtí na nua-scéalta, scéalta Titley go háirithe. Scigaithris ar an Táin is ea 'Scéla Muicce Meic Da Thó' agus ar litríocht an laochais (Ó Corráin 1985, 86). Tá sé suntasach freisin ó thaobh an 'laconic humour and a spirit of ripe Burlesque' (Chadwick 1968, 81). Gheall Mac Da Thó, ar chomhairle a mhná, a chú iomráiteach don dá thaobh a shantaigh é. Tháinig siad le chéile, ' a memorable gallery of morally reprehensible characters' agus le teann mioscaise gheall Mac Da Thó an churadhmhír don ghaiscíoch is fearr ag an bhfleá. Gnóthaíonn Conall Cernach, nár chodail

riamh gan cheann Chonnachtaigh faoin a ghlúin, an churadhmhír nuair a chaith sé ceann Anluain chuig Cet. Lean coimheascar barbartha, mharaigh an Connachtach, Fer Loga, an cú agus gheall Conchubhar mórmheas mhná na hÉireann dó ar feadh bliana mar mhalairt ar a anam. Níl McCone ar aon intinn le Ó Curráin faoin scigaithris - aoir bhinibeach mhórálach é dar leis, 'a glorious moral essay on the consequences, dire, absurd or both as the case may be, of human vanity' (McCone 1990, 78). Faighimid ann dar leis, léargas breá ar 'the disastrous consequences of following female counsel' agus ar an meon frithbhaineanda:

The subsequent extensive losses of honour, life and property in our tale stem ultimately from Mac Da Thó's craven abdication of proper male responsibility to follow his wife's Machiavellian advice (McCone, 1990, 77)

Scéal greannmhar eile, lán d'áibhéil is ea 'Fled Bricrenn'. Tá an greann san smaoineamh atá mar bhunús don scéal agus san tslí a chuirtear an plean i gcrích, go háirithe Briatharchath na mBan. Gnás coitianta i litríocht fhantaiseach na Gaeilge, go háirithe sna haortha, béim a chur ar an rud árrachtach anchumtha. Faigheann Cúchulainn an lámh in uachtar ar 'bachlach mór forghránna' le

'bolgshúile cíocracha buí ina cheann agus gach súil chomh mór leis an gcoire a mbruithfí damh mór ann...' agus gnóthaíonn sé curadhmhír na nUltach. Smaoiním ar laoch eile, Ceithern, i Sraith Uladh, a fhágann páirc an áir lena ionathair ag sileadh agus a throideann ar son na hÉireann tar éis trí lá i dtobán smeara agus ar fhrithlaochra 'Phairlimint Chlainne Tomáis' agus an spreotáil feola, dortadh fola, sracadh inchinní agus ionathair, ag féachaint le troid arís. Tá an claonadh sin chun na háibhéile le sonrú i ngach aois ó scéalta na laochra go haoir 'Phairlimint Chlainne Tomáis', anuas go dtí Ó Nualláin agus Ó Cadhain, Titley agus MacAnnaidh. Tá an meon céanna ag údair na fantaisíochta - is féidir a shamhlú go mbaineann siad sult mioscaiseach as an gcur síos áibhéileach, go háirithe má bhaintear preab as duine trí ghreann nó masmas a spreagadh.

Tá na luathscéalta sa Ghaeilge tábhachtach sa mhéid is gur prós atá iontu, murab ionann is véarsaíocht litríochtaí eile agus go bhfuilid, thar litríochtaí eile, tugtha don bhfantaisíocht:

...they are inclined to desert the natural and possible for the impossible and supernatural, chiefly in the form of fantastic exaggeration. (Jackson 1971, 28)

Fantaisíocht eachtraíoch, is mó atá ins na scéalta a breacadh síos, agus ní haon eisceacht iad na scéalta grá. Baineann an eachtraíocht ar fad leis an ngéibh ina gcuireann an grá na carachtair a léiriú agus ní ar an ngrá féin nó ar chúrsaí pearsanta nó síceolaíochta (Jackson 1971, 91). Scéalta eachtrúla iad na hImrama agus na hEachtraí. Sé an gnáthshaoil láthair na scéalta seo, ach le difríocht mhór amháin, is féidir le haon eachtra, nádúrtha nó ósnádúrtha a thitim amach toisc 'that distinction between the natural and the supernatural which is the consequence of civilized thought has not yet been clearly drawn' (Jackson 1971, 141). Sraith d'eachtraí atá in 'Immram Mael Dúin' ina dtéann na cathurraí ó oileán go hoileán, agus léiríonn ilghnéitheacht na n-imeachtaí bua ar leith cumadóireachta agus samhlaíochta an údair. Tagann Mael Dúin agus a chompánaigh ar dhún le droichead gloine, áit a dtagann siad faoi dhraíocht maighdine - sin i ndiaidh teicheadh ó oileán ifreanda dhaoine gorma cráite agus sara raideann bean mhór cíoith cnónna leo ó oileán eile.

Cuirtear an scéal i láthair i dteanga réadach trí mhodh inste díreach, amhail is dá mba scéal réadach a bhí ann, rud atá coitianta i scéalta fantaiseacha ár linne. Buailtear an tsamhail seach-réadach anuas

ar an tsamhail réadach go minic, cosúil leis an ollphéist a rothlaigh timpeall ina chraiceann leis an acmhainn dhaonna chun clocha a chaitheamh. Gné thábhachtach de na himmrama sin is ea an áibhéil. In Immram Mael Dúin thóg Mael Dúin craobh ina lámh agus tar éis trí lá tháinig sé ar chrobhaing úll ar a ghob. Chothaigh gach úll iad ar feadh daichead oíche. Féachtar ar na himmrama, 'Immram Brain maic Febail' mar shampla, ina dtugtar radharc ar an domhan síoraí, dar le scoláirí áirithe (Carney 1955, 286) mar fháithscéal Críostaí agus is sampla de scéal teagascach 'Immram Curraig Ua Corra' a thugann rabhadh tráthúil do na mná a thréigfeadh bannaí an phósta!

Áirítear na hEachtraí, sraith de scéalta nuachumtha rómánsaíochta mar 'Eachtra an Ghiolla Dheacair' agus 'Eachtra Bhodaigh an Chóta Lachtna' sa tsraith mhiotaseolaíoch. Cuairt ó neach osnádúrtha faoi bhréagriocht (Manannán Mac Lir nó Aonghus an Bhrogha de ghnáth), buntéama na scéalta seo. Imríonn sé cleas éigin agus ansin neosann sé cé hé. Bean a thagann chuig Conla agus déanann an t-úll an gnó arís - cothaíonn an t-úll draíochta é, nuair a fhulaingíonn sé tinneas an ghrá go dtí go ngéilleann sé. Imíonn sé i mbád criostail trasna na dtionta.

Tráchtann an Fhiannaíocht in aistí mar Acallam na Senórach, agus Macgnímartha Finn, ar ghaiscígh a bhí ag fánaíocht tríd an dtír faoi cheannas Fhinn, carachtar miotasach a shíolraigh ón Dia Ceilteach Lugh a raibh buanna ósnádúrtha inspioráide, eolais, agus tuisceana aige. Bhí ar na gaiscígh dul faoi thriallacha diana chun go nglacfaí isteach sa bhFianíad agus mar bhaill den bhuíon ghnóthaigh siad stádas ainrialta. Chaith siad a saol le goin, brad agus bású, ar imeall na sochaí. Níor tháinig an Eaglais slán ón díbheirg: ag tús 'Imram Curaig Ua Corra' léimid faoi thriúr *a baisted i selb díabuill* agus a d'imir *fogail, díberg* agus *ingreim* i gcoinne cléire agus séipéil. Go minic cuireadh an scéal i mbéal dhuine a d'fhill ó shlua na marbh, amhail Caoilte agus Oisín in Acallam na Senórach, téacs ina dtugtar cuntas ar eachtraí idir shaolta agus neamhshaolta i bhfilíocht agus i bprós.

Go dtí le déanaí dhírigh scoláirí ar fhoinsí na seanscéalta agus glacadh gur chaomhnaigh na scríobhaithe 'amid that which is pure fantasy the picture of an old Celtic Society such as the ancient historians described as existing in Gaul' (Dillon 1985, 9). Séard a bhí i bhfinscéalta na laochra ná scáthánú ar ré an laochais, ar shochaí shainaicmeach mhíleata a raibh a laochra tugtha d'eachtraíocht



agus do chogaíocht agus cé nach bhfuil bunús stairiúil leis na scéalta seo, tá rian na fírinne ar an gcineál saoil a léiríonn siad. D'áitigh Mac Cana go raibh iontu "a fair reflection of the oral narrative of pre-literate tradition" (Mac Cana 1971, 97-8). Cáineadh leaganacha suaracha na scríobhaithe - 'the mindless conduits', a bhí go minic difriúil go maith ó na scéalta a hinsíodh do na ríthe (Murphy 1961, 6) agus ag an am céanna níor aithníodh go raibh tionchar mór ag an gcléiriúlachas ar chuid mhaith den litríocht tuata.

Anois, áfach, tá scoláirí mar Baetke agus níos gaire do bhaile, Breatnach, Ó Corráin agus McCone ag díriú ar na téacsanna féin agus ar an gcomhthéacs inar scríobhadh iad agus glactar go raibh feidhm chruthaitheach ag na manaigh níos mó ná feidhm cóipeálaithe agus go raibh siad go mór faoi thionchar cúinsí soisialta agus polaiticiúla a linne féin. Sé ré luath na Críostaíochta fráma tagartha na litríochta seo agus bhí ionad lárnach ag an mBíobla agus ag litríocht chráifeach i saol na manach agus a scríbhinní (McCone 1990, 4, 18). Táthar ar an tuairim go raibh na scríobhaithe beag beann ar a bpréamhacha Ceilteacha.

Tagraím don scoláireacht seo chun tábhacht na fantaisíochta sa litríocht Mheánaoiseach a thabhairt chun cuimhne. Is cinnte go raibh an fhantaisíocht ina steillebheatha sna Meánaoiseanna nuair a scríobhadh na scéalta seo, agus b'fhéidir, amach anseo, go dtabharfar léargas ar a dtábhacht don tsochaí Mheánaoiseach féin. Thug na scéalta pictiúr dúinn ar shíbhialtacht nár tháinig faoi anáil na Gréige agus na Róimhe, dar le Ó Murchú. Tá fírinne éigin ann - thug siad rud éigin dúinn 'from the youth of the world, before the heart had been trained to bow before the head or the imagination to be troubled by logic and reality' (Murphy 1961, 5).

Idir 1200 agus 1600 aistríodh go leor scéalta fantaiseacha go Gaeilge agus chuaigh na téacsanna seo i bhfeidhm ar an gcumadóireacht dhúchasach (Williams agus Ní Mhuiríosa, 1979, 122). Rinne na scríbhneoirí a gcion féin de na scéalta ón Mhóir-roinn agus go minic ba bheag den bhunscéal a bhí fágtha. Go luath san 13ú haois scríobhadh *Merugud Uilix mac Leirtis* agus cé go raibh an 'Odaisé' nó cuid de ar eolas ag an údar, ní raibh an méid sin a chuirfeadh stop lena shamhlaíocht féin. De réir R. Meyer bhí scéal béaloidis idirnáisiúnta fite fuaite tríd chomh maith. Deineadh aistriúchán díreach ar leagan Béarla de *Queste del Saint Graal* (12ú haois)

- 'Lorgaireacht an tSoidhig Naomhtha' san 15ú haois ach bhí coibhneas leis an scéal 'Altrom Tige Dá Medar' ón 14ú haois leis an litríocht Artúrach. Tá móitífeanna, carachtair agus téamaí Artúracha le sonrú i scéalta mar 'Eachtra an Amadáin Mhóir' agus 'Eachtra an Mhadra Mhaoil' agus ar ndóigh dhá scéal Artúraíochta, 'Eachtra Mhacaimh an Iolair' agus 'Céilidhe Iosgaide Léithe'. Is tríd an mBéarla a tháinig an chuid is mó de na scéalta. Tá fhios againn gur thug Sir John Harington leagan Béarla den saothar Iodáilise *Orlando Furioso* go héirinn ar a bhfuil 'Eachtra Mhelóra agus Orlando' bunaithe. Is ar leagan Bhéarla próis de *Roman de Guillaumede Palerme* atá 'Eachtra Uilliam' bunaithe.

I gcoiteann, áfach, ba bheag áit a bhí sa litríocht Eorpach don phrós gearr fantaiseach - scéalta troma deabhóidecha nó teagaisc is mó a scríobhadh sna Meánaoiseanna. Véarsaíocht, cosúil le *The Battle of Maldon*, *The Canterbury Tales*, *fabliau* na Fraincise agus *lais* sa Bhreton, is mó a tháinig anuas chugainn. Is dócha gurb é an *Decameron* le Boccaccio - an chéad saothar próis i dteanga nua-aimseartha - ba mhó a chuaigh i gcion ar scríbhneoirí tar éis na hAthbheochana. Séard a bhí ann ná céad scéal ag déileáil le nádúr an duine agus a staid éidreorach sa saol. D'úsáid sé stíl nua a d'aontaigh eilimintí

an *romans* chuirtéisigh agus eilimintí an *fabliau* agus freisin rinne sé scigmhagadh ar fhoirmeacha eile meánaoiseacha. Chuaigh a scríbhneoireacht i gcion ar leithéidí Navarre sa bhFrainc, a scríobh an *Heptameron*; George Petie sa Bhreatain, agus Cervantes a scríobh *Novelas Ejemplares* - scéalta gearra bríomhara a léirigh suim san aigneolaíocht (Reid 1977, 11). Agus gan amhras ar Rabelais, a scríobh *Gargantua agus Pantagruel*, aor ar institiúidí an ama.

Fad is a bhí filí na hÉireann ag caoineadh a gcruacháis san 17ú agus san 18ú haois, sholáthraigh údar amháin saothar fantaiseach a thug dúinn íomhá den saol mar a chonaic seisean é. Díríodh sa saothar seo, Pairlimint Chlainne Tomás ar na "dronga dóidsmeartha do-áirithe" a tháinig "ó chnocaibh, o charraigeacha agus ó áiteanna diamhuire do-eolais" lán de "bhruith is de bhorradh", iad dúr, dobhránta, díchéillí, santach, brúidiúil, mígheamnaí, iad go drochiompair, déistineach. Is dóigh liom go bhféadfaí a rá, gurb iad na carachtair a iompraíonn an fhantaisíocht seo: níl sa ghníomhaíocht ach toradh na brúidiúlachta, an éirí-in-airde is na hainmheasarachta. Is cluiche í an aoir, cosúil le fantaisíocht ar bith, ina nglacann an léitheoir le scéal an aorthóra mar gurb é a

mhacántacht agus an dúthracht a chaitheann sé i  
leith tóraíocht na fírinne, a shainmharc.

Theip ar an aorthóir colainn na sochaí a ghlanadh  
amach de bharr mheáchain ollmhór an tsalachair a  
tháinig aniar air. Ba é éirí-in-airde an chaocháil  
narbh fhéidir a leigheas agus pé purgóid a úsáidtear  
san aoir ní thagann forás fóna ar na carachtair. I  
bP.C.T. d'fhigh an t-údar táipéis fhantaisíochta le  
snátha ildaite na buirlisce, an scighráma, an  
fhabhalscéil agus na coiméide agus mhaisigh sé é le  
háibhéil, le híoróin, le himeartas focal, le  
gáirsiúlacht is raibiléiseachas. Plota  
timthriallach atá ann - rud atá coitianta sa  
litríocht fhantaiseach chomhaimseartha - ina dtagann  
éirí-in-airde ar na carachtair agus ansin céim síos  
obann. Sí an tsíorghluaiseacht thimthriallach seo  
is cúis le roinnt áirithe den éadóchas agus den  
duairceas atá go láidir san aoir. Críochnaíonn an  
aoir san áit inar thosaigh sí. Feicimid sa chéad  
chaibidil eile conas mar a fhighéann Titley táipéis  
liteartha leis na snátha céanna i scéalta mar 'An  
Tuisle Giniúnach' agus 'An Tríú Scéal Déag'.

Feidhm theagascach is mó a bhain le pairlimint eile,  
'Párlaimint na mBan', saothar atá bunaithe ar  
*Colloquia Familiaria* le Erasmus, (bunaithe ar

*Parliament of Women* le Aristopheles). Scríobh Domhnall Ó Colmáin é i nGaeilge Chontae Chorcaí ag deireadh an 17ú haois agus cáineadh ar mhí-mhóráltacht atá ann don chuid is mó. Bhí tóir ar an fhoirm liteartha sin in Éirinn agus san Eoraip ó na Meánaoiseanna agus cé gur feidhm theagascach a bhí á choimhliónadh, ba fhantais iad arb iad an áibhéil agus an feannadh agus an magadh a mbuaic. Saothar eile próis ar an dul céanna ab ea aoir a chum Dáibhí de Barra ar fhíodóirí Chorcaí, 'Párlaimint na bhFigheadóirí'.

San Eoraip san 18ú haois bhí an náisiúntacht chultúrtha faoi lán seoil agus tháinig borradh mór faoin bprós gearr go háirithe i dtíortha mar an Ghearmáin, an Rúis, an Fhrainc agus Meiriceá. Chabhraigh teacht an irisleabhair leis an mborradh seo agus bhí an-tóir ar an ngearrscéal a bhí á shaothrú go rábach ag scríbhneoirí. Bhí dhá thoradh air sin: chothaigh sé an-éagsúlacht ar lámh amháin ach ar an lámh eile de, íslíodh caighdeán na litríochta, mar cuireadh brú ar údair eagarthóirí a shásamh ó thaobh ábhair, stíle agus struchtúra. Ar dtús ní raibh sa ghearrscéal ach sceitsí nó anecdótaí, iad go minic greannmhar, ach bhí na scéalta rómánsacha, le plota lárnach agus gníomhaíocht laochúil, ag teacht chun cinn chomh

maith. Ní chun é féin a chur in iúl, a scríobh an t-údar na scéalta oibiachtúla, drámatúla seo, ach chun pléisiúr a thabhairt nó go minic, chun ceacht a mhúineadh.

Mar is léir ón ngearrscéal a tháinig chun tosaigh sa Ghearmáin, glacadh leis an fhantaisíocht mar chuid nádúrtha den litríocht seo. Thosaigh na Gearmánaigh ag cur suime i stair agus i mbéaloides a dtíre féin, agus ní hamháin gur bhailigh daoine mar na deartháireacha Grimm a lán scéalta, ach chum scríbhneoirí tábhachtacha mar Brentano, Wilhelm Heinrich Wackenroder, Novalis, Goethe, Hunff, Hoffman agus Tieck a gcuid scéalta i stíl fhantaiseach. Ar dtús, bhí dhá shaghas scéil á scríobh acu - an *Märchen* i stíl fhantaiseach agus an *Novelle* i stíl loighiciúil structúrtha, ach diaidh ar ndiaidh bhí sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir an *Märchen* agus an *Novelle*. Sa *Märchen* a fhaightear síolta an osréadachais, a bhí le sonrú sa litríocht níos déanaí (Reid 1977, 23). I dtreo deireadh na haoise sin áfach, bhí an réadachas ag teacht chun tosaigh agus níor tugadh aitheantas don litríocht fhantaiseach cé go raibh gach scríbhneoir aitheanta á saothrú. Ceann de ghearrscéalta dodhearmadta Pushkin is ea *The Queen of Spades* a chaochann a súil nuair bhuaileann sí bob ar an oifigeach a bhí

ciontach ina bás. Smaoinímíd ar 'An tSrón', 'An Lámh', 'Ag cé a bhfuil a fhios?' agus 'An Horla' le Maupassant.

Go luath sa 19ú haois, nuair a bhí an Ghluaiseacht Rómánsúil faoi lán tseoil, cuireadh suim athuair i dteanga agus i saíocht na nGael freisin. Bunaíodh cumainn mar *The Celtic Society* agus *The Ossianic Society* agus tosaíodh ar láimhscríbhinní a bhailiú agus ar a n-ábhar a fhoilsiú le leagan i mBéarla go minic. Bhailigh daoine mar Carleton, Croker, Wilde, De hÍde corpus miotaseolaíoch a chuaigh i gcionn ar scríbhneoirí mar Yeats, Synge, P. Colum agus James Stephens. Bhí Dubhghlas De hÍde gníomhach ag cur saibhreas mór liteartha na Gaeilge os comhair an phobail in saothair Leabhar Sgeulaigheachta. Cois na Teineadh agus go háirithe Abhráin Ghrádha Chúige Connacht. Bailíodh chomh maith na mílte scéalta béaloidis, 'an chuid is fairsinge den taisce' a bhfuil ilghnéitheacht agus saibhreas speisialta ag baint leo (Williams agus ní Mhuiríosa 1985, 355).

Tháinig an litríocht Bhéarla faoi thionchar an traidisiúin bhéil freisin. Ar na gnéithe is sonraithí san úrscéal in Éirinn bhí an plota scaoilte, reacaireacht earráideach ar uaire, agus



barrachas fantaisíochta. Bhí an t-úrscéal réadach ag teacht i dtreis i Sasana ach má bhí, bhí scríbhneoirí na hÉireann, Le Fanu, Maturin, Fitz-James O'Brien, Bram Stoker agus Lord Dunsany ag dul i ngleic leis an neach dofheicthe, leis an choischéim gan chos, le locha siúil, vaimpíirí agus aon ní eile insamhailte. Seasann cáil litríochta Bhéarla an 19ú haois ar na húrscéalta fantaiseacha.

Ar na húrscéalta fantaiseacha a foilsíodh tá Dracula le B. Stoker, Uncle Silas, Wylder's Hand agus The House by the Churchyard ó pheann Le Fanu agus an t-úrscéal Gotach Melmoth the Wanderer (1820) le Maturin. Scéal an duine faoi leatrom é a thosaíonn i stíl réadach agus a bhriseann isteach i réimsí fantaiseacha, scéal atá forlíonta le caisleáin, taibhsithe, duinsiúin, canablaigh, arrachtaigh shamhailteacha agus réadaíochta, le hanbhuaín agus uafás pearsanta. Thum Le Fanu a pheann i ndúch dubh an uafáis go luath ina shaol leis an ngearrscéal *The Ghost and the Bone Setter*. Léirigh sé sa scéal sin cumas speisialta sa litríocht Ghotach agus stíl ghonta a thug 'biting realism to the story' (Tremayne 1979, 62) agus lean sé leis ar an gcosán céanna le bailiúchán a chuaigh i gcionn ar Stoker, M. R. James agus Lovecraft:

He was undoubtedly one of the great masters of the literary macabre who created some of the most enduring and horrifying tales in the fantasy field. (Tremayne 1979, 64)

Ag plé úrscéil na haoise seo in The Irish Novel tráchtann Cahalan ar dhá chineál fantaisíochta, an fhantaisíocht mhiotaseolaíoch agus an fhantaisíocht thurgnamhach nó an frith-úrscéal. Mar a luaigh mé i gCaibidil 1, choimeád scríbhneoirí mar James Stephens, Flann O' Brien, agus Samuel Beckett bratach na fantaisíochta ar foluain in Éirinn. Scríobh O Grady, Yeats agus Stephens miotaseolaíocht rómánsúil agus bhris siad coinbhinsin an réadachais agus iad ar thóir 'a purer sense of reality'. Bhain litríocht mhiotaseolaíoch de chineáil In the Land of Youth (1924) 'The Crock of Gold' agus 'Demigods' leis an traidisiún Gaelach. Tagaimid ar an bplota timthriallach arís i saothar le McNamara, The Various Lives of Marcus Igoe (1929) agus i And Again le O' Faoláin (1979).

Scríobhadh roinnt mhaith den chineál eile freisin, an cineál a dhiúltaigh glacadh le atmaisféar agus staid antromach na tíre seo. Shnámh údair fantaisíochtamar Eimear O'Duffy, Ó Nualláin agus Beckett in aghaidh an

easa. Bhí an dearg-ghráin acu ar 'puritanical and oppressive tendencies and practices of the ironically named Free State' (Cahalan 1988, 220). Níor tháinig oiread agus bó bheannaithe amháin lena craiceann i litríocht na haoise seo.

Cleachtadh an reiligiúin, cleachtais ghnéis, eacnamaíocht na tíre a feannadh le scian géar na haoire ins an Cuandúine Trilogy le O' Duffy, 'who took up the old weapon of Swift, satiric fantasy, to attack the new mediocrity that was becoming the public norm after independence' (Fallis 1978, 213). Leagtar an laochas ársa taobh le taobh le saol uirbeach na linne i King Goshawk and the Birds (1926) nuair a chláraíonn Cúchulainn sa chlub leadóige. Is ar éigean gur fhág Brian O Nualláin cos faoi litríocht bheannaithe Ghaelach sa 'An Béal Bocht' (1941), 'the finest of his parodies, a hilarious send-up of the autobiography of the Gaelic-speaking innocent' (Fallis 1978, 219) agus tagann nádúr an fhicsin féin faoi scrúdú in At Swim-Two-Birds. Níl iontaoibh aige a deir Lorna Sage as na 'the timid, prurient parties of home' agus ní chreideann sé san 'literary orthodox (which says that the writer re-creates his world) either' (Fallis 1978, 220).

Nuair a chuirtear Murphy (Beckett) i gcomparáid le At Swim-Two-Birds feictear go scarann said araon leis an réadachas. Chuir Beckett roimhe ficsean a shaoradh ó phlota, carachtair agus an teilgean cainte dúchasach, saor ó threalamh an réadachais. Ar shlí rinne M. Ó Cadhain é sin i litríocht na Gaeilge: cé go bhfuil suíomh áirithe i gCré na Cille, is ar éigin go bhfuil plota, ní thagann forás ar na carachtair ná ní chaitear suas aon fhreagraí ar fhadhbanna an tsaoil.

Níl ré ná réigiún nár chuir a fhantais féin ar léarscáil litríochta an domhain. Bíonn síor-imbhualadh domhain i scéalta fantaiseacha, roinnt cosúil leis na tithe in 'Cé Acu?...' i mbaile H agus tá an t-imbhualadh sin ag dul ar aghaidh leis na cianta. D'fhéadfaí a rá, agus an doras dúnta air, gurb é a bhí i ré an réadachais ná roic in éadan na litríochta agus go bhfuilimid ar ais ar bhealach na fantaisíochta, mar adúirt Ursula La Guin, tá an sruth domhain ag dul in aon treo amháin (Borges et al. 1990, 13). Mar a dúirt mé cheana, tá leathantas fairsing ag an bhfantaisíocht. Caithimis súil ar litríocht fhantaiseach idirnáisiúnta, giota beag den leathantas geografach agus téamúil, a léiríonn go bhfuil domhan mór liteartha fantaise amuigh ansin.

Sa chnuasach de scéalta fantaiseacha an domhain, Black Water a d'fhoilsigh Alberto Manguel, luann sé príomhthéamaí an leabhair, scéalta faoi Dhia agus an diabhal, faoi bhrionglóidí - iad siúd a bhfuil fuaimint réadach ag baint leo, iad siúd a chuireann fainic ar dhaoine, agus iad siúd a cheistíonn nádur na beithe féin. Bíonn neacha samhailte nó claochlaithe eile, spioraid (ó na marbh de ghnáth), tárlachaintí aduaine a chomhfhreagraíonn do imeachtaí tábhachtacha, agus *time warps*.

Is mó scéal a bhíonn crochta ar an imeall ceobhránach sin idir an domhan seo agus an domhan eile, idir Dia agus an Diabhal, idir loighiciúlacht agus mistéir. Agus sin go litriúil a dhéanann Gonsuké, a d'fhoghlaim rúndiamhra an díthreabhaigh sa scéal *Sennin* le Akugagawa - crochann sé sa spéir gheal ghorm, idir neamh agus talamh, roinnt cosúil is dócha le Suibhne ach nach gealt é, ach díthreabhach. Bíonn amhras ar an léitheoir faoi imeachtaí ach ní bhíonn fhios riamh. Tá na carachtair sa scéal 'Na Cairde' leis an Airgintíneach, Silvino Campo (comheagraitheoir le Borges agus Casares ar Antologia de la Literatura Fantastica, 1940) gafa idir an diabhal agus Dia. Tá an cara in amhras faoi naofacht Cornelia, an buachaill a bhfuil smacht aige uirthi, an buachaill a chuaigh i gcomhair le cumhacht níos mó

ná iad féin. Téama coitianta é an duine ag cailliúint, nó ag tabhairt uaidh, smacht ar a bheatha féin.

Is solaoid mhaith ar an gcoimhthiú inmheánach agus an táimhe a leanann é, an teach a nglactar seilbh air, seomra i ndiaidh seomra, ag neacha éigin nach bhfeictear riamh. Siúlann áitritheoirí an *House Taken Over* óna dhoras féin gan ach na héadaí ar a ndroim. Sa scéal cáiliúil seo le Julio Cortázar nílimid cinnte an fórsaí réabhlóideacha nó fórsaí diabhlai a ghlacann seilbh ar an teach, nó an é go bhfuil an bheirt gafa in aistíl a mbeatha féin. Tá fhios ag na carachtair ach, níl neart acu air, géilleann siad don rud dosheachanta.

Téama tábhachtach é i ngearrscéalta comhaimseartha an tslí a thugann an duine uaidh an smacht ar a bheatha féin. Tá foilsíú cumhachtach tugtha ar sin i scéalta mar *The Man Who Belonged To Me* le Giovanni Papini, agus le Titley i scéalta mar 'Scéal i mBarr Bata'. Sa chéad scéal cuireann Amico Dite a bheatha, agus ar ndóigh a bhás féin, i lámha scríbhneora fhantaisíochta a chruthóidh, dar leis, saol iontach dó. Ní fada go dtagann an scríbhneoir ar an eolas nach Dia é, go bhfuil sé srianta, go bhfuil saol na samhlaíochta níos torthúla ná an saol réadach agus

nach aon dóithín bheith freagrach as saol dhuine  
eile. Faigheann sé amach go luath go bhfuil gach rud  
aisiompaithe, gurb eisean atá faoi smacht Amico Dite.  
Maraíonn sé é agus cuireann sé ina luí ar an  
léitheoir nach sin a bhí ar intinn aige, ach cé a  
chreidfeadh é? Sé an scríbhneoir, Papini féin ábhar  
a scéalta go minic. In *The Sick Gentleman's Last  
Visit* leis an údar céanna, is ionchollú de  
bhrionglóidí dhuine éigin anaithnid é an  
príomhcharachtar, 'such stuff as dreams are made on'.  
Sníonn a bheatha go mall in anam a chruthaitheora.  
Cuirtear cruacheist an tsaoil ach ní sholáthraítear  
na freagraí: cé hé an cruthaitheoir? Cé hé an duine  
go bhfuil a bhrionglóid chomh fuinniúil agus  
gléineach go gcaitear suas íomhána geall le bheith  
réadach?

Tráchtann Maupassant ar chruthaíocht de shaghas eile  
a thagann i dtír sa bhFrainc ó Mheiriceá Theas agus a  
ghlacann seilbh ar ghnáthdhuine réasúnta,  
loighiciúil. Sa scéal *The Horla* insíonn an reacaire  
a scéal féin, faoin bhfiabhras a bhí air, faoi  
thromluíonna aisteacha, faoin neach a dhéanann ionsaí  
air san oíche, faoin ghreim scórnaí, faoi na  
hiarrachtaí fiáine chun an rud a chaitheamh de.  
Dúisíonn sé, tá sé ina aonar, báite ina allas féin,  
sceimhlithe ina bheatha. Diaidh ar ndiaidh, de réir

mar a théann na laethanta ar aghaidh, tuigeann sé nach bhfuil sé ina aonar - go bhfuil neach á leanúint. Ar deireadh glacann an *Horla* seilbh ar a intinn chéasta, chiaptha. Beartaíonn an reacaire ar é a ghabháil agus é a chur chun báis. Tar éis é a chur faoi ghlas ina sheomra féin, cuireann sé an teach trí thine. Níor oibrigh an plean, caithfidh sé - é féin a mharú. Tíocfaimid ar choimhlint mar seo a éiríonn géarchéim intinne sa scéal Gaeilge, 'An Neach', sa chéad chaibidil eile.

Ni chomhlíonann scéalta eile rialacha an domhain réadaigh maidir le ham agus spás: bíonn cineál amháin ama a bhaineann linne, cineál eile a bhaineann le 'Rip Van Winkle', cineál amháin timpeallachta a aithnímid, cineál eile atá aisteach agus aduain. Cuireann Borges an dá chineál ama le chéile in 'Lúnasa 25, 1983'. Nuair a bhí aois seasca haon agus lá sroichte aige, bhuail sé leis féin i 1983 - bhí sé ag fáil báis, díreach nuair a bhí trí bliana, ceithre scór agus lá slánaithe aige.

In Éirinn bhí ár gceannródaí féin againn sa litríocht fhantaiseach i Máirtín Ó Cadhain a bhain saoirse amach dó féin agus do aon scríbhneoir a bheadh de mhianach ann é a leanúint. Scéal fantaiseach amháin a scríobh sé is ea 'Cé acu?...' ina dtosaíonn na



tithe i mbaile áirithe 'H' ag bualadh a chéile. Fearacht na plá a tháinig ar mhuintir *Oran* in úrscéal Albert Camus La Peste, bhí an tubaiste seo beag beann ar aicmí éagsúla an bhaile agus b'éigean don uile dhuine an tuairteáil agus an toradh a fhulaingt. Chlis ar mhuintir an bhaile - filí agus lucht eaglasta ina measc - teacht ar chúis ná ar fhuascailt na faidhbe. Níl teacht ar na freagraí agus ar deireadh ní fhoilsítear ach éad, faltanas, leithleachas agus gangaid an chine dhaonna.

Is léir ó réimse fairsing ilghéitheach na litríochta fantaisí gur *genre* tábhachtach í a bhí riamh ann agus atá ag teacht go mór chun tosaigh anois. Tá laincisí an réadachais briste agus an scríbhneoir imithe le sruth, scríbhneoirí comhaimseartha na Gaeilge san áireamh.

CAIBIDIL III:

Gearrscéalta Fantaiseacha Comhaimseartha

le

Titlev. MacMathúna agus Ó Conaola

Sa chaibidil seo, beidh scagadh á dhéanamh ar phríomhfheidhmeanna agus struchtúr scéalta fantaisíochta i ndhá leabhar - Eiriceachtaí agus Scéalta Eile. le Alan Titley, Ding, le Séan Mac Mathúna agus corr scéal eile le Dara Ó Conaola.

Baineann an litríocht nua-aimseartha le haigheolaíocht, le réimsí fo-chomhfhiosacha agus neamh-chomhfhiosacha na hintinne. Caitheann scríbhneoirí léas solais ar mheabhraithe na hintinne agus déanann siad é seo trí mhéan na fantaisíochta. Sna scéalta 'Tuatha Dé Danann' le MacMathúna agus 'Scéal i mBarr Bata' le Titley, téimid ar nós bíse ón gcomhfhios go dtí an neamh-chomhfhios: de réir mar chúlaíonn an réadachas, nochtáítear an neamh-chomhfhios; a mhalairt a thárlaíonn sa scéal 'Neach' le Dara Ó Conaola - téimid ón neamh-chomhfhios go dtí an comhfhios.

Aistear ón domhan réadach go domhan fantaiseach na mianta atá i 'Scéal i mBarr Bata'. Sa chuid den scéal atá suite sa domhan réadach, áirítear na mianta doimhne a chomhlíonfar sa domhan fantaiseach: dúil sa scliondar, dúil homaighnéasach, dúil sa dhlúthchaidreamh, san uafás, san fhoréigean, sa bhanéigean, san ainrialachas, agus san ainriantacht.

Téann na taistealaithe ar thuras isteach i ndoimhneas na coille, trasna droichead a thógann iad ón saol réalach go dtí an saol fantaiseach. I ndoimhne an neamh-chomhfheasa cuirtear na 'mianta céadraí, bunúsacha fuaimintíula domhainphearsanta barantúla fréamhbhunata sainiúla' i ngnímh (183). Déanann na gníomhartha sceimhlitheacha ar ghlac siad páirt iontu - loitiméireacht, dúnmharú, banéigean, fearéigean agus foréigean scáthánú ar staid anordach an neamh-chomhfheasa. Léirítear teoiric Jung a éilíonn go bhfuil tionchar ag na próiséis neamh-chomhfhiosacha agus fo-chomhfhiosacha ar iompar an duine.

Tá blas láidir Jungach ar an scéal 'Tuatha Dé Danann' ina léiríonn MacMathúna conas mar a chliseann ar an duine dul i ngleic leis an saol. Cé gur i gceartlár an domhain réadaigh atá suíomh an scéil seo, téann an príomhcharacter an Bráthar Fearghus i muinín na samhlaíochta mar nach féidir leis deighleáil leis na smaointe coiscithe atá ag brú aníos ón leibhéal neamh-chomhfhiosach. Ghlac na mianta doimhne ann seilbh ar a aigne agus chaill sé a ghreim ar a shaol: thóg Dana áit Naomh Antaine, saolaíodh mac dó, cheannaigh sé carr agus teach. Ar deireadh bhris an snáth leanúnach idir an réadacht agus an fhantaisíocht agus mhair sé i ndomhan nua ar

fad, deighilte amach ón ngnáthshaol, ina phríosúnach i ndomhan na fantaisíochta. Tá an léiriú ar a shaol fantaiseach chomh cumhachtach, bríomhar, réadach singur deacair a chreidiúint nach bhfuil ann ach fantaisíocht. Léiriú iontach é ar an duine a choimeádann greim docht daingean ar a fhantaisí: níl aon nóiméad féin-aithne ag Fearghus faoi mar a bhí ag Riabovitch, (luaite cheana ar lch. 26).

Anbhuaine agus coimhthiú atá in ann dó:

Bhraith sé a aigne á thréigean. In áit éigin bhí salmaireacht ar siúl, salmaireacht mhilis Laidine ag moladh na nDéithe. Agus b'fhéidir Bandéithe. (38)

Is léir go nochtann an fhantaisíocht díscailleadh an duine dhaonna: ní údar sóláis ná údar athshlánaithe í, ach modh chun sceoin agus caillteamas a chur in iúl (Apter 1982, 6). Cuireann Ó Conaola an sceoin sin os ár gcomhair sa scéal 'Neach'.

I réimse na brionglóide atá suíomh an scéil seo, áit a bhfuil neach oilbhéasach ag leanúint duine atá scanraithe ina bheathaidh - fearacht scéil de chuid Maupassant, *The Horla* (luaite ar lch 76). Is tríd íomhána samhailteacha mar an neach, a théimid isteach i saol eile (Ó Conaola, 1987), saol inmheánach na hintinne sa chás seo, intinn atá á

chrá ag plúchadh agus paranóia. Úsáideann na húdair sa dá scéal na híomhánna céanna, neach dofheicthe á leanúint, é ag iarraidh na carachtair a thachtadh san oíche agus an choimhlint i seomra a bhí faoi ghlas. Is solaoid choitianta don aigne teach nó seomra i dteach mar a chonacamar san scéal *A House Taken Over* (lch. 74). In *The Horla* níor éirigh leis an scéalaí an lámh in uachtar a fháil ar an ngalar intinne agus dódh an teach. Ní hamhlaidh a bhí sa 'Neach'. Briseann an saol amuigh isteach i seomra na hintinne, fiú agus an doras faoi ghlas agus na fuinneoga fáiscithe, tríd na céadfaithe:

Tháinig an mhaidin. Thosaigh an torann ar na sráideanna. Bhí daoine ag imeacht suas-anuas ar an staighre taobh amuigh den doras. Is gearr gur airigh mé boladh breá as an gcistin ...' (24)

Nuair a bhain sé an glas den doras, theich an neach agus faigheann sé faoiseamh intinne. Chabhraigh sé leis go raibh d'acmhainn ann gáirí faoi féin: 'Déanaim gáire beag fúm féin freisin ...' (25) Ní scéal é seo a chuaigh i gcionn go ró-mhór orm mar bhraith mé an doimhneas mothúchánach (a bhí in 'Tuatha Dé Danann') in easnamh ann. Léiriú é sin is dócha ar chruachás an duine nach bhfuil gnáthchaidreamh aige lena thimpeallacht.



Is i ndomhan an neamh-chomhfheasa a mhaireann na daoine a bhfuil galarintinne géar ag goilliúint orthu agus ní hionadh gur trí mheán na fantaisíochta a dheintear an scáthánú is fearr ar an staid choimhthíoch seo. Ní féidir féachaint isteach i ndoimhneas an anama ach is féidir trín bhfantaisíocht, suímh a chruthú a chaithfidh léas ar an gcoimhthiú, ar an uaigneas agus ar an mbrú mór atá mar chuid den coinníoll daonna. Sa scéal 'Na Quizmháistrí' le Mac Mathúna, léirítear meabhraithe na haigne éidreoraí trí íomhána: teach atá i riocht titim as a chéile, gáirdín lán d'fhiailí bagrathacha agus scoil ar chuma sorcais. Chun béim a chur ar an mbrú neamhthrócaireach, gan staonadh a thagann ó réimse an neamh-chomhfheasa, chruthaigh an t-údar neach fantaiseach a thagann ó lochta agus a fhaigheann an lámh in airde ar an gcarachtar mánla Anthropos, trí mhealltóireacht agus trí bhagairt. Éiríonn leis an údar staid dhearóil, uaigneach, éadóchasach an duine chloíte a dhearadh, duine atá b'fhéidir i staid shíceoiseach. Nuair a chúlaíonn Anthropos isteach sa lochta fágтар an léitheoir le pictiúr de chorpán i gcónra. Níl ann ach lofacht. Téann an scéal go smior ionainn. Ar leibhéal eile, is scéal gach duine é - an ghluaiseacht gan staonadh i dtreo an bháis.

Tá coimhthiú an duine le braistint go láidir sna scéalta seo, go háirithe sna carachtair in Ding: Anthropos lena nádúr scoilte, deighilte amach ón saol ar fad i lochta le 'míolta críonna....ag itheadh soicindí tura [a] shaoil' (96), agus Fearghus nach féidir: 'teacht chun réitigh le córas coisctheach móráltachta - na scrupaill, na coimpléisc is na néaróiseanna, atá ina chuid dílis den mheoin Gaelach' (Mac Giolla Léith, 1983). In 'De Profundis' le MacMathúna, tá an carachtar is aistí ar fad: tincéir a thagann chuig doras agus a mheallann an scéalaí amach chuig Carraig an Aifrinn, áit a gceilliúrann sé scig-aifrinn sa Laidin. D'fhéach Ó Doibhlín ar an gcoimhthíos mar:

staid spioradálta ina n-airíonn an duine é féin ina eachtrannach, é cailte, scaipthe, ar seachrán i measc na rudaí ábhartha, agus na rudaí seo a bheith á stathadh óna inmheánacht féin sa dóigh nach bhfuil seilbh aige air féin ná ar a choinsiasacht féin níos mó. (Ó Doibhlín g.d., 178)

Tá téama na saoirse, nó chun bheith níos cruinne daorsmacht an duine, ina dhlúthchuid de na scéalta seo. I 'Scéal i mBarr Bata' le Titley, roghnaigh an príomhcharacter dul ar shaoire fantaiseach, ach is aistear a iompraíonn é ó shaoirse go daoirse. Nuair a léimid an liosta d'fhadhbanna bagracha ag an tús,



níl aon amhras orainn faoi shuíomh an scéil:

Tá mórán rudaí bun os cionn leis an saol, gan amhras, dífhostaíocht, uafás, foréigean, fearéigean, banéigean, truailliú na timpeallachta, an cogadh núicléach, deireadh an domhain, an peaca in aghaidh an Spioraid Naoimh, drugaí ag daoine óga, corn an domhain agus Ronald Reagan (178)

Nil aon amhras ar an scéalaí ach oiread ach go dteastaíonn uaidh bheith réidh leis na rudaí seo go léir agus beartaíonn sé dul le Tomaltach go háit a mbeidh eispéiris nua le blaiseadh, má b'fhíor don bhróisiúr.

Ar an tslí dóibh go tír fhantaiseach thug Tomaltach faoi deara iasc gafa sa duán ag iascaire agus cé gur ghoill an gníomh neamshibhialta seo ar an scéalaí, dhein sé dearmad ar chruachás an éisc nuair a tháinig sé faoi dhraíocht na foraoise is na gcnoc i mbrothall an lae, faoi dhraíocht na fantaisíochta. Cruthaíonn an íomhá shamhailteach den iasc ar an duán neamshocracht sa léitheoir: is siombal cumhachtach é don duine faoi dhaorsmacht a mhianta folaigh féin. I ndomhan fantaiseach na ndúl, cailleann an duine a shainiúlacht phearsanta féin faoi mar a chaill an scéalaí a shainiúlacht nuair a ghlac sé le smacht an General Factotum, nuair a

chuir sé air éide an pheeler agus nuair a ghlac sé an script dá bheatha - agus ar deireadh - dá bhás féin:

*Bíodh dóthain fola ar na suíochain,  
adúirt an script, agus bíodh a  
inchinn spréite ar fud na fuinneoige.  
(191)*

Chonacamar téama mar seo cheana, (lch. 75), sa scéal *The Man Belonged to Me*, le Papini, inar chuir Amico Dite a bheatha i lámha scríbhneora. Scríobhadh an script dá bheatha agus cuireadh deireadh leis sin freisin.

Smacht de shaghas eile atá i gceist sna scéalta 'Ciot', 'Quizmháistrí' agus 'Scéal i mBarr Bata', Nochtar tríd an bhfantaisíocht an smacht a choimeádann institiúidí áirithe nó an pobal féin ar an nduine aonair. Tá brú an phobail agus brú an dlí sheanchaite léirithe in 'Ciot', tá smacht imeaglach an údaráis in 'Quizmháistrí', (Anthropos ag béicíl ag na daltaí), agus tá urlámhas na heaglaise le sonrú ins 'An Triú Scéal Déag'. Tá na srianta is cealgaí ar fad le tabhairt faoi deara in 'Scéal i mBarr Bata' ina dtugann an duine uaidh a shaorthoil faoi Plean an Tarot don General Factotum, siombail do dheachtóireacht an réimse neamh-chomhfheasa:

Deireann na cártaí linn... go bhfuil

mianta folaigh ionaibh ionaibh go léir, mianta nach mór a thabhairt chun barra nó beidh sibh ag fáisceadh na leapa le frustrachas agus ní bheadh sé sin ceart ar chor ar bith, gan trácht ar é bheith réasúnta. (182)

A mhalairt ar fad a tharlaíonn sa fáthscéal 'Ciot', ina ndiúltaíonn an potadóir liobarálach glacadh leis an mbunreacht a leagadh síos dó sa traidisiún. Scríobhann sé a 'script' féin mar a déarfá. Ealaíontóir is ea Ciot agus mar is dual do dhúchas an ealaíontóra, is duine leithleach, sonarach, difriúil é, duine a fhanann dílis do 'mhúnlaí nua na healaíona' (71), agus a chuireann in aghaidh coimeádachais agus cúngacht tachtach an Chód Photúil. Ach tá sé faoi smacht eile - smacht an dúchais:

Ghluais Ciot amach sa choill. Ní foláir nó chorraigh na crainn é agus iad ag criathrú solas na gealaí isteach ina shúile. Mar bhraith sé chuige óna anam amach an fonn millteach sin, fonn an phota nua. (74)

Nuair a fheictear go mbriseann sé na coinbhinsín ina smidiríní, fógraítear ina eiriceacht toradh a shaothair, agus ar deireadh cuirtear an potadóir chun báis. Ach ar ndóigh maireann sé san ealaín.

An é nach bhfaca sé go raibh an pobal á shaighdeadh aige nó an é nach raibh smacht aige ar an 'fonn millteach' sin a bhí ag borradh aníos ann? Dealraíonn sé ón scéal gur cheap sé go n-athródh sé dearcadh an phobail trí dhúshlán a thabhairt agus réadacht nua a chur os a chomhair. Tá rian de mheargántacht agus de dhúire an ealaíontóra le feiceáil anseo, ach mar a mhíníonn B. Ó Doibhlín:

Féadann an scríbhneoir aghaidh a thabhairt ar mhí-thuisceant agus dearmad agus tarcaisne agus ar a bhás corpartha féin; ach má dhéanann is de bharr go bhfuil an chinnteacht ag lonnú ann go dtiocfaidh an lá go nglacfaidh glúin nach bhfeicfidh sé lena shaothar agus nach dual dó an t-éag ar fad ... go mbeidh a shaothar buan. (Ó Doibhlín g.d. 31))

Tá an nóisean go bhfuil pobal oilte tuisceanach agus freagarthach de dhíth ar an scríbhneoir mar bhunsmaoineamh sa scéal seo.

Sa scéal seo díritear freisin ar easpa saoirse an ealaíontóra sa phobal traidisiúnta a bhfuil éadfhulaingt agus ollsmacht i réim ann go fóill. 'Ba scorn leo aon duine nach raibh tugtha do cheird na potadóireachta' (69) agus ba scorn leo freisin aon photadóir a mhaslaigh an Cód Photúil: is eiriceach agus reibiliúnaí é an t-ealaíontóir fiú i measc a chomhleacaithe féin. Bua na samhlaíochta -

nó an gheit chruthaitheach sin nach féidir leis a bhrú faoi chois - a chuireann ar chumas an ealaíontóra dul coiscéim níos faide ná a chomhleacaithe. Dúirt Pádraic Breatnach faoin scríbhneoir:

Is iondúil don scríbhneoir a bheith anti-establishment, neamh-choinbhínseanach. Bíonn sé i bhfábhar na cosmhuintire. Bíonn 'coirnéil' ar a phearsantacht, 'coileach ina chloigeann'. Is maith leis saibhreas na héagsúlachta, saibhreas na ruaille buaille, saibhreas na diabhláíochta. Seo a thugann ormsa a mheas go mba deise feiliúnaí aige ifreann ná neamh.'  
(Breathnach, P. 1978)

Go deimhin mar a dúirt Titley féin in 'Scéal Bleachtairreachta': 'Coirpeach is ea an scríbhneoir agus caithfear breith air.' Tuigimid cén fáth!

Déanann an scríbhneoir scáthánú ar an sochaí, ní hamháin ar na heilimintí ann atá do-ghlactha, ach ar na heilimintí folaithe, go mb'fhearr leis an sochaí coimeádach dearmad a dhéanamh orthu. Ní ghlacann an pobal traidisiúnta in Éirinn le homaighnéasacht nó le clanna aon tuismitheora, ná ní admhaíonn an pobal céanna go bhfuil greim an fhir bháite ag an Eaglais ar chúrsaí an tsaoil. Glacann an tIarthar le stocthiomsú airm, tá sé beag beann ar bhochtanas sa Triú Domhan, dúnann sé na súile ar theacht i dtír ar

mhionlaigh. Luann R. Jackson an fheidhm seo a bhaineann leis an bhfantaisíocht:

Fantasy literature ... opens up for a brief moment, on to disorder, on to illegality, on to that which lies outside the law, that which is outside dominant value systems. The fantastic traces the unsaid and the unseen of a culture: that which has been silenced, made invisible, covered over and made 'absent'.  
(Jackson 1981, 4)

Níor loic ar Titley saoirse an ealaíontóra a ghlacadh chuige féin agus tabhairt faoi cheist do-luaite an homaighnéasachta. Braithim féin go ndeintear scáthánú maith sna scéalta ar dhearcadh an phobail i leith mionlaigh go coitianta. In 'Scéal i mBarr Bata' feicimid dearcadh difriúil. Tá an dearcadh maslatheach san tagairt gháirsiúil: '..ar chuala tú an ceann faoin mbeirt hómó?' (112); an greann fonóideach san phort a chanann Tomaltach: 'Bogábhair ar maidin, bogábhair ar nóin, is dá ndúiseoinn san oíche is bogábhair a gheobhainn', (189) agus an ciúta neamhdhochrach grinn sa tagairt scigiúil don bhfoilsíúchán 'An Mála Láimhe', (178) agus d'fhadhanna an homaighnéasaigh:

Níor mhiste liom go gceapfaí go mba dhuine den bhuíon sin mé arbh fhearr leo pit maith ná drochsheasamh ach ní fhéadfaimís go léir teacht amach as an gcófra, ag an am gcéanna gan ár gcuid éadaí orainn. (187)

Baineann an dearcadh míchuíosach a léirigh an buachaill óg álainn dár mbonnaibh sinn ar fad áfach. Dealraíonn sé sa scéal go nochtfaidh an buachaill seo a chroí don homaighnéasach a bhí dúilmhear ina leith, ach in ionad sin nochtann sé aigne atá nimhnithe le mioscais is fuath - agus gunna. Éistean an scéalaí le guth goimhiúil borb ag fógairt a bháis:

Seo é deireadh an aistir, ar seisean faoi mar a bheadh an script de mheabhair aige, is gráin liom do chineál is bhur gcigireacht tóna, bhur mbuachailleacht bháitín, bhur síleadóireacht, is sibh dríodar na cruinne.' (191)

Baineann an dearcadh macánta éadulaingeach seo agus an chaint dhíreach i dteanga lom bhalbh dár bprapaireacht sin, agus cuireann sé iachall orainn scrúdú a dhéanamh ar ár ndearcadh féin. Tá iarracht de scannán Hitchcock ag baint leis an scéal seo leis an mbob suarach a bhuailtear: éilítear combhá don scéalaí ar dtús agus ansin coimeádtar eisean, agus an léitheoir ar tinneall ar feadh an ama sula n-imrítear beart foréigneach air. Is ar éigean a d'fhéadfainn na línte 'bíodh a inchinn spréite ar fuaid na fuinneoige' a léamh! Bhraith mé go raibh mé teilgthe amach as saol compórdach, sábháilte na fantaisíochta isteach sa domhan réadach. An domhan

réadach a bhí á chur i láthair. Tugadh dúinn radharc ar an rud atá faoi chraiceann an duine agus faoi dhromchla deas na 'síbhialtachta', ar an uafás atá mar chuid den stair ó thús aimsire.

Ceann de chancair mhallíseacha ár gcultúir a thugtar chun solais, ná an mhídhonnacht oifigiúil i leith an duine - cancar atá ann riamh. Trí atógáil chruthaitheach stairiúil seoltar an léitheoir isteach i gceartlár sraith de radharcanna uafásacha: Réabhlóid na Fraince, díshealbhú na nGael, díothú na nIndiach ag an nGlúin Leointe agus an t-ár a deineadh ar áitreabhaigh *Mai Lai* san aois seo. Spreagfadh na línte gearra íorónta seo uafás i gcroí an duine:

Bhí lá againn i Vítneam, mise ag  
caitheamh napailm síos ar  
shráidbhaile lán de sceimhlitheoirí  
idir óg agus bhaineann fad a bhí  
Tomaltach ag dul isteach i *Mai Lai* ag  
tabhairt an daonlathais do na  
dúchasaigh. (189)

Tá tuairim ag an teoiricí Olsen go gcaithfidh an sochaí breathnú ar an gcuid sin dá chultúr nach dteastaíonn uaidh a fheiceáil le go mbeadh sé ráthúil agus buanseasmhach. Díreach cosúil leis an duine féin, chun bheith slán folláin tá sé riachtanach go mbeadh an chuid neamh-chomhfhiosach i



ditiún leis an gcomhfhios. Tugann an fhantaisíocht caoi don chultúr breathnú ar a chodanna laga uamhnacha:

Fantasy presents a culture with that which it cannot stand, possibilities of alternate universes: murder, homosexuality, sadism and so forth. Thereby it explores the limits of civilization, decomposes humanist and religious sanctions concerning what is 'proper', 'decent' and 'acceptable'. It invites the individual to trespass, but it also allows a culture the possibility of vicarious fulfillment, of sublimation. (Olsen 1987, 22)

Sa Ré Iarchríostaí féachtar ar an duine mar aonaránach, duine uaigneach ag iarraidh tuisceana air féin, duine ar thóraíocht na fírinne i ndomhan atá lán 'd'áiféis, botúntacht agus aimidí'. Tá téama an fholúis le fáil go forleathan sna scéalta fantaiseacha seo atá idir camána againn, mar fhreagra is dócha ar an síorfhiosrú agus an síorcheistiú faoi bhuncheisteanna na beatha a bhíonn ar siúl i gcroí an duine aonaraigh. Ní haon údar sóláis dúinn na scéalta seo. San scéal aisteach 'Cé Acu?...' le Máirtín Ó Cadhain tugtar le fios go fáthchiallach go bhfuil sé chomh do-dhéanta teacht ar an bhfírinne agus atá sé tuiscint a fháil ar thithe a imbhuailéann a chéile i mbaile áirithe H. Sa saol traidisiúnta bhí an fhírinne le fáil sna

miotais phribhléidithe - sna reiligiúin. I scéalta Uí Chadhain, tagraítear don áit sin 'Inis na Fírinne', áit ina mbeadh '...oscailt súl agus foilsíú feasa a bhí á lorg ag filí, fáithe agus ag fealsaimh ar feadh na mílte bliain.' Scríobh Ó Conaola sa scéal 'Fága 2', faoi phobal iarbháis ar fuaidreamh i lár na mara móire, ag fanacht le slánaitheoir. Tháinig sé ceart go leor ach d'imigh sé uathu - ag siúl ar an bhfarraige agus d'fhág sé iad i staid níos measa.

Má dhearbhaíonn Ó Cadhain nach bhfuil teacht ar an bhfírinne sa saol seo, dearbhaítear sna scéalta 'Cuíorscéal' agus 'Oighearaois: Aerís: Arís' le Titley agus 'Fága 2' le Ó Conaola nach bhfuil a leithéid de rud ann. Níl i bhfírinne an tsaoil nó sa tuiscint ar an mbeatha ach brionglóid agus níl sa chuardach ach 'modarfocar' ceart - dar le scéalaí Titley. Tá an dream ilghnéitheach in 'Cuíorscéal' ar fán ar feadh dhá mhíle bliain agus an cine daonna ar fad is dealraitheach, ag timpeallú na cruinne ar feadh na mílte megabliain in 'Oighearaois: Aerís: Arís'. An dream ainnis sa soitheach ar an bhfarraige, ('Fága 2'), beidh siad ann go deo na ndeor freisin. Oscailt súl iad na scéalta seo, a thugann léargas úr dúinn ar an duine iarchlaisiceach, léargas a dhiúltaíonn don éirim

chlasaiceach mar a rianaigh Titley é:

... an tuiscint sin go bhfuil ailtireacht an tsaoil seasta, go bhfuilimid ag obair laistigh de chultúr atá tugtha, go nglacaimid le gnásimeachtaí atá buan, le reiligiún atá fíor agus síoraí agus ceart, go bhfuil aon stíl amháin ann chun an tseasmhacht seo a chur in iúl - agus go gcaitheann an phearsa scríbhneora é féin a chur in oiriúint do na rátaí seo a bhfuil talamh slán déanta díobh. (Titley 1983, 17)

Chruthaigh Titley an fhantais 'Cuíorscéal' i bhfoirm an scéil rómánsaigh, rud a dheineann scáthánú ar an gcruachás ina bhfuilimid: má tá an fhírinne uainn, caithimid í a chruthú mar a chruthófá fantaisíocht. Tá cuma an rómáns ar an insint, ach tá teachtaireacht nua frithrómánsach, raibiléiseach sníofa tríd, a dheineann muga-maga den traidisiún agus a tharraingíonn suntas ar dhúire agus ar dhaille an duine féin. D'aimsigh an bhuíon bheag fírinne do-thuigthe, scríofa ar phiolla beag: 'Tan bid so; Tan bid sin; Tan bid a n-aill' (63). Tugtar sacadh don traidisiún nuair a mhaítear gur féidir eaglais a bhunú ar an deich bhfocal seo gan dealramh atá greanta ar taibléid, an tAonú Aithne Déag! (61) Agus sin gan lámh isteach ag na mná. Magadh é faoin an eaglais, agus faoin tsibhialtacht a bunaíodh ar bhonn deich n-aitheanta a bhí greanta ar thaibléid

chloiche in anallód. Cé is moite den greann raibiléiseach atá go rábach ann agus an dearcadh a deireann 'Fubún fútsa freisin' leis an dtraidisiún agus leis an reiligiún mheas mé go raibh roinnt de leadránacht an scéil bhéaloidis gafa ag an údar chomh maith. Tagaim le David Marcus agus é ag míniú áit speisialta an ghearrscéil i litríocht na tíre seo:

The answer lies in the fact that at its most moving and powerful best the modern shortstory is an instrument of protest. (Marcus 1972, 12)

Tugann an fhantaisíocht saoirse don údar an agóid sin a dhéanamh. Diúltaíonn sí don rud státach agus don rud réadach, seasmhach, agus buan, caitheann sí amhras ar na traidisiúin agus ar na dogmaí is beannaithe a bhí mar bhunchloch na síbhialtachta agus cruthaíonn sí neamhshocracht trí shíol na neamhchinnteachta a chur in aigne an léitheora. ('Ná dein machaire réidh de go bhfuil an fhírinne ann,' adeir Dící in 'Cuiforscéal', 51)

Scéal a bhaineann le litríocht Postmodernist é 'Oighearaois: Aerís: Arís'. Níl an scéal chomh soiléir, tréith a bhaineann le litríocht den saghas seo. Cuireann an scéal an nathair lena eireaball ina bhéal i gcuimhne dom - gan tosach ná críoch.

Beatha, bás agus am is téama dó. Faigheann duine bás (mar a thuigimidne é) sa scéal, ach níl sé soiléir an é an scéalaí féin nó a athair a fhaigheann bás nó an mbaineann an scéalaí le saol iarbháis nó réamh-bháis. Tá teorainneacha ama curtha ar ceal, tá na fadhbanna eolaíochta faoi 'bhundhamhna na beithe' réitithe le fada agus cé go maireann an scéalaí sa tsíoraíocht agus sa 'tsiaraíocht' uaireanta, is mistéir fós é an bás. Leanann an cuardach idir-réaltach ach níl fhios ag an príomh-charactar cá bhfuil a athair, ná níl réiteach le fáil ar fáth a bháis. Chríochnaigh an scéal mar a thosaigh sé. Dúirt David Lodge:

Unlike modernist fiction it subverts the idea that coherent and unified meaning can be constructed; instead of dissipating uncertainty, it creates uncertainty. (Lodge 1977, 227)

Tá an neamhchinnteacht go forleathan sa scéal seo ina maireann an scéalaí idir domhan na fantaisíochta agus domhan réadach, san aimsir chaite, agus san aimsir fháistineach idir bás is beatha.

Tugann Titley faoin traidisiún agus faoin reiligiún, faoi nádúr an duine agus nádúr Dé i slí easurramach, ghlóiréiseach, scannalach fiú, go háirithe sna scéalta 'An Tuisle Giniúnach', 'Cuíorscéal' agus 'An

Triú Scéal Déag'. Deineann sé an rud a theastaíonn ón ealaíontóir in 'Ciot' a dhéanamh: na rialacha agus coinbhinsiúin a bhriseadh ina smidiríní. Ina shlí féin, is é Titley an reibiliúnaí, a bhriseann na coinbhinsiúin, an t-eiriceach a dhiúltaíonn do smaointe réamhcheaptha, atá frith-thraidisiúnta. Is é an raibiléiseachas mar a shainmhínigh Titley féin é in 'Scéal Bleachtaireachta', an mothú is láidre sna scéalta seo:

Is í an fhuaimint bhunaidh atá ag an bhfocal raibiléiseach dearcadh áirithe i leith an tsaoil agus an duine; meon a dhéanann muga-maga agus fonóid faoi ghothaí, agus bhréag-ghalántacht an duine; éirim a chaitheann drochmheas ar na hinstitiúidí, agus ar na tuairimí is beannaithe, agus is naofa atá aige. Aithníonn sé, ach go háirithe, an tuairim go bhfuil dínit ar bith ag baint le nádúr is le hiompar an duine. Níl sa saol dar leis an meon seo, ach botúntacht, agus áiféis, agus aimidí'. (102)

Scigmhagadh iontach iad na scéalta seo ar bhréag-ghalántacht an duine agus ar an traidisiún ar a bhfuil an nóisean sin bunaithe, traidisiún a bhí mar bhunchloch dár gcultúr ar feadh na mílte bliain. Sa scéal 'An Tuisle Giniúnach' deintear fonóid faoi na seanmhiotais de chruthú an domhain a bhronn stádas ar an duine agus a dheimhnigh a ionad sa chruinne agus faoi theagasc dogmatach na Críostaíochta gur

chruthaigh Dia an duine ina íomhá féin. Ní le anáil bheannaithe an Spioraid Naoimh a cruthaíodh an domhan ach 'le fearta, le séidíl is le snuchairacht...' (11) Ba thuisle é cruthú an duine, toradh ar fhleá drabhlásach óil, ragairne is collaíochta. Is é an duine pór na ndéithe, lena samhlaítear na tréithe is suaraí: áiféis, ciotrúntacht, gáirsiúlacht, dramhlás, díomhaoiteas. Níl sa duine ach 'neach' cosúil leis na 'scrum is na scam is na scraofaí.' Deintear muga maga de mhórchúis an duine nuair a bhronann Jia air, tréithe nach dtuigeann éinne mar 'sonas agus grá agus fírinne agus áilleacht...' (15) Níl teora leis na smaointe easurramacha sna scéalta seo, mar adúirt Oscar Wilde: 'Nothing succeeds like excess'! Tá macallaí den scríoptúr san íomhá den aoire agus a thréad san scéal 'Cuiforscéal' ach is magúil easurramach í an íomhá: cuma fathaigh, le féasóg fhada ghabhlánach, cuma ghioblach agus subh idir a bharraicíní le guth 'ar nós na plobarnaíle a dheineann frog agus é ag dul i bhfolach sa láib.' (54) Níl teora le dánaíocht an scríbhneora: ní sacraileid go dtí é an chomparáid idir an phiolla agus 'abhlainn' nó 'grianghraf de ghrásta Dé'. Tá Titley ag leanúint a shoiscéil féin maidir leis an scríbhneoireacht:

Is gníomh creidimh í an

scríbhneoireacht; is cluiche í leis an gcinniúint, iasacht ón aimsir fháistineach, gadaíocht ón tsíorraíocht, éamh in aghaidh an chiúnais. Dá dhána, dá mhisniúla, dá chróga í an litríocht, dá aoirde a glam, is ea is óige, is fuinniúla, is bíogúla a bheidh sí. Is iad na seandaoine a fhanann cois tine agus a chuimhníonn ar na laethanta fadó, a mhaireann in anallód is a fhanann leis an mbás. Is é an duine dalba a chaitheann seile in aghaidh an éaga, a théann ag magadh faoi is ag spochadh as, a deireann 'fubún fútsa freisin' suas lena phus. (Titley 1981, 113)

Leantar den aoradh céanna in 'An Triú Scéal Déag', ina dtarlaíonn an eachtra fhantaiseach a bhfuil daoine ag súil leis le mílte bliain: an breithiúnas deireannach ar Lá Philib an Chleite. Breathnaítear ar eachtraí an lae le soiniciúlacht agus le fuarchúis a léiríonn intinn neamhspleách an agnóisigh (murab ionann is Cití Barra agus a compánaigh atá fós ag ithe cnónna caocha). Tugtar cúntas spraiúil ar an lá seo ina dtagann na fíréin le chéile le gliogram agus gleo ó gach aird i bPáirc an Fhionnuisce. Is scigdhrama é aiséirí na marbh, agus is crannchur é an breithiúnas. Daortar daoine ar an gcaolchuid, daoine le toisí míchearta nó le gléasadh mí-oiriúnach agus daortar Aimhirgín ainneoin a mhacántachta. Iompaítear an domhan mar a



bhí sé bunoscionn nuair a chuir Aimhirgín urchar i nDia, agus buailtear an buille deiridh ar son na saoirse: le Dia marbh is féidir aon rud is maith leat a dhéanamh - agus a rá. Fágann gníomh mar seo folús sa chosmos agus i gcroí an duine, folús a chaithfear a líonadh.

Ag braith ar fhealsúnacht an duine, tá cumas ag litríocht mar seo, na míotais is ansa a bhaineann le brí na beatha a scaipeadh. Cuirtear ding idir an léitheoir agus a bunphrionsabail trí amhras a chothú, ag cur iachall air ainilís oibiachtúil a dhéanamh ar a smaointe réamhcheaptha. Ní réitíonn an litríocht seo fadhbanna don duine ná ní thugann sí freagraí - a mhalairt a tharlaíonn. Cruthaítear teannas nach bhfuil faoiseamh le fáil air agus coinbhleachtaí nach féidir a réiteach ach - tugtar buille ar son saoirse an duine:

This literature offers us a powerful challenge to our mind-sets and outlooks; an ambiguous attack since it can destroy our icons or can fulfil the highest form of literature as Sartre saw it: and remind us of our freedom. (Hume 1984, 126)

Go rómhínic athraíonn an réadacht ach ní athraíonn dearcadh an phobail da réir. Díríonn an scríbhneoir comhaimseartha (mar Titley) ar na hathruithe agus

tugann guth easurramach, fírinneach do na hathruithe sin.

Go dtí seo bhí ár n-aird dírithe ar fheidhmeanna sna scéalta fantaiseacha seo. Is gá anois féachaint ar amhábhár na fantaisíochta féin - an éagsúlacht struchtúrtha agus stíle, a chruthaíonn agus a iompraíonn an fhantais.

Nuair a smaoinítear ar an bhfantaisíocht, go minic bítear ag súil le scéalta atá scoite amach ón domhan 'réadach', scéalta ina gcruthaítear domhain nua agus difriúil, a bhféadfadh duine éalú chucu. Is beag d'fhantaisíocht an éalúchais atá le sonrú sna scéalta seo áfach, mar cé go bhfuil cuid acu suite san domhan 'eile', táid préamhaithe go daingean san eispéireas daonna. Sna scéalta fantaiseacha faoi chaibidil againn, tógtar isteach sinn i ndomhain neamhshaolta, domhain a bhfuil áiféis, greannmhaireacht, truaimehéileacht agus fíorbheagán den uaisleacht ag baint leo. Cosúil le péintéireacht an impriseanachais, áfach, ní dheartar pictiúir ghlé de shuímh na scéalta seo, ní thugtar ach breacphictiúir: spásloing ar Bhealach na Bó Finne ('Oighearaois: Aerís: Arís'); domhain fantaiseacha le locha bainne agus beithe neamhshaolta ('Cuíorscéal'); domhain gan

teorainneacha ama nó spáise ('Scéal i mBarr Bata' agus 'Oighearaois: Aerís: Arís'). Mar chodarsnacht leis an litríocht réadach, níl suímh deifnídeacha ag na scéalta seo, go deimhin, d'fhéadfaí a rá nach bhfuil suíomh ar bith i gceist sna scéalta 'An Tuisle Giniúna': níl ann ach idéanna. Eisceacht is ea 'An Triú Scéal Déag' atá suite i mBaile Átha Cliath. Sa domhan idir-eatarthu atá scéalta mar 'De Profundis' suite, beagán cosúil leis na Fianna, a mhair ar an imeall, idir an domhan réadach agus an domhan neamhréadach.

Tá col ag an bhfantaisíocht leis an rud atá statach agus ní hionadh go bhfuil síorghluaiseacht ina íomhá tábhachtach sna scéalta seo - ag léiriú guagacht agus neamhshocracht. Ní réitíonn an suíomh deifnídeach, an plota líneach, an fhoirm iata, ná an dúnadh néata leis an modh inste seo. Brostaíonn an plota líneach sa scéal réadach ar aghaidh i dtreo an dúnadh néata, mar go dteastaíonn réiteach na faidhbe nó míniúchán ar an mhistéir uaidh go práinneach. Ní mar sin do na scéalta fantaiseacha, mar táid tógtha ar an éiginnteacht agus ní féidir leo aon mhíniú a thabhairt agus ní bhíonn críoch sásúil. Is samhail mhaith den bhfantaisíocht féin é aistear timthriallach Íosagáin in 'Oighearaois: Aerís; Arís'. Tá sé ar guairdeall timpeall na cruinne, ag

gabháil thar na háiteanna agus na haoiseanna céanna arís ... is arís ... is arís ach níl aon cheann scríbe aige. Tá an turas níos tábhachtaí ná an sprioc, an cuardach níos luachmhaire ná an éadáil.

Cosúil le híosagán, nuair is dóigh linn go bhfuilimid ag deireadh an scéil, deinimid machnamh agus tuigimid go bhfuilimid ar ais ag an tosach arís. Ag deireadh na tóraíochta in 'Cuíorscéal' mar shampla, cloisimid an scéalaí ag admháil go mbíonn 'gach tús simplí' agus go bhfuilid chun tosú arís. Ag deireadh an leabhair sin, tar éis do Aímhirgín Dia a mharú, deireann sé go bhfuil sé chomh maith 'tosú as an nua arís' (206). Ní raibh sé in ann freastal ar shochraid Dé mar bhí sé ró-ghnóthach - 'ag iarraidh ciall a chruthú i gcomhair cúrsaí an tsaoil'. Ach tar éis an leabhar Eiriceachtaí agus Scéalta Eile a léamh, tá ciall cheannaithe againn agus tuigimid go bhfuil sé chomh maith dhúinn ár muinín a chur sna déithe a cheap an tuisle giniúna ná in Aímhirgín atá fós ag ithe cnónna caocha. Braithimid go bhfuilimid ar ais ag tosach an leabhair arís agus gur fantais é an rud go léir.

Gné choitianta de scéalta fantaiseacha Titley é an plota timthriallach go háirithe de na scéalta sin a dheineann aoradh ar reiligiún. Míníonn David Lodge

an fáth nach réitíonn scríbhneoireacht nuaimseartha leis an dearcadh Críostaí:

Christianity is based on a linear concept of history extending from Genesis to the Last Day, and assumes the unique identity of the individual soul, as the realistic novel is based on the linear plot and the notion of autonomous character: whereas modernist writing is strongly attracted to pagan or neo-Platonic forms of religion, cyclic theories and the idea of reincarnation. (Lodge 1977, 50)

Tá macallaí den *déjà vu*, den athioncholnú go tréan san scéal 'Oighearaois: Aerís: Arís' agus i roinnt scéalta eile mar 'De Profundis'. Níl aon chríoch deifnídeach in 'Scéal i mBarr Bata' agus ní bheidh fhios againn go deo cad a tharlóidh don reacaire. Fághtar an léitheoir ar tinneall. Deir David Lodge:

The author scuttles his story in the last line and this prevents the reader from leaving its uncomfortable implications safely enclosed within the category of literature or fiction. (Lodge 1977, 223)

Cothaíonn an dúnadh oscailte agus an dúnadh doiléir éiginnteacht agus neamhshocracht - gnéithe eisintiúla den litríocht fhantaiseach.

Glacaimíd go réidh gur scéalta fantaiseacha iad na scéalta in Eiriceachtaí agus Scéalta eile, mar go

bhfuilid ag druidim i dtreo na hinste éachtúla -  
'Cuíorscéal' scríofa i bhfoirm an scéil bhéaloidis,  
'Oighearaois: Aerís: Arís' a bhaineann leis  
bhficsean eolaíoch, 'An Tuisle Giniúna' agus 'An  
Tríú Scéal Déag' atá bunaithe ar mhíotais  
pribhléidithe agus scéalta fáthchiallacha mar  
'Ciot'. Deirim 'ag druidim i dtreo' mar tá  
difríochtaí suntasacha idir na fantaisí seo agus na  
seanscéalta éachtúla. Sa scéal comhaimseartha, ní  
bhíonn an scéalaí eolgaiseach agus údarásach faoin  
scéal, mar shampla níl fhios ag an scéalaí in 'Scéal  
i mBarr Bata' go bhfuil an bás i ndán dó agus níl  
íosagán cinnte faoin mbás ná faoin mbeatha... ná níl  
fhios ag an léitheoir ach oíread. Go minic bíonn  
níos mó ná dearcadh amháin á thabhairt: trí shúile  
Aimhirgín agus a chara a fhaighimid léargas ar an  
mbreithiúnas. Agus an difríocht is mó is dócha is  
ea go bhfuilid cumhachtach go leor chun cur isteach  
ar an léitheoir - murab ionann is na seanscéalta ní  
féidir leis an léitheoir gan bheith rannpháirteach  
sna heachtraí.

Tá éiginnteacht i láthair go speisialta i scéalta  
Mhic Mhathúna atá de shíor ag tabhairt an dúshlán  
don léitheoir: creid nó ná creid! Ina scéalta siúd  
tá an réadachas agus an neamhshaoltacht doscartha.  
Instear scéalta mar 'Tuatha Dé Danann' agus 'De

Profundis' san modh réadach agus dearbhaítear don léitheoir (trí ghuth scéalai iontaobhach), gur fírinneach an scéal: an Br. Fearghus a chuaigh leis an ord i 1950; an tincéir feistithe i seanchóta sagart ag an doras. Ansin baintear cliseadh as an léitheoir nuair a threoraítear é isteach i réimse na neamhshaoltachta. San scéal 'De Profundis' is iad amhras agus iontas, sceimhle agus síorchoimhlint in aigne an scéalai féin, is mó a chruthaíonn an neamhchinnteacht:

Bhí coimhlint ceart ar siúl i m'aigne. Bhí a fhios agam nach raibh sé seo ceart, ach bhí sórt eagla orm faoin duine seo i m'aice. (118)

Feicimid sampla eile den éiginnteacht nuair a thagann claochlú ar an tincéir:

Ní foláir gurb é gaothraíl an pháipéir sa chrann cuilinn a thug orm mo cheann a thógáil. T'anam 'on diabhal ach thóg mé sceit i gceart. In aice le Carraig an Aifrinn bhí sagart feistithe in ailb mhór bháin... Gealt, sagart, diabhal... Trí ní nach mór eatartha i measc mhuintir na tuaithe... D'éiríos go mall is d'fhair mé an taibhse seo arís. (116)

An taibhse é? An sagart ó aimsir na bPéindlithe é?  
An gealt é a d'éalaigh ón ospidéal? Eispéireas ath-ioncholnaithe an scéalai féin b'fhéidir? Thug

Vladimir Solovyov an sainmhíniú seo ar an saghas seo fantaisíochta:

In the genuine fantastic, there is always the external and formal possibility of a simple explanation of phenomena, but at the same time this explanation is completely stripped of all internal probability. (Jackson 1981, 27)

Tá an fhantaisíocht bunaithe ar dhoiléire agus ar fhrisnéis atá go rábach sa scéal seo agus níl aon leagan cinnte den 'réadacht' ann. Tá an balbhán ann nach labhrann ach Laidín, an tincéir a léiríonn mórtas agus diamhracht, an sagart diabhláíoch a screadann amach: 'De Profundis clamavi ad te' - nóiméad eile níl ann ach an seantincéir fustrach.

Sa litríocht réadach níl aon bhearna idir an *signifié* agus an *signifiant*, ach sa litríocht fhantaiseach níl aon chinnteacht ann faoi chóras thagartha na bhfocal - tá deighilt idir an focal agus an rud a dtagraíonn sé dó mar go bhfuil níos mó ná aon mhíniú amháin ar an bhfocal. Téann Titley níos faide ná sin agus cruthaíonn sé fantaisíocht focal a bhfuil idir úire agus dhoiléire, idir fhíleatas agus ghairbhe ina meascán mearaí ann - ach go minic, ní bhíonn brí ar bith leis, leithéid chaint na ndéithe atá dothuigthe, foclach agus



seafóideach, (rud a mbeifeá ag súil leis ó dhéithe atá ar síormheisce). Níl sna focail - flúraibínteacht, caraplunca agus claba-dlíosionc srl, ach comharthaí follamha, a léiríonn an deighilt idir an comhartha agus an míniú, mar a dúirt Beckett in Molloy (1959): 'There could be no things but nameless things, no names but thingless names' (Jackson 1981, 38).

Go hiondúil sna scéalta seo, bíonn brí mheafarach ag baint leis na hainmneacha dílse agus is cuid thábhachtach iad de struchtúr inmheánach na fantaise. Seoltar an fhantaisíocht ar aghaidh ar mire sna hainmneacha dílse in Ciot. Díríonn ainmneacha mar Arthach, Scilléid agus Crúiscín ár smaointe ar na soithigh sin sa tslí nach bhfeicimid an duine daonna a thuilleadh, ach an comhartha seachtarach den bhíogadh cruthaitheach inmheánach. Ainmneacha eile ar fiú iad a áireamh is ea an Ginearál Factotem a sheasann don chóras deachtóireachta an neamh-chomhfheasa, Docila an bhean an tí agus Suffrinjaysus, a bhíonn buartha faoina shláinte. Treisíonn na hainmneacha dílse san scéal 'Oighearaois: Aerís: Arís' an fhantaisíocht thodhchaíoch, ina bhfuil reiligiúin agus cultúir mhóra an domhain seo imithe i léig le fada, mar is léir ón nós atá ann daoine a bhaisteadh 'as fáithe

agus as eemain agus as asarlaithe a mhair in  
anallód, más fíor.' Baineann an stádas céanna le  
Fido, Spota, Bran agus Snap is a bhain le Machmad,  
Búd agus Íosagán san seansaol! Cabhraíonn  
ainmneacha mar seo leis an folús a chur i gcéill, an  
spás sin a bhí líonta le miotais, is deacair í a  
líonadh.

Braitheann éifeacht na fantaisíochta ar ghiúmar nó  
ar thoilteanas an léitheora bheith páirteach i  
gcomhcheilg an údair. Iarrtar ar an léitheoir a  
réamhchoincheapanna a chur uaidh agus glacadh le  
domhan nua, nó le suíomh atá neamhchinnte nó  
neamshocair. Is cuid tharraingteach, ghreannmhar  
den fhantaisíocht an imeacht ón ngnáthfhocal, ón  
ngnáthíomhá, ón ngnáthchiall, agus ón ngnáthshaol.  
Tá an greann seo le fáil go flúirseach agus go  
fairsing sna scéalta.

An greann is spleodraí i scéalta Titley tá sé le  
braith sa teanga: san imeartas focal, san  
scigáithris agus sa chaint raibiléiseach, san  
charnadh focal agus san áibhéil. Ní féidir an t-  
imeartas focal agus úsáid neamhghnáthach na bhfocal  
ina scéalta siúd a shárú. Baintear barrathuisle as  
an léitheoir le gach casadh, go dtí go mbíonn  
mearbhall agus ionadh ort faoi éirim agus clisteacht

agus úire na teangan. 'Litríocht ar meisce' í mar a déarfadh an t-údar féin.

Tóg an chéad scéal 'An Tuisle Giniúna'. Ar feadh nóiméid amháin is ar an rang gramadaí atá ár dtriail, ach nuair a léimid an chéad líne: 'Feacht n-aon dá raibh na déithe uile go léir ag ól is ag ceol ...', is léir go bhfuil an tuisle cruthaitheach ag preabadh san údar, ag tabhairt foláirimh don léitheoir gur mó tuisle agus geit a bhainfear aisti idir seo agus deireadh an leabhair. Is feiliúnaí an ráiteas seo leanas do leabhar Titley ná don duine atá le cruthú ag Jia:

Chuirfinn go leor rudaí isteach ann  
nach mbeadh *bun ná bán* leo a  
choinneodh gnóthach iad go ceann  
mílte bliain. (14)

Tá imeartas focal mar sin ann go tiubh (bualtrach bos, Anmuilleannceart, an chine dhona, craisceadal...) agus seanfhocail agus clíchéanna curtha as riocht chomh minic go mb'fhéidir gurb é sin an fíor tuisle giniúna, mar is cinnte go gcoimeádfar scoláirí gnóthach go ceann tamaill an-fhada ag déanamh scagadh ar an domhan fantaiseach seo a chruthaigh Titley. Tá an-ghreann sna seanfhocail de réir Titley: 'Cuimhnigh i gcónaí gur mar a bhlítear a shiltear...' (12) nó 'Céard faoin

mbean nach raibh láidir nárbh fholáir di bheith *chic* ...' (113). Tá an leath-thagairt ghreannmhar ghnéasach ann freisin, a leithéid de 'Loinne ár luí, ceart ár mbréag is beart de réir ár mbriste' (112) agus an dia (baindia?) Jín a deireann:

'Buailfimíd búb ar fhearaibh!'  
'Ní fhágfaimíd rogha an dá chí féin  
acu,' arsa Fubún ...' (15)

Cuireann clisteacht agus dánaíocht na scigaithrise seo alltacht orm. Seolann an scigaithris an fhantaisíocht ar aghaidh le mire, mar cuireann sí go mór leis an éirim fhonóideach atá mar shainmharc de na scéalta fantaiseacha seo. Ní fhágtar cloch ar chloch bheannaithe an traidisiúin ná an reiligiúin. Tá áiféis ann: 'Scarfaidh mé an hólus ón mbólus agus cuirfidh mé pipirmint i lár na n-uiscí...' (10), agus easurraim:

Creidim san adamh, an bia  
uilechumhachtach, bruthadóir screimhe  
agus allmhain, agus in píosaí  
príosta, a éan-ghlac san, ár liairne,  
a ghabhadh ón troid éabhlóide ...  
(13)

Eascraíonn cuid mhaith den ghreann ó réimse mór tagairtí - ceann acu traidisiún liteartha na Gaeilge. Ní féidir gan gáire faoi stíl bhladhmánach na fiannaíochta atá go forleathan sna scéalta, nó faoi na tagairtí gan choinne mar: líonta

Liombó (197), eagla na seanóirí (205), an fhiagaí  
gíománach agus gach aon bhonnán baoth! Tá macalla  
scigiúil den dráma The Playboy of the Western World  
le Synge ann: 'na hoícheanta fada i ndiaidh na  
Samhna' (52), agus de 'Cúirt an Mheán Oíche' le  
Merriman: 'Bean mhásach chnámhach ghoirgeach  
ghaibhdeach a bhfuil spéaclaí uirthi..' í Dia.  
Tugtar sunc do dhánta agus amhráin ghrá freisin,  
macallaí de na liodáin bheannaithe:

.. is tú mo bhileog bháite ... mo  
chailín phádraig ... mo phlúr an  
phráta ... mo phísín maith, mo  
phréachán na maidine ... (12)

Níl teora leis an ngreann sna scéalta fantaiseacha  
seo. Taithníonn an greann sa scéal 'Quizmháistrí'  
go mór liom, go háirithe an dearcadh a bhí ag  
Vercingetorix i leith a ghairme, dearcadh a  
bhuailfeadh córda i gcroíthe a lán múinteoirí: 'Íosa  
Chríost,' a deireadh sé uair sa bhliain, 'ná habair  
go bhfuilim fós im' mhúinteoir ... Ba chóir dom  
léasadh a fháil.' Agus tá greann sna carachtair: an  
scáilleagán Kronstein, Quizmháistir tanaí a  
d'éalaigh as fear ramhar; Suffrinjaysus a chaitheann  
teoragáin Euclide chuig na bligeaird mar a chaití  
'Críostaithe chun na leoin...' agus Iníon Pharnassus  
a rugadh le cailc ina glaic.

Tá formhór na scéalta scríofa i dteanga réadach, ach na híomhánna is suntasaí is íomhánna neamhréadacha iad, nó íomhánna ina gcastar an rud réadach bunoscionn. Is greannmhar ar fad iad na híomhánna neamhréadacha a chuirtear le hais gnáthíomhánna ins na scéalta, go speisialta ins 'An Tríú Scéal Déag'. Léiríonn an scéalaí an choimhlint idir an dá shaol nuair a deireann sé nach foláir nach raibh fhios ag an aingeal go raibh eitleáin ann anois agus nach raibh gá a thuilleadh le sciatháin! Le hais na conablaigh i nGlasnaíon ag déanamh raice (táid aiséirithe, ach níl cead acu teacht amach), agus aingil ag tiomáint leoraithe lán de chultacha gabhar agus caorach, cloisimid na mangairí sráide ag fógairt na n-uachtar reoite deireannach, fear (gan dabht) ag plé a bhuntáiste gailf agus bean (gan dabht) buartha faoi sorn nár múchadh.

D'fhéach na Foirmeálaithe ar an íomhá mar mhodh chun rud iasachtach a dhéanamh den ghnáthrud. I saothair fhantaiseacha cuirtear íomhánna foclacha agus íomhánna pictiúrtha i láthair atá úr, nua, agus difriúil agus mar thoradh ar seo, cuirtear iachall ar an léitheoir breathnú ar an saol (idir olc is mhaith) as an nua, le hiontas an linbh atá ag féachaint ar rudaí don chéad uair. Go speisialta tugann an fantasíocht dúshlán don rud seasta,

'réadach', agus fearann sí cogadh ar an gcleonadh  
sin atá san duine glacadh le choinbhinsiúin  
litríochta agus chultúrtha i gcoitinne:

Deliberately polemical in tone, Bioy  
offers the fantastic as an antidote  
to the realist text ... All fantastic  
texts question and subvert the real,  
the monological vision of the realist  
text, and the single unitary ways of  
perceiving the world. (King 1987,  
108-109)

CAIBIDIL IV:

Gearrscéalta le Sproule agus Mac Annaidh



Níor éirigh le haon duine fós fantais a chruthú nach bhfuil ceangailte ar shlí éigin leis an domhan ina mairimid. Baineann litríocht fheartaiseach le saol an duine agus cé nach dtugann sí freagraí, déanann sí iniúchadh agus scáthánú. Ní paradacsa é gurb í an fhoirm atá scoite amach ón réadachas a roghnaíonn údair chomhaimseartha chun staid an duine in éiginnteacht an tsaoil seo a léiriú mar is í a thugann an pictiúr is cruinne. Tá éiginnteacht sa litríocht agus is í seo a thugann guth do amhras onteolaíoch agus teileolaíoch an tsaoil ach níos mó ná sin, tarraingíonn sí aird ar an litríocht féin agus ar an tóraíocht le haghaidh foirmeacha nua. Tá glactha leis nach féidir aithris chruinn a dhéanamh trí mheán teanga ar an domhan réadach. Sa litríocht mhetafhicseanach déantar ransú ar an gcoibhneas seo idir an litríocht agus an saol réadach:

Metafiction is a term given to fictional writing which self-consciously and systematically draws attention to its status as an artifact in order to pose questions about the relationship between fiction and reality. (Waugh 1984, 2)

Sin díreach a dhéanann údar an scéil 'Tá Duine Eile ina Chónaí Anseo: Scéal a hAon'. Tá fhios ag an léitheoir láithreach gur cruthú turgnamhach de chuid

an údair é seo. Stopann an scéal i lár abairte, ag tabhairt le fios b'fhéidir go bhfuil leibhéal eile ann freisin. Tá aistiúlacht ag baint le 'Scéal a hAon', scéal faoi fhear scáthach a thagann amach as balla an íoslaidh gach oíche i dteach Eoin agus Eithne agus a dhéanann a chuid féin den teach. Tá macallaí anseo den scéal *The Sick Gentleman's Last Visit* le Papini, ina ndéantar ionchollú de charachtar i mbrionglóid. Cosúil leis an scéal sin, gintear i mbrionglóidí an údair, i ngan fhios dó féin ar uaire, plotaí agus carachtair a nglacann chucu féin saol spleách ar lámh amháin de - ag braith ar an údar - agus saol neamhspleách ar an lámh eile mar ní féidir leis an údar fáil réidh leo nuair a chruthaíonn sé iad.

Sa chéad scéal tagann an fear aníos as an íoslach ach ní mhúsclaíonn sé an lánúin. I 'Scéal a Dó' briseann an cruthú seo go teanntásach isteach ar shaol Sheáin. Bhí Seán ag machnamh ar a shaothar féin agus tháinig sé ar an tuairim nach raibh 'an cineál ceart scéalta' á chumadh aige. Ach ansin, briseann an scéal isteach air:

Bhí sé ina shuí thuas staighre os comhair a chlósscríobháin lá sneachta i dtús an gheimhridh agus é ag meabhrú faoi na rudaí sin. Mhothaigh sé mar a bheadh pairilis ar a intinn.

Leis sin, thosaigh an smaoineamh ag teacht chuige: smaoineamh beag simplí, imir de phlota scéil. Ní fhéadfadh sé a rá cad a bhí tarraingteach nó suimiúil faoin scéal a bhí ag fás ina intinn. Níor scéal i gceart é ach eachtra aisteach gan mhíniú. (61)

Tugann an t-údar a bhreith ar an saothar sara scríobhann sé é agus is é sin go raibh an 'mothúchán saoihiúil a mhúscail sé ann féin' níos tábhachtaí ná an chiall a bhain sé as. De réir mar a nochtáitear an scéal titeann na teorainneacha idir an domhan réadach agus an domhan fantaiseach i dtreo is go bhfuil crot na fírinne ar an eachtra ar fad. Scuabann an scéal an t-údar leis sa chaoi is go mothaíonn sé scéin agus uafás agus go gceapann sé go bhfuil sé ag dul as a mheabhair. Tagann saol lánúine faoi bhrú agus molann a bhean do an cruthú a scriosadh. Tagann an lá nach féidir leis cur suas leis a thuilleadh agus sracann sé an scéal ina phíosaí ach níl aon mhaith ann. Téann sé i ngleic le fear an íoslaigh ag an deireadh agus maraíonn sé é. Tá an scéal curtha síos agus san 'Aguisín' feicimid an t-údar Sproule féin ag tógaint sos ón gclóscríobhán - sara scríobhann sé an t-aguisín!

Bhain Mac Annaidh earraíocht as teicníc den saghas ein i sraith scéalta 'Ocras I', 'Ocras II' agus

'Ocras III'. Tosóidh mé leis an ngearrscéal is giorra dár léigh mé riamh: 'Ocras III'. Téann sé mar seo: 'BRP!'. (Bheadh Beckett bródúil as.) Bhuel, d'fhéadfadh gach duine a chiall féin a bhaint as sin - brúchtadh an línbh ar na cíocha, brúchtadh an phótaire ar an mbuidéal, brúchtadh an ghoilígh mhóir, brúchtadh scríbhneora, brúchtadh geilt ... Is ar éigean go smaoineofá ar chríoch chomh foirfe leis sin ar dhuine a d'ith a chosa féin, a thóin féin, a ghoile féin agus ar deireadh é féin ar fad! Tugtar scéal an duine seo in 'Ocras I' agus in 'Ocras II' sa leabhar Féirín. Scéalta agus Eile.

Bacach é ar an mblár folamh a chaith a chaoga pingin deireanach ar oráistí lucht díolta torthaí ar Shráid Camden, oráistí a bheadh mar bhialón don aistear chuig Cros an Araltaigh agus foinse vitimíní mar leigheas ar phianta na ngéag. Fad a bhí sé ina shuí ar chosán ag ithe oráistí, bhain sé lán a shúl as an gcaillín gorm a d'fhág a rothar ceangailte leis na ráillí iarainn. Thug sé aghaidh ar an mbaile. Ar a shlí dhéan 'conairt ghasúir' é a thimpeallú, ach nuair a nocht sé a shúile, tháinig siad, ar feadh nóiméid, faoi dhraíocht an uafáis. Nuair a labhair sé chaill an nóiméad an t-iontas, mhúscaill na gasúir agus rith siad ina dhiaidh. Fágтар faoin léitheoir

nóiméad an uafáis a mhíniú. An í an diagacht nó an diabhláíocht a chonaic siad?

In Ocras II tosaíonn an t-údar an scéal arís agus déanann sé mionathruithe go dtagann sé chuig an pointe go n-itheann an duine na horáistí ar an gcosán. Sa dréacht seo itheann an leaid roth tosaigh agus adharca an rothair a bhí ceangailte do na ráillí agus caitear isteach i Mointseoigh é. Ar athmhacnamh, nuair a fhaigheann sé ribe de bhréagfholt an bhreithimh ina fhiacra, tuigeann sé go raibh sé sa chúirt. D'ith sé breitheamh, scabhaitéir, clocha an bhalla, agus ar deireadh, é féin. Sara n-itheann sé a lámh dheas fágann sé treoir dóibh siúd a dteastaíonn uathu é 'a leanúint ar an bhealach uasal seo chun na fírinne'. (Más é an leabhar gearrscéalta Féirín, Scéalta agus Eile a thiomna, beimid ag ithe cnónna caocha cosúil le Cítí Barra).

Seo scéal an duine a bhfuil cíocras chun na beatha air; ní hamháin go mblaiseann sé an saol timpeall air, itheann sé é. Slogann sé siar gach rud timpeall mar bíonn sé ocrach de shíor, ocrach don bheatha agus ocrach don bhfírinne. Bíonn rannpháirtíocht aige sa saol ar gach leibhéal: itheann sé an breitheamh agus itheann sé pota an

mhúin ach ní shásaítear an chruimh alpach chraosach sin laistigh. Teastaíonn uaidh gach rud a ghabháil 'gach rud a chur faoi ghlas arís sa bholg, bolg an tsoláthair'. Muna ligfear dó, bagraíonn sé go n-íosfaidh sé é féin. Ach níl an tuiscint chéanna ag coimeádaithe an phríosúin, tar éis an tsaoil, 'Béile is ea béile is ea béile'. Ar thóir na fírinne bhunaidh, déanann sé an gníomh deiridh, glacann sé rannpháirt ina chorp féin. Blaiseann sé dlúthchaidreamh leis féin, géilleann sé é féin dó féin. Lorgaíonn sé an fhírinne ann féin.

Bhí sásamh éigin sa chomaoine seo, bolg an tsoláthair líonta ar deireadh ach, tá nóisean agam gur bhrúcht sé é féin amach san 'BRP' in 'Ocras III' agus go raibh ocras air go fóill ... i saol eile. An é an BRP an deireadh agus an tús? Breith agus an bás? An Alpha agus an Omega? Siombal de chomaoine na beatha? Nó an bhfuil an cumadóir nó an cruthaitheoir ag bualadh bob orainn agus ag magadh fúinn go léir? Nó an é atá sa 'BRP' ná léirmheas ar a shaothar féin, mar is dual don litríocht mhetafhicseanach?!

In providing a critique of their own methods of construction, some writings not only examine the fundamental structures of narrative fiction, they also explore the possible fictionality of the world

outside the literary fictional text.  
(Waugh 1984, 2)

Níl freagra ann 'mar níl aon fhreagraí ag an  
litríocht. Sin í a bua, a seasamh, is a sainghuth.'  
(Titley 1987, 96).

Sé nádúr an scríbhneora bheith ar thóir na fírinne  
agus má fhéachtar ar an scéal seo mar phortráid den  
ealaíontóir d'fhéadfaí a rá go bhfuilid chomh gafa  
le tóraíocht seo na fírinne go bhfuil siad féin  
cailte ann. Ach níl an éalú ag an ealaíontóir, go  
dtagann siad b'fhéidir ar an gcruthaíocht, nó ar an  
gcríoch fhoirfe. Scáthánaíonn sé seo an gá sa duine  
ina shaol leis an gcríoch fhoirfe, an dóchas atá ann  
go bhfuil neamh éigin ar an taobh eile de seo go  
léir. Tá an litríocht fhantaiseach tógtha le  
gnéithe onteolaíocha agus teileolaíocha na beatha:

The fantastic serves not in the  
embodiment of truth but in search  
after truth, its provocation and most  
importantly its testing (Bachtin  
1973, 94).

Tá an tóraíocht sin á rianú in dhá scéal 'Crund'  
agus 'Ar Lorg Dé'. Cé go bhfuilid scríofa sa mhodh  
réadach i gcomhthéacs an chnuasaigh An Taobh Eile,  
áfach, ghlacfaí leo mar dhlúthchuid den bhfantais  
iomlán. Turas fantaiseach é An Taobh Eile a thógann

an léitheoir trí shaol an údair ar lámh amháin de agus trí shaol an duine dhaonna ón bpobal traidisiúnta go dtí an pobal nua-aoiseach, ón taobh seo go dtí an taobh thall. Leiríonn an t-údar i scéalta 'Crund' agus 'Ar Lorg Dé' nach bhfuil freagraí ar fáil ach amháin san amhras féin. Nochtann Sproule an folús i gcroí an duine i scéalta mar 'Crund' agus 'Ar Lorg Dé' agus ansin, conas mar a dhiúltaíonn an duine don bhfoilsíú a fhaigheann sé.

Pobal traidisiúnta a léirítear i scéal 'Crund'. Lonnaigh an fhírinne sna saoithe a bhí i gcomaoín leis na déithe agus 'ní raibh an fear ann ba cháirdiúla leis na Déithe ná níos mó tionchar leo agus leis na hardspioraid' ná Crund. Thug sé aghaidh ar mhainistir na fírinne sna sléibhte ar thóir na rúndiamhra ar a mbunófar ré órga eile. Níor fhill sé agus nuair a théann cúrsaí chun donais sa treabh lean Cuana ar a lorg go dtí na sléibhte. Nuair a d'inis Crund dó go bhfuair sé amach nach raibh déithe ar bith ann diúltaíonn Cuana don bhfírinne sin agus téann sé á lorg é féin. Níor éirigh leis sa tóraíocht agus d'fhill sé ar a threabh. Bhí Crund roimhe áfach, 'saor ón mhíre a bhí air' imithe ar ais ar an gcur i gcéill agus ar an bhaothchreideamh.



Téann an scéalaí in 'Ar Lorg Dé' ar bhus go sléibhte Dhún na nGall ag lorg Dé. Ní fhaca sé Dia sna rudaí thart air, níor tháinig freagra ó Dhia:

An dá luas is a bhí mo chaint ráite  
agam bhí fhios agam nach bhfreagródh  
sé. Nocht éan as an bhfraoch in aice  
liom agus d'éirigh, sé san aer.  
Mhothaigh mé fuacht agus beocht  
an aeir. (54)

Tá fhios aige go ndéarfadh daoine 'soineanta' go raibh Dia i nguth an éin agus i siosarnach na gaoithe ach toisc gur duine réasúnta, loighiciúil é, ní chuirfí an dallamallóg' air. D'fhág sé an Dia balbh ar an gcnoc agus nuair d'fhéach sé siar, ní raibh le feiceáil ach 'fraoch, móin agus carraigeacha.' Níor tháinig sé ar an bhfírinne san athmhachnamh sin, ná san bhraistint chosmach. Níl fhios againn an raibh sé dílis dó féin nó an é gur tháinig a réasúnaíocht idir é agus an creideamh. B'fhéidir nach raibh sé aon phioc níos ionraicí ná Crund a chas, tar éis athmhachnamh, ar an seanchreideamh.

Déileáileann roinnt de ghearrscéalta An Taobh Eile le coimhthiú an duine nó staid an duine atá scartha ón saol nó ó dhuine ina shaol. Úsáideann an scríbeoir íomhána cumhachtacha chun dul i ngleic leis an bpian a fhulaingíonn an duine aonair. Is

uirilis scartha agus aontachta araon iad roinnt de na híomhánna: an abhainn a scarann bruach amháin ó bhruach eile agus a cheanglaíonn, murab ionann is gaibéal, taobh amháin leis an taobh eile; an bus a bhíonn ag teacht agus ag imeacht, ceangal idir áit amháin agus áit eile, cé gur siombal de shíorghluaiseacht, neamhshocracht agus stoiteachas é freisin agus an bás a cheanglaíonn taobh amháin le taobh eile. Níl deighilt iomlán i gceist le híomhánna an bháis sna scéalta ach tá an deighilt níos seasta nuair a chuirtear íomhá an oileáin os ár gcomhair. Sna scéalta 'Turas go lár na cathrach', 'Tuile', agus 'An Taobh Eile' buailimid leis an mac léinn ar an bhus 15A ar feadh na mblianta, leis an bhfear léinn atá gafa leis an saol acadúil agus le fear ag iarraidh glacadh le scaradh óna bhean chéile.

Aistear samhlaíoch é an 'Turas go lár na cathrach' a thugann léargas ar aigne agus ar thréithe mac léinn. Maireann sé ar an bhus céanna ar feadh na mblianta, ag síorghluaiseacht ó áit go háit, scoite amach ón saol leis na gnáthlínte cumarsáide gearrtha - guthán, litreacha, caidreamh lena chairde nó lena chlann. Fanann sé sa bhus ar feadh trí bliana, ag déanamh siléige ar an tráchtas atá faoina chosa ar an urlár, é gafa le grá, le hól, le toitíní, le

fantais éachtúil. Éiríonn leis an bus a fhágáil tar éis trí bliana agus déanann caidreamh leis an domhan réadach: 'Bhí an oíche ag titim, bhí fuiseoga ag ceol sa spéir agus níor bhraith mé aer chomh húr blasta leis.'

Tarraingíodh íomhá chumhachtach sa scéal 'Tuile' d'oileándacht an té ar tí scaradh lena chéile pósta agus de oileándacht shaol na hollscoile. Sí an abhainn an siombal den scoilt sa scéal 'Tuile'. Scar sí bruach amháin ó bhruach eile, taobh amháin ón taobh eile, scar sí fear chéile ó bhean chéile, an fear léinn ón saol timpeall air. D'at agus líon an abhainn ionas gur bádh an chathair agus gur fágadh beirt fhear léinn scoite ar oileán institiúideach, gan ghuthán, deighilte óna bhean, deighilte óna shaol.

Bhí an abhainn chóir a bheith suas le céimeanna na hInstitiúide - ach ní abhainn a bhí inti ní ba mhó ach loch ollmhór, agus ba oileán sa loch sin an talamh a raibh an Institiúid tógtha air. (18)

Ní raibh tásc ná tuairisc den bhrúscar ar an talamh, ná crainn, ná éin, den 'teach beag íseal cloiche' inar mhair Tarlach agus Sally, ná gnáththrioc an tsaoil.

Níor thuig an scéalaí ná a chara Tarlach cad a bhí ag tarlú ach go raibh siad ar oileán agus go raibh daoine i bhfad uathu ar chnoic ghlasa. Níorbh fhéidir le Tarlach fanacht ar an taobh sin agus thug sé aghaidh ar an abhainn mar gur cheap sé go bhfaca sé Sally ar an taobh eile. Fágadh an scéalaí leis féin ag stánadh amach ar an abhainn leathan go dtí gur imigh a chara as radharc agus go raibh 'an chuma air go raibh an taobh eile i bhfad [uaidh]' (19).

Tosaíonn an scéal 'An Taobh Eile' mar a thosaigh 'Tuile', le tús tuarascálach réadach - 'Bhí an t-uisce fuar - chan chomh fuar le huisce na farraige móire ar chósta Thír Chonaill ...' Is solaoid é an taobh eile ar ghéarchéim aigne atá cráite ciaptha, aigne a dhiúltaíonn do choinníollacha nua ina shaol. De réir mar a shleamhnaíonn a ghnáthshaol uaidh, téann Tarlach ar turas go dtí an taobh dorcha den saol. B'fhéidir nach bhfillfidh sé choíche.

Ní raibh rian den institiúid le feiceáil agus bhí Tarlach ar an taobh eile gan a éadaí. Fágann an scéalaí réimse an domhain réadaigh agus siúlann sé ar an taobh eile atá crochta idir na domhan 'fírinneach' agus an domhan iarbháis. Cosúil le 'Scéal i mBarr Bata' a bhréagnaíonn an smaoineamh go raibh riamh tábhacht ag baint leis an indibhid.

Foilsítear an taobh dorcha den saol. Siúlann sé i ngleann an bháis i measc chorpán ar pháirc an áir, buaileann sé le corp phóilín de chuid an R.U.C., éistean sé le hóráidí ar fhrithchogaíocht agus cé nár bhog na corpáin cloiseann sé an bualadh bos agus an gáire. Tuarann an bás deireadh leis an ngrá idir é agus a bhean agus fulaingíonn sé pianta an uaignis agus an éadóchais a ghabhann leis an mbás. Níl aon dóchas le braistint, níl aon aiséirí i ndán dó níos mó ná mar atá don phóilín a ghuíonn gur brionglóid an rud ar fad. Tréigeann an solas a shaol agus leathann scáil an dorchadais timpeall air.

Scáthánaíonn an dorchadas, an fuacht nimhneach, an t-ocras, agus an ciúnas duairceas i gcroí an scéalaí agus i gcroí an chine dhaonna. Solaoid eile atá an-éifeachtach is ea loime an tsuímh agus nochtacht an phríomhcharachtair ag cur i gcuimhne dúinn nach bhfuil aon mhaitheas i dtrealamh an tsaoil ar an taobh eile d'ifreann, ná fiúntas in aon rud.

Mar sin féin, ós rud é nach raibh sé marbh clúdaíonn sé a nochtacht le cóta mór a thógann sé ó shaighdiúir Gearmánach. Briseann an taobh eile isteach air agus cloiseann sé léacht leamh faoi mheadarachtaí. Ar deireadh tagann an bus 15A ar a shlí go lár na cathrach, an bus go dtí an domhan fírinneach. Faigheann sé amach go raibh an turas go

dtí an taobh eile gach ploc chomh fírinneach - tá sé fós ag caitheamh an chóta saighdiúra agus péire fobhrístí, agus níl airgead ina phóca. Is léir áfach, go dtagann sé chun réitigh leis na coinníollacha nua ina bheatha agus fiú muna bhfuil Sally ann, beidh áthas air bheith ar ais ina leaba féin.

In 'Cogadh Doiléir' cuirtear dhá fhís chontrártha in imeartas le chéile, an tsóchúlacht i saol teaghlaigh mheánaicmigh a sheasann don ghnáthshaol agus réadacht dhubh bhagarthach scanrúil an chogaidh núcléigh a scriosann an saol sin. Léirítear an duine ag maireachtaint lena cheann sáite sa ghaineamh, glantógtha le cúraimí beaga a shaoil ina oileán beag de 'thithe beaga néata .. faoina bhfaichí beaga glasa'. faoi spéir gheal ghorm. Tá a aisling féin ag Seán Collins, é lánsásta leis féin agus lena shaol go dtí go dtagann Dick Gantz chun agallamh a chur air le haghaidh an leabhair atá á scríobh aige faoin gcogadh núicléach atá tar éis titim amach. Séanann Seán gur thit buamaí ar an gcathair, bhí trua aige fiú don ghealt a dhéanann iarracht a shúile a oscailt agus a áitíonn air 'aghaidh a thabhairt ar an bhfírinne, dá uafásaí é'. Freagraíonn Seán gurb í 'an fhírinne lom' nár thit buama ar bith. Ach, féachann sé ar a chraiceann mín

donn agus samhlaíonn sé na spuaiceanna a bhí le feiceáil ag Dick. Don chéad uair téann Seán i ngleic le réadacht an chogaidh núicléigh agus athraíonn an radharc:

Shamhlaigh mé an teach a bhí agam,  
teach suarach déanta go garbh de  
phíosaí iarainn agus adhmad dóite  
agus mo ghiotár briste...  
Shiúil mé amach in éineacht leis agus  
chonaic mé an talamh dubh agus an  
spéir liath agus shamhlaigh mé  
corpáin dhóite mo mhná céile ...  
D'imigh Dick uaim i measc na  
bhfothrach.' (30)

Ar deireadh thiar áfach, ní féidir leis glacadh le cliseadh na haislinge agus in ionad aghaidh a thabhairt ar oileándacht a shaoil agus ar bhaois na beatha filleann sé ar an réadacht mar a fheiceann sé féin é ... spéir gheal ghorm agus cúpla iora ar an gcrann agus craiceann maith ar gach rud.

Sí an intinn atá gafa i meaisín i saotharlann i measc an trealaimh theicneolaigh in 'Macasamhail' an fómhá is foirfe de choimhthiú an duine. Ní hamháin go bhfuil intinn nó cóip d'intinn Sheáin Uí Cheallaigh scoite amach ón saol, tá sé scoite amach uaidh féin. Ní féidir leis caidreamh a dhéanamh leis an saol mar tá uirlisí an chaidrimh imithe - an corp. Is beag seans go gcuirfidh éinne eile ar a chumas é féin a chur in iúl, fiú amháin an t-eolaí

Peadar a dhein an taifeadadh beo seo. Toisc nach féidir leis caidreamh a dhéanamh leis an saol tá géarchéim aitheantais aige, níl fhios aige go cinnte cé hé féin. Roibeáilleadh an féinaitheantas sin a bhí aige agus é ag fás aníos. Bhí fhios aige cérbh é agus cárbh as dó, ach, sa saol coimhthíoch ó d'fhág sé a áit dhúchais, braitheann sé aduaine agus coimhthíú. Is geall le pairilis é mar nach féidir leis gnáthchaidreamh a chur ar bun le héinne. Aithníonn sé go bhfuil daoine eile ag fulaingt géarchéim intinne agus an t-uaigneas a ghabhann leis. Tá an chéad chuid den scéal seo réadach, plódaithe le trealamh an réadachais idir shonraí beathaisnéisiúla, chur síos tuarascálach ar an suíomh, rianú ar an gcarachtar - 'bhí mé láidir, neamhspleách ar dhóigh ...' agus scéal le hinsint. Athraíonn sin nuair a bhogaimid isteach i réim na fantaisíochta agus níl ann ach an tsaotharlann agus na meaisíní.

Coimhthíú de shaghas eile atá i gceist sa scéal 'Sic Transit Gloria Mundi' - coimhthíú ó chomhghleacaithe, coimhthíú inmheánach, coimhthíú ón reiligiún agus coimhthíú deiridh an bháis. Luaigh mé 'Na Cairde' le S. Ocampo i gCaibidil a Dó, gearrscéal atá suite san réimse cheobhránach sin atá crochta idir Dia agus an diabhal. Sa scéal sin



éilíonn buachaill aonarach a raibh cuma na naofachta air, gurb eisean faoi deara na tubaistí go léir a tharla sa chomhphobal sin. Tá fhios ag a chara óg go ndearna sé socrú leis an diabhal agus beartaíonn sí go dtabharfaidh sí an caidreamh sin chun solais. Griogann sí é ionas go nguíonn sé bás uirthi. Ag an nóiméad deiridh iompaíonn sé an chumhacht mharfach air féin agus ní féidir leis é féin a shábháil - uaidh féin nó pé cumhacht a ghlac seilbh air. Ar an dromchla tá cosúlachtaí idir an scéal seo agus scéal a scríobh Mac Annaidh, 'Sic Transit Gloria Mundi', faoi dhuine gafa ag fantaisí reiligiúnda agus a chuireann lámh ina bhás féin.

An choimhlint idir Ifreann agus Neamh in anam an duine agus an t-éadóchas a leanann í is ábhar don ghearrscéal seo. Tá an príomhcharachtar, Tomáisín, a raibh cuma na naofachta air, gafa idir an mhaith agus an t-olc, é 'ag éalú arís is arís eile ón mhórsheachrán a bhí de shíor ag bagairt air'. (16) Go luath ina shaol, i lár Aifreann na Nollag, mhothaigh Tomáisín fuath ina chroí 'a chuirfeadh a lámha ar crith ', fuath a d'fhás agus a mhéadaigh. De réir a chéile chúlaigh sé ó ghnáthchomhlúadar agus chaith sé a chuid ama leis féin nó leis an Leaid Fada a bhí mar dheartháir aige, ach, a chuir smacht air ag an am céanna. Scáthánaíonn

tromluíonna an Leaid Fhada inar déanadh corp a sciúirseáil géarchéim anama an bhuachalla.

I dtéarmaí síceolaíocha d'fhéadfaí a rá go bhfuil Tomáisín i ngleic le taobh scáilleach a phearsan, leis an bhfuath ina chroí, leis na hainmhianta agus dúileanna míchuíosacha eile atá á smachtú. Sé an Leaid Fada an t-olc pearsanta a theilgtear amach. Tá na dúileanna seo á chiapadh agus á chéasadh mar is léir ón tromluí ach ní theastaíonn uaidh dul i ngleic leo. Ní bhaineann na tromluíonna sin leis, baineann siad leis an Leaid Fada. Sa tríú tromluí feiceann sé gurb é an Leaid Fada atá á chéasadh agus faigheann sé réidh leis. Séard atá sa chéad chrochadh ná iarracht an taobh scáilleach a smachtú. Crochann an Leaid Fada é féin agus tógann scríbhinní Tomas à Kempis a áit: 'Shíl sé go raibh Críost sa phóca aige ... bhí sé mar thaca aige gan aon amhras chomh luath is a mhothaíodh sé cuislí na ndrochsmainte ina intinn.' D'admhaigh sé go raibh sé ró-dhéanach agus bhí fhios aige nach raibh na freagraí sa leabhar. Ní raibh fhios aige, áfach, 'go raibh rud ar lár istigh ann féin - creideamh.'

Cheap sé go raibh an cath á bhuachan aige ach tagann laghmhisneach air nuair a thuigeann sé 'cé chomh seachantach is a bhí an creideamh is cé chomh mór is

a bhí an tOlc thart air' (26). I ngníomh siombalach amháin caitheann sé an leabhar cráifeach san abhainn agus d'imigh an dóchas a bhí ina chroí dála na bhféinniar an uisce. Mothaíonn sé an fuacht agus an dusta faoin a bhróga sa scioból ina gcrochann sé é féin.

Mar is léir ón teideal 'Sic Transit Gloria Mundi', tagann an scéal faoi anáil throm na Meánaoise, é luchtaithe le híomhánna a bhaineann le diagacht na linne sin agus le scríbhinní an údair mhóir chráifigh Tomas à Kempis. Baineann an chéad fhocal 'Dusta' le traidsiún an *memento mori* ag meabhrú dúinn 'An corp sa chré tar 'éis 'na charn-thruaill chrumh, / Nár mhair fá réim sa tsaoghal acht sealad suarach' (Dán na mBráthar, 1, 331-5). Is tuar é do shaol gairid corraithe Thomáisín. Cuireann na tromluíonna Cúistiúnachtaí na Meánaoise agus ifreann i gcuimhne dúinn, le figiúirí le cochaill ag sciúirseáil an íobairtaigh nocht atá sáite ar choinnleoir dubh gabhain. Tá an diabhal sa Leaid Fada agus an t-olc san bhfuacht a bhí ag siorradh tríd an scéal ar fad.

Cumhacht neamhshaolta de shaghas eile atá i gceist sa scéal 'Crann Aonair' (Mac Annaidh) ag cur i gcuimhne dúinn go bhfuil draíocht i gcónaí sa saol.

Is iontach cumhachtach an t-íomhá sin, crann aonair, ag seasamh go daingean i bpáirc ar thaobh an chnoic agus an tír mháguaird ag teacht faoin a scáil:

Thit an fhearhainn ... mar a bheadh sí ag iarraidh na claíocha, na páirceanna, na tithe cranda agus na daoine docheansaithe a scriobadh chun siúil, sa dóigh nach mbeadh fágtha ach clocha, cré, féar, luifearnach agus crann uaigneach amháin i gceannas ar an áit. (28)

Ba dhuine de na daoine docheansaithe é John, a bheartaigh go gceansódh sé an sliabh 'd'ainneoin gur theip ar na glúnta uilig rompu', ainneoin tuar na baintrí go mbeadh sé marbh 'taobh istigh de bhliain', ainneoin go bhfuair a sheanmhádadh bás 'tráthnóna gaofar amháin agus í ag caoineadh os ard', ainneoin gur stop an clog. Go dtí gur éag a dheartháir Willie ba é an crann aonair an bac ba mhó ach anois, nuair a leagfadh sé é bheadh deireadh go deo le cumhacht na piseoige a rialaigh daoine an cheantair. De ruathar mallaithe thug sé faoi ach fuarthas a chorp ar maidin 'ina luí faoi chrann agus léine fhada bhán oíche air'. Theip air agus mhair mallacht an bháis ar 'liopaí sheargtha' Bhríd: 'Roimh bhliain, a Bhaintreach, roimh bhliain.'

Is meafar don bhfantaisíocht féin an choimhlint sa scéal sin idir an timpeallacht agus an duine, idir

an seansaol agus an saol nua-aoiseach, idir domhan  
amháin agus domhan eile. Is coimhlint í an  
fhantaisíocht idir dhá dhomhan - ceann faoi réir ag  
dlíthe an nádúir agus ceann nach bhfuil.

CONCLÚIDI

Is léir go bhfuil scoth de ghearrscéalta comhaimseartha na Gaeilge gafa leis an bhfantaisíocht. Ní haon ionadh agus an domhan mar atá, go bhfuil an litríocht, faoi mar a chonacamar i gCaibidil a Trí agus a Ceathair:

shot through with strangeness or shot through in time, or set upon imaginary planets, or dissolved into the phantasmagoria of drugs or of psychosis, or may rise from the mundane suddenly into the visionary and as simply descend from it again (Borges et al, 14)

Is í an litríocht fhantaiseach is fearr a thugann guth do ghuagacht agus do éiginnteacht ár linne. Ní litríocht í atá scoite amach ón réadacht ach a mhalairt: déanann sí iniúchadh ar an saol, téann i ngleic leis agus léiríonn sí é lena iontaisí go léir agus lena uafáis go léir.

Is í an litríocht fhantaiseach féin is fearr a áitíonn go mbaineann scríbhneoireacht réadach le tuairisceoireacht níos mó ná le litríocht. Sa ghearrscéal réadach bíonn an fráma reoite. Bíonn na carachtair iata isteach i dtmpeallacht réadach, bíonn ionad coitianta agus am áirithe i gceist, bíonn fuascailt faidhbe agus deireadh scéil ann. Sa ghearrscéal fantaiseach bíonn slios amháin ar a

laghad den bhfráma ar iarraidh, sin nó bíonn an fráma féin ar iarraidh. Ní fhanann na carachtair i gcluaiséidíní, ní fheacann am ná spás do rialacha socair na cruinne, bíonn mistéir agus míorúiltí ann. Cuireann gach scéal fantaiseach ar ár gcumas breathnú as an nua ar gach rud agus gan a bheith cosúil leis an *automaton* a thiteann isteach i ngnásanna agus leanann ar aghaidh ar leathshúil nó ar leathchluas:

People living at the seashore grow so accustomed to the murmur of the waves that they never hear it. By the same token, we scarcely ever hear the words that we utter... We look at each other but we don't see each other any more. Our perception of the world has withered away, what has remained is mere recognition.  
(Sklovskij 1923, 11)

Briseann na gearrscéalta fantaiseacha comhaimseartha orainn mar thontracha fionnuara agus muna mbaineann siad dár mbonnaibh féin sinn, is cinnte go músclaítear sinn as ár suan, i dtreo is go mbreathnaímíd ar an saol le súile atá oscailte, le hintinn atá glanta agus le meon atá ar dianleathadh:

Is í aibhléis na neamhréaltachta, mar a ghintear sa tsamhlaíocht í, is túsce a mhúsclaíof as a suan. (Ó Doibhlín g. d., 17)



Litríocht fhiúntach, dhúshlánach, agus shaoithiúil atá i ngearrscéalta comhaimseartha na Gaeilge agus éiríonn thar barr leis na húdair dualgas an ealaíontóra, mar a fheictear do Erlich é, a chóimhlíonadh:

It is the inexorable pull of routine, of habit, that the artist is called upon to counteract. (Erlich 1981, 177)

Buaileann sí buille ar son na saoirse chomh maith. Cé gur cuid thábhachtach dár ndúchas í an litríocht fhantaiseach is í a léiríonn go bhfuil uilíochas bainte amach ag litríocht Ghaeilge ár linne féin, litríocht a sháraíonn cúigeachas agus cúngachas, litríocht a bhriseann sreang an imleacáin agus a ghlacann chuici féin saoirse nua.

Foinsí

- Allen, W. , The English Novel, London, 1958.
- Allen, W. , The Short Story in English, Oxford,  
1981.
- Apter, T. E. , Fantasy Literature - An Approach to  
Reality, Indiana U.P., Bloomington,  
1982.
- Bakhtin, M. , Problems of Dostoevsky's Poetics,  
aistriú ag R.W. Rotsel, Ardis, 1973.
- Bates, H. E. , The Modern Short Story. A Critical  
Survey, London, 1945.
- Borges, J. L. , The Book of Fantasy, edited by  
Borges, J. L. , Ocampo, S. , Casares,  
A. B. , Black Swan, London, 1990.
- Breathnach, P. , "Filíocht an Ghearrscéil",  
Irisleabhar Mhá Nuad, 1978.

- Caerwyn Williams, J. E., Traidisiún Liteartha Na  
agus Ní Mhuiríosa, M., nGael, An Clóchomhar Tta.,  
Baile Átha Cliath, 1979.
- Cahalan, J. M., The Irish Novel, Dublin, 1988.
- Carney, J., Studies in Irish Literature and  
History, Baile Átha Cliath,  
1955.
- Chadwick, N. K., "Scéla Muicce Meicc Da Thó", Irish  
Sagas. M. Dillon ed., 1985.
- Chekhov, A., Collected Works. Volume Three. Raduga  
Publishers, Moscow, 1989.
- Cuddon, J. A., "Realism" in A Dictionary of Literary  
Terms, London, 1977.
- Deane, S., A Short History of Irish Literature.  
London, 1986.
- Dickens, C., Hard Times eds. Ford, G., and Monod,  
S., New York, 1966.
- Dillon, M., Irish Sagas, edited Dillon, M., Dublin  
and Cork, 1985.

- Erlich, V., Russian Formalism: History - Doctrine,  
Yale University Press, New Haven and  
London, 1981.
- Fallis, R., The Irish Renaissance. an introduction  
to Anglo-Irish Literature, Dublin,  
1978.
- Hume, K., Fantasy and Mimesis, Methuen, New York  
& London, 1984.
- Jackson, K. H., The oldest Irish tradition: a window  
on the Iron Age, 1964.
- A Celtic Miscellany, translations  
from the Celtic Literatures, Penguin,  
1971.
- Jackson, R., Fantasy: The Literature of Subversion,  
Routledge, New York & London, 1981.
- Kiely, B., Modern Irish Fiction - A Critique,  
Dublin, 1950.
- King, J., Modern Latin American Fiction:  
A Survey, London, 1987.

- Lodge, D. , The Modes of Modern Writing. Edward Arnold Ltd. , London, 1977.
- Mac Cana, P. , "Conservation and Innovation in early Celtic literature", Études Celtiques 13, 1971.
- Mac Giolla Léith, C. , "Ding agus Scéalta Eile", Comhar, Bealtaine, 1983.
- Manguel, A. , Black Water, The Anthology of Fantastic Literature. London, 1983.
- Marcus, D. , The Sphere Book of Modern Irish Stories. London, 1972.
- Maupassant, G. de, Selected Short Stories. translated by Colet, R. , Penguin, 1971.
- McCone, K. , Pagan Past and Christian Present. An Sagart, Maynooth, 1990.
- Mc Hale, B. , Postmodernist Fiction. New York, 1987.

Murphy, G., Saga and myth in ancient Ireland,  
1961.

Ní Dhonnchadha, A., An Gearrscéal sa Ghaeilge 1898 -  
1940, An Clóchomhar Tta., Baile  
Átha Cliath, 1981.

Nic Eoin, M., An Litríocht Réigiúnach, Clóchomhar  
Tta., Baile Átha Cliath, 1982.

Ó Cadhain, M., An tSraith ar Lár, Sáirséal agus  
Dill, Baile Átha Cliath, 1967.

Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca,  
Clóchomhar, Baile Átha Cliath, 1969.

Ó Conaire, P., An Claidheamh Soluis, 12-12-1908.

Ó Conaola, D., Comhar, Nollaig, 1987.

O'Connor, F., Stories by Frank O'Connor, New York,  
1956.

Collected Stories Vol. 1, Pan Books,  
London, 1990.

Ó Corráin, D., "Irish origin legends and genealogy; recurrent genealogies", History and heroic tale. A symposium. Nyberg, T. et. al., 1985.

Ó Doibhlín, B., Aistí Critice agus Cultúir.  
Foilsíúcháin Náisiúnta Teoranta,  
Baile Átha Cliath, g.d.

"Smaointe ar Chúrsaí na  
Próslitríochta", Comhar. Lúnasa 1984.

Ó Droighneáin, M., Taighde i gComhair Stair  
Litridheachta na Nua-Ghaedhilge ó  
1882 Anuas. Baile Átha Cliath,  
1936.

Ó Dúshláine, T., An Eoraip agus Litríocht na Gaeilge  
1600 - 1650. Baile Átha Cliath,  
1987.

Olsen, L., Ellipse of Uncertainty. Greenwood  
Press, New York, 1987.

Rabkin, E. S., The Fantastic in Literature.  
Princeton, 1976.

Reid, I., The Short Story, Methuen, London & New York, 1977.

Schneider, M., La littérature fantastique en France, Fayard, Paris, 1963.

Scholes, R., Structural Fabulation: An Essay on Fiction of the Future, Notre Dame, 1975.

Silverman, K., The Subject of Semiotics, Ó. U. P., New York, 1983.

Sklovskij, V., Literatura i kinematograf, Berlin, 1923.

Titley, A., 'The Disease of the Irish Short Story', Hibernia, Feabhra 1980.

Litríocht na Gaeilge, Litríocht an Bhéarla, agus *Irish Literature*', Scríobh 5, 1981.

"An Tallann Dálach, Lope de Vega, agus Creach na Maidine", Irisleabhar Mhá Nuad, 1983.



- Titley, A., Eiriceachtaí agus Scéalta eile  
An Clóchomhar Tta, 1987.
- An tÚrscéal Gaeilge. Baile Átha  
Cliath, 1991.
- Todorov, T., The Fantastic: A Structural Approach  
to a Literary Genre, aistriú ag R.  
Howard, London, 1973.
- Tremayne, P., Irish Masters of Fantasy An  
Anthology, edited Tremayne, P.,  
Dublin, 1979.
- Trenker, S., The Greek Novella in the Classical  
Period, Cambridge, 1958.
- Vernant, J.-P., "The reason of myth", Myth and  
society in ancient Greece, 1974.
- Waugh, P., Metafiction: The Theory and Practice  
of Self-Conscious Fiction, London &  
New York, 1984.
- Wellek, R., Concepts of Criticism, New Haven &  
London, 1963.